Aithnímid gur riachtanach láidreacht agus doimhneacht an chumais agus an eolais a fhorbairt má táimid lenár ról a chomhlíonadh le cúrsaí fuinnimh a athrú ó bhonn.

- Is iad na hoibrithe san eagraíocht atá riachtanach lenár sainchúram a chomhlíonadh mar eagraíocht eolasbhunaithe. Cé gur luas ní ba mhoille a bhí ann ná mar a bhí beartaithe againn sa Phlean Straitéiseach, rinneamar forbairt ar fhás na heagraíochta agus d'earcaíomar daoine nua.
- Chuireamar breis is 600 lá oiliúna foirne ar fáil a bhain le réimsí éagsúla, cuir i gcás: sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht feidhmíochta, scileanna TF, cibearshlándáil, cosaint sonraí, saoráil faisnéise, feasacht fuinnimh agus oiliúint d'agallóirí.
- Chuireamar struchtúir i bhfeidhm le forbairt agus oiliúint ceannaireachta a sholáthar ar shlí inrochtana (obair a thosaigh go luath in 2025).
- Chuireamar lenár gclár ionduchtaithe agus tá oiliúint éigeantach ann anois chomh maith le córas carad d'fhostaithe nua.

Ós tharla gur cuspóirí leanúnacha iad, cuirimid leis an iarracht ó bhliain go bliain, féachaimid le níos mó a dhéanamh agus lenár seirbhísí do shaoránaigh, pobail, gnólachtaí agus don earnáil phoiblí a fheabhsú i gcónaí. Leagtha amach thíos tá cuid de na táirgí agus torthaí insólathartha in 2024 lena ndéanaimid rath ár n-iarrachtaí a mheas.

PLÉ LE BAILL FOIRNE AGUS TACAÍOCHT DÓIBH

Agus an straitéis á baint amach, aithnímid an tábhacht a bhaineann le lucht saothair ardoilte tiomanta agus cultúr san eagraíocht a léiríonn ár luachanna.

- Chuireamar moltaí i bhfeidhm a tháinig as an iniúchadh ar chultúr in 2023 agus rinneamar iniúchadh meoin ar an gceathrú inoiriúnaitheachta in 2024. Ba chúis sásaimh dúinn feabhas suntasach a fheiceáil ar scóir sa cheathrú seo thar thréimhse dhá mhí dhéag.
- Chuireamar an obair i gcrích ar Straitéis ar Eispéireas an Chustaiméara agus béim láidir inti ar rannpháirtíocht na foirne agus ceangal le custaiméirí.
- Tá an comhionannas, éagslacht agus ionchuimsitheacht i gcoilár Straités Daoine na heagraíochta, mar sin cúis sásaimh a bhí ann an Creidiúnú Airgid don Éagsúlacht ó Ionad na hÉireann don Éagsúlacht a choinneáil in 2024.

CREAT LÁIDIR RIALACHAIS MAR BHONN FAOI

Déanaimid na córais a mhonatóiriú agus a fheabhsú go leanúnach leis na caighdeáin is airde den rialachas corparáideach a bhaint amach.

- Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta againn leis an Roinn Aeráide, Comhshaoil agus Comhshaoil. Neartaíonn na comhaontuithe seo na socruithe foirmiúla atá ann don tuairisciú agus maoirseacht ar obair SEAI.
- Chloíomar leis an dea-chleachtas arís i gcúrsaí rialachais agus bhí béim leanúnach ann ar an oiliúint ar réimse réimsí rialachais, rialacháin agus caighdeáin nua agus fhorásacha ina measc.
- Tá próiseas gníomhach rannpháirteach againn le rioscaí a shonrú agus a bhainistiú.
- Chuamar faoin Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil le linn 2024, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is iad PwC a rinne an t-athbhreithniú thar ceann na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mBealtaine 2025.

SAORÁNAIGH AGUS POBAIL

Is sa bhaile is gá dúinn tús a chur leis an aistriú fuinnimh in Éirinn. Na bearta a dhéanaimid le gur áiteanna níos inbhunaithe ags níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a bheidh inár n-áit chónaithe, is ó na bearta sin a thiocfaidh an t-athrú ar an gcóras ar bhonn níos leithne. Má bhíonn an baile níos teo beidh sé níos sócúlaí agus níos tíosaí, agus níos fearr don chomhshaol dá bharr.

Is é SEAI an Comhlacht Náisiúnta Soláthair Iarfheistithe agus, mar sin, an bhunchloch le háiteanna cónaithe ar fud na hÉireann a athrú ó bhonn ar scála mór. Tugann SEAI comhairle phraiticiúil agus tacaíocht airgid le go mbeidh an chumhacht ag teaghlaigh aistriú ar shiúl ó bhreoslaí iontaise. Tá a lán roghanna cruthaithe ann ag sealbhóirí tí le hathruithe a dhéanamh ar na bealaí a n-úsáideann siad fuinneamh. Tá SEAI anseo le cuidiú leo ar gach céim den turas. An cuspóir atá ann áiteanna cónaithe tíosach ar fhuinneamh a normalú agus tacú le úinéirí tí, gairmithe sa tionscal agus lucht ceaptha beartas ar an aistear go saol saor ó charbón.

Rinneadh athchóiriú fuinnimh ar ní ba mhó tithe in 2024 ná riamh roimhe. Cuireadh beagnach 54,000 uasghrádú ar thithe i gcrích. Mar chuid de sin, rinneadh uasghrádú saor in aisce ar bhreis agus 7,700 teach a bhí buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh faoin Scéim um Thithe níos Teo. As na tithe ar fad a ndearnadh uasghrádú orthu, baineadh rátáil B2 BER nó os a chionn amach i gcás beagnach 22,000 ceann acu, teaschaidéil i gceist le 3,609 ceann acu. Maille leis sin, chláraigh seai sé lonad Ilfhreastail eile, a d'fhág go raibh 24 ceann acu ar fad ann faoi dheireadh na bliana. Mar sin, cuireadh leis an gcumas sa mhargadh agus an rogha atá ag úinéirí tí.

Aithníonn SEAI go bhfuil an costas ar cheann de na bacainní is mó a bhaineann le huasghrádú fuinnimh tí. Agus tacaíocht ann ó SEAI, tháinig feabhas suntasach anuraidh ar an teacht a bhí ag duine ar mhaoiniú. Sheol Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann an Scéim Iasachta úis isil le haghaidh Uasghrádú Fuinnimh Tí. Féadfaidh úinéirí tí suas le €75,000 a fháil ar iasacht ar rátaí úis níos ísle ná roimhe le go mbeidh a dtithe níos teo agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de.

Thug SEAI faoi chonstaicí eile a réiteach anuraidh ó thaobh iarfhéistithe de. Sheolamar an Treoirthionscadal um Iarfheistiú Tithe Traidisiúnta le go mbeadh teacht ag úinéirí tithe traidisiúnta ar thacaíocht deontais trí sheirbhís an Ionaid Ilfhreastail a fhágann go mbíonn teacht níos fearr ag úinéirí tí ar an iarfheistiú. Chuireamar le scéimeanna deontais SEAI le go gcuirfí san áireamh iontu tithe damáistithe ag bloic lochtacha coincreíte ina bhfuil barraíocht míoca nó pírite.

Agus méadú ar an líon tithe a fhaigheann uasghrádú fuinnimh tí, caithfear cur leis an líon oibrithe i réimse an iarfheistithe le go mbeifear in ann freastal ar an éileamh. D'oibrigh SEAI anuraidh i gcomhar le SOLAS agus Boird Oideachais agus Oiliúna leis an gclár Scileanna Glasa a sheoladh ina

dtugtar tacaíocht do ghnólachtaí atá ag iarraidh a gcuid oibrithe a fhorbairt ó thaobh forbairt scileanna agus scileanna úra de.

D'iarramar ar úinéirí tí deireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise i bhfeachtas feasachta náisiúnta, rud a mhéadaigh rannpháirteachas úinéirí tí agus an t-éileamh ar uasghrádú fuinnimh tí. Sheol SEAI Tairseach Uasghrádaithe Fuinnimh Tí chomh maith le go mbeadh sé ní b'fhusa d'úinéirí tí roghanna deontais a fhiosrú.

Is sa bhaile is gá tabhairt faoin inbhuanaitheacht ar dtús, ach bíonn an tionchar ón méid sin le brath sa phobal iomlán le go mbeidh meon úr ann faoin

úsáid fuinnimh in Éirinn. Tugann SEAI tacaíocht do thionscadail éagsúla i bpobail ar fud na hÉireann gach bliain trí Scéim an Deontais Fuinnimh Pobail. Tríd an gclár seo, thacaigh SEAI anuraidh le tionscadail uasghrádaithe fuinnimh a bhain le 681 teach agus 195 ionad tráchtála agus €41 milliún de dheontais ann.

Tá SEAI níos díograisí anois ná riamh faoin iarfheistiú a bhaint amach ar scálú níos mó ionas go ndéanfar dul chun cinn suntasach in Éirinn i dtreo na spriocanna do 2030.

Ní mór dlús a chur leis an uasghrádú fuinnimh. Táimid dúthachtach faoi chuidiú leis an bpobal cinntí a dhéanamh agus gach céim de thuras an chustaiméara a fheabhsú. Is gá rud tarraingteach a dhéanamh de theaschaidéil le go dtiocfaidh méadú suntasach ar an nglacadh leis an teicneolaíocht sin agus chun tacú leis an aistriú ar shiúl ón téamh breoslaí iontaise. Caithfear an comhar leis an tionscal a neartú leis an méadú ar an éileamh ar shuiteáil teaschaidéal a shásamh.



22K

uasghrádú
chuig B2

54K

uasghrádú
fuinnimh tí

SÉ CINN
EILE

d'Ionaid Ilfhreastail
cláraithe

“An dúshlán atá ann ná an t-éileamh ar uasghrádú fuinnimh tí a spreagadh agus a shásamh agus, leis sin a dhéanamh, infheistíocht leanúnach a dhéanamh san oiliúint agus scilbhisiú le go mbeidh lucht saothair oilte iarfheistithe ann agus dul i ngleic le dúshlán sa slabhra soláthair le go mbeidh trealamh agus teicneolaíocht ar fáil i rith an ama don obair.”

“Tugaimid eolas agus cumhacht do thiománaithe le haistriú go feithicil leictreach. In 2024, dhíolamar deontais as breis agus 12,000 feithicil leictreach agus breis agus 16,400 luchtaire baile feithicil leictreacha.”

12K

deontas feithicil leictreacha íoctha

7,7K

uasghrádú ar
thithe
fuinneamhbhocht

AON
TRAIN

de na freagróirí ó
thriail flít atá tar éis
feithicil leictreach
a cheannach

Caithfimid na constaicí atá ann a sháru ó thaobh uasghrádú fuinnimh tí de agus cur leis an gcúnamh airgid agus praiticiúil a bhíonn ar fáil do theaghlach ísealioncaim le go mbeidh teacht go cothrom ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus leis an Scéim um Thithe níos Teo a fhorbairt le go mbeidh tuilleadh úinéirí tí cáilithe in ann leas a bhaint aisti.

An dúshlán atá ann ná an t-éileamh ar uasghrádú fuinnimh tí a spreagadh agus a shásamh agus, leis sin a dhéanamh, infheistíocht leanúnach a dhéanamh san oiliúint agus scilbhisiú le go mbeidh lucht saothair oilte iarfheistithe ann agus dul i ngleic le dúshlán sa slabhra soláthair le go mbeidh trealamh agus teicneolaíocht ar fáil i rith an ama don obair.

Má dhírímid ar na príomhréimsí seo, beimid in ann an t-aistriú fuinnimh in Éirinn a bhrú chun cinn le go mbeidh tithe níos sócúlaí, níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos inbhunaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

SOGHLUAISTEACHT

Cuid lárnach den aistriú fuinnimh in Éirinn ná feithicil leictreacha toisc gur cuidiú iad le laghdú a bhaint amach ar astaíochtaí carbóin iompair, arb iad siúd timpeall 40% de na hastaíochtaí fuinnimh ar fad in Éirinn.

Má táthar chun an sprioc sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach agus astaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030, ní mór timpeall leathchuid den líon náisiúnta carranna a aistriú go feithicil leictreacha. Faoi dheireadh 2024, bhí 82,000 feithicil uile-leictreach agus 66,000 feithicil hibrídeach plugála ar an mbóthar. Tugaimid eolas agus cumhacht do thiománaithe le haistriú go feithicil leictreach. In 2024, dhíolamar deontais as breis agus 12,000 feithicil leictreach agus breis agus 16,400 luchtaire baile feithicil leictreacha. Thugamar deontas nua isteach do mhóipéidí agus gluaisrothair leictreacha.

D'fhoilsíomar an chéad tuarascáil ar Thriail an Fhlít Tráchtála Feithicil Leictreacha in 2024. Sa triail flít feithicil leictreacha seo, iarradh ar 187 gnólacht carr nó veain a thriail ar feadh trí mhí agus cuireadh réiteach luchtaithe ar fáil dóibh. Chuir 35% díobh siúd a thug freagra ar an suirbhé i ndiaidh na trialach in iúl go bhfuil feithicil leictreach amháin ar a laghad ceannaithe acu don ghnó. Bhí beartaithe ag 53% eile acu feithicil leictreach a cheannach sa tréimhse 12-24 mhí ina dhiaidh. Léiríú atá anseo ar an mbuntáiste atá ann do ghnólachtaí deis a bheith acu oiriúnacht feithicil leictreacha dá ngnólachtaí a mheas agus a thástáil go mion.

POBAIL AGUS OIDEACHAS

Chláirigh breis agus 100 Pobal nua Fuinnimh In-athnuaite lenár líonra. Níos mó ná 900 pobal atá ann anois. Thacaíomar le 33 Máistirphlean Fuinnimh agus rinneamar 270 imeacht pobail a éascú. D'fhoilsíomar teicneolaíocht úr nuálach ar líne, Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus deaiseanna sonraí, a chuir faisnéis áitiúil fuinnimh ar fáil do phobail. D'fhorbraíomar sraitheanna straitéisí agus d'fhoilsíomar an chéad tuarascáil um maoiniú sochair pobail, dhá chineál acmhainne a bheidh mar chuidiú do phobail a mbealach a dhéanamh trí na córais agus próisis atá ann do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. Táimid ag súil le fáilte a chur roimh an míliú Pobal Fuinnimh In-athnuaite go dtí an líonra againn in 2025. Beidh slógadh náisiúnta againn le deich mbliana den chlár a cheiliúradh. Treabhfaimid ar aghaidh ag obair le pobail le treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bheidh páirteach sa scéim tacaíochta nua don fhuinneamh in-athnuaite ar scála beag.

Sa chlár oideachais agus óige, thugamar breis agus 900 ceardlann i mbunscoileanna agus meánscoileanna, chomh maith le níos mó ná 30 cúrsa oiliúna do mhúinteoirí don fhorbairt ghairmiúil leantach.

UASGHRÁDÚ TITHE AGUS POBAL



“ Muidne a rinne cúram den phróiseas ar fad ó thús deireadh, iarratas ar dheontas san áireamh. ”

Foirgneamh te teolaí BER A3 é teach Frank i nGlas Naíon a tógadh sna 1970idí

Cheannaigh Frank a theach cónaithe i nGlas Naíon mar theach nuathógtha i 1973. San am sin, teach nua-aimseartha a bhí ann, ach d'éirigh an teach fuar dar leis an teaghlach agus bhíodh siorradh ann, go háirithe sa gheimhreadh. D'éireodh na billí gáis ní b'airde ar feadh cúpla mí sa bhliain. Fuair Frank duine le seirbhís a dhéanamh ar an gcoire gach bliain, ach thuig Frank go raibh an t-am ann le huasghrádú a fháil nuair a dhiúltaigh an pluiméir é a dheisiú toisc é a bheith chomh seanaimseartha sin.

É spreagtha ag beirt chomharsan leis san eastát a raibh a dtithe uasghrádaithe acu, chuaigh Frank i mbun taighde ar uasghrádú fuinnimh baile. Shocraigh sé gurbh fhearr dósan dul leis an Ionad Ilfhreastail toisc go raibh neart cineálacha oibreacha le déanamh san aon am amháin. Roghnaigh sé conraitheoir ar shuíomh gréasáin SEAI agus deir Frank gur thacaigh an conraitheoir leis ar gach céim den phróiseas. An nIonad Ilfhreastail a roghnaigh Frank ná Bayview, a chuir measúnóir amach leis na hoibreacha a theastódh a mheas.

Ar na hoibreacha seo bhí fuinneoga nua, doras seachtrach nua, teaschaidéal, radaitheoirí nua, insliú dín agus insliú ballaí. Cuireadh isteach na fuinneoga ar dtús, agus dúirt Frank go raibh an dúnadh le brath láithreach. Thug Bayview faoi na hoibreacha eile, a raibh níos mó i gceist leo, agus Frank ar saoire.

Bhí costas timpeall €84,000 ar an tionscadal agus deontas os cionn €20,000 ó SEAI ann. Mar gheall ar na hoibreacha uasghrádaithe a rinneadh, deir Frank go raibh sé in ann an teach a athchóiriú agus a nuachóiriú, rud nach raibh déanta le blianta fada. Aistríodh an teach ón leibhéal BER G go BER A3, forbairt a fhágann go mbeidh teach Frank te teolaí sna blianta atá le teacht.

AN DEARCADH Ó SHLABHRA AN tSOLÁTHAIR – BAYVIEW:

Ós Ionad Ilfhreastail muid, is muidne a dhéanann cúram den phacáiste iomlán ón measúnú ar aghaidh go dtí na hoibreacha i ndiaidh BER agus na héilimh ar dheontas. Déanaimid a chinntiú go mbainfimid BER B2 ar a laghad amach. Cuirimid seirbhísí éagsúla ar fáil ag brath ar an gcur chuige a bheidh ag teastáil ón bhfoirgneamh, cuir i gcás teaschaidéil, insliú ballaí, grianphainéil agus insliú urláir. Is féidir linn an measúnú teicniúil a úsáid le treochlár a leagan amach do gach foirgneamh. I gcás Frank, rinneamar an coire gáis a bhí ann a uasghrádú agus chuireamar teaschaidéal nua isteach, rinneamar tirimléineáil inmheánach a shuiteáil, chuireamar isteach doirse agus fuinneoga nua ar fad, agus rinneamar an t-áiléar a insliú. Muidne a rinne cúram den phróiseas ar fad ó thús deireadh, iarratas ar dheontas san áireamh.



Teach Noreen i Sligeach níos teolaí is níos gasta a théamh de bharr uasghrádú fuinnimh saor in aisce

Tá Noreen McNamara ina cónaí ina teach leathscoite ó bhí 1973 ann. Tógadh sa bhliain 1966 é. Agus rátáil BER E1 ann, tharla nach mbíodh ach an dá sheomra á dtéamh ag Noreen toisc an teach a bheith róchostasach a théamh. Nuair a chuirte an teas as, d'éiríodh an teach fuar arís gan mhoill. A mhac Ronan a chuir an deontas ó SEAI le haghaidh Tithe níos Teo ar a súile di. Bhí próiseas an iarratais sách éasca dar léi. Agus conraitheoir ceaptha ag SEAI, ní raibh le déanamh aici ach fanacht i dteagmháil leisean agus eisean a bhainistigh an tionscadal ar fad.

Tá Clár Deontais Lánmhaoinithe SEAI ar fáil d'úinéirí tí cáilitheacha a fhaigheann íocaíochtaí áirithe leasa shóisialta. SEAI a dhéanann an clár ar fad a bhainistiú. Ar dtús, déantar suirbhéireacht tí leis na cineálacha oiriúnacha uasghrádaithe fuinnimh don bhaile a mheas. Ansin, ceaptar conraitheoir atá cláraithe le SEAI chun uasghráduithe oiriúnacha don teach a mholadh agus na hoibreacha a chur i

gcrích. Tá Uasghráduithe Lánmhaoinithe SEAI á gcómhainiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach faoi Chláir Réigiúnacha CFRE 2021-27 don Tuaisceart agus Iarthar, don Deisceart, agus don Oirthear agus Lár Tíre.

Ar na hoibreacha a rinneadh ar theach Noreen bhí insliú áiléir, insliú ballaí (cuasbhallaí agus seachtrach), aerdhíonacht, bolgáin solais nua, radaitheoirí, comhláí radaitheora teirmeastatacha agus coire ola nua áit a raibh coire 20 bliain.

Aistríodh teach Noreen ó BER E1 go B3. Deir Noreen go bhfuil an teach i bhfad níos compordaí anois ná mar a bhí. Éiríonn sé te níos gasta agus fanann an teas istigh ann i bhfad níos faide anois nuair a mhúchtar an teas. Deir sí go ndearnadh an obair ar chaighdeán an-ard agus go raibh na conraitheoirí an-éifeachtach. 'Is fiú go mór é!'

“Deir Noreen go bhfuil an teach i bhfad níos compordaí anois ná mar a bhí. Éiríonn sé te níos gasta agus fanann an teas istigh ann i bhfad níos faide anois nuair a mhúchtar an teas.”



Spás sócúlach tinóil don phobal é Teach an Bhainc i mBéal an Dá Chab

Is i lár Bhéal an Dá Chab in Iarthar Chorcaí atá Teach an Bhainc, foirgneamh bainc a raibh brainse de chuid AIB ann a tógadh sna 1950idí. Agus tacaíocht acu ó Chomhairle Pobail Bhéal an Dá Chab, cheannaigh an pobal an seanfhoirgneamh bainc; an foirgneamh is ildaite in Iarthar Chorcaí a thugtar air. Bhí an pobal ag iarraidh spás a fhorbairt le go mbeadh grúpaí agus cumainn áitiúla in ann teacht le chéile agus bláthú. Seanfhoirgneamh a bhí ann, áfach, agus ní raibh teas ná compord ann.

Le Deontas Pobail SEAI, bímid ag tacú le modhanna úra chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach i bpobail in Éirinn. Cuirtear suas le 40 tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh i gcrích gach bliain i bpobail ar fud na hÉireann, iad á mbainistiú ag comhordaitheoirí tionscadail in SEAI a oibríonn go dtíreach leis na grúpaí pobail.

Bronnadh €54,860 de chistí rialtais ar Theach an Bhainc, Béal an Dá Chab, le huasghrádú mór fuinnimh a chur i gcrích. Na comhordaitheoirí cláraithe tionscadail a bhí ag obair ar an bhfoirgneamh ná SE Systems, a chuir maoiniú breise ar fáil chun tacú leis na huasghráduithe fuinnimh. Ar na hoibreacha a rinneadh bhí fuinneoga nua, doirse seachtracha, insliú ballaí, insliú dín, trí theaschaidéal nua, ceithre luchtair d'fheithiclí leictreacha agus grianphainéil.

Agus an t-uasghrádú fuinnimh curtha i gcrích, spás te compordach é foirgneamh pobail Bhéal an Dá Chab le cuairt a thabhairt air agus seal a chaiteamh ann. Tá níos mó fuinnimh á ghiniúint ag na grianphainéil fhótavoltacha ná mar a theastaíonn ón bhfoirgneamh. Tá an

Coiste in ann fuinneamh breise a dhíol leis an eangach, mar sin. Tá aip le haghaidh grianfhuinneamh fótavoltach ann le tuiscint a fháil ar an leictreachas a bhíonn á úsáid san fhoirgneamh in aon am ar bith. Seo a deir William Swanton, ball den choiste i mBéal an Dá Chab, "Tá aip ar an bhfón. Agus mé sa bhaile, is féidir liom breathnú ar an méid [leictreachais] a bhíonn á úsáid. Tá mé in ann féachaint ar an méid a gineadh gach lá, gach mí, gach bliain agus ar an gcarbón atá spáráilte againn. Tá sé dochreidte."

“Tá aip ar an bhfón. Agus mé sa bhaile, is féidir liom breathnú ar an méid [leictreachais] a bhíonn á úsáid. Tá mé in ann féachaint ar an méid a gineadh gach lá, gach mí, gach bliain agus ar an gcarbón atá spáráilte againn. Tá sé dochreidte.”



EARNÁLACHA GNÓ, TIONSCLAÍOCHTA AGUS POIBLÍ

1,350

gnólacht a fuair
tacaíocht le 130MWp
de ghrianfhuinneamh
fótavoltach a chur
isteach

1,453

iniúchadh fuinnimh FBM
a rinneadh tríd an scéim
fuascailte dearbháin

GNÓ AGUS TIONSCLAÍOCHT

Tá an fuinneamh inbhuanaithe maith don ghnó agus maith don aeráid. Ós rud é go bhfuil an-éagsúlacht go deo ann, idir úsáideoirí fuinnimh ar leibhéal beag go leibhéal an-mhór, is ríthábhachtach dúinn tacú leis na hearnálacha tionsclaíochta agus gnó ar a n-aistear chun an dícharbónaithe agus cabhrú leo a gcuspóirí a bhaint amach ar an tslí. Leis sin a dhéanamh, bímid ag plé le gnóilachtaí go díreach san áit a bhfuil siad ar a n-aistear aistrithe fuinnimh féin agus tugaimid comhairle phraiticiúil, tacaíocht agus deontais dóibh. Tá súil againn go dtabharfaidh cuideachtaí móra in Éirinn ceannaireacht san aistriú agus go spreagfaidh siad dreamanna eile le dul i mbun gnímh.

Dream atá tábhachtach ná na húsáideoirí móra fuinnimh, 300 ceann acu nó mar sin. Bíonn 210 ceann acu sin ag plé linn lenár Líonra Fuinnimh Tionsclaíochta Mórscála. Bímid ag obair go dlúth leis na cuideachtaí seo lena bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Tuairiscíonn na baill gach bliain ar a n-ídiú fuinnimh agus ar na tionscadail atá curtha i bhfeidhm acu leis an éifeachtúlacht a mhéadú. Tá tacaíocht tugtha againn do bhaill den Líonra Fuinnimh Tionsclaíochta Mórscála, agus monatóireach déanta againn orthu, le hastaíochtaí Scóip 1 agus 2 a laghdú 434 ktCO₂. Rinneamar coigilteas fuinnimh 280 GWh a bhailíochtú.

Tacaíocht

210

do bhaill den Líonra
Fuinnimh Mórthionscal
astaíochtaí a laghdú
434 ktCO₂ agus coigilteas
fuinnimh 280 GWh
bailíochtaithe

Trínár gclár dar teideal Sármhaitheas sa Dearthadh atá Tíosach ar Fhuinneamh (EXEED), rinneamar tacaíocht deontais a cheadú in 2024 do 44 cuideachta, €7.2 milliún ar fad, agus chuireamar oiliúint EXEED ar fáil do bheis agus 150 gairmí i slabhra an tsoláthair. Tríd an Scéim Tacaíochta don Teas In-athnuaite, rinneamar 12 dheontas nua a cheadú agus 14 thacaíocht nua le haghaidh taraifí 15 bliana a cheadú ar luach €10.9 milliún san iomlán. Rinneamar tairiscintí deontais €18.3 milliún a fhorghabháil do 1,350 gnóilacht agus, dá réir, thacaíomar le breis agus 130MWp de ghrianfhuinneamh fótavoltach tráchtála a shuiteáil.

An réimse eile a bhfuilimid dírithe air ná fiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá timpeall 300,000 ceann acu siúd ann, idir óstáin, bhialanna agus aonaid mhiondíola. Tá sraith iomlán clár againn leis an gcumhacht a thabhairt do ghnóilachtaí ar a n-aistear dícharbónaithe. Cuirimid oideachas ar fáil in Acadamh Fuinnimh SEAI, bímid ag plé le dreamanna éagsúla in iniúchtaí fuinnimh agus tugaimid deiseanna do dhaoine trínár gcláir deontas. Tháinig méadú 1,961 duine ar an líon duine atá cláraithe ar Acadamh Fuinnimh SEAI. Níos mó ná 10,000 duine atá cláraithe anois agus eisíodh 887 deimhniú nua ó chúrsaí. Anuraidh, thug SEAI tacaíocht in 1,453 iniúchadh fuinnimh ardchaighdeán do FBManna a cuireadh i gcrích trínár scéim fuascailte dearbháin. Ghlac 470 FBM páirt sa chlár oiliúna Buntreoir don Bhainistíocht Fuinnimh.

Agus muid ag tarraingt ar dheireadh 2024, sheolamar an Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Gnó. Faoi scéim seo, cuirtear ar fáil réimse tacaíochtaí chun cuidiú leis na hearnálacha gnó, talmhaíochta, poiblí agus neamhbhrabúis bearta éifeachtúlachta agus in-athnuaite fuinnimh a thabhairt isteach ina bhfoirgnimh. An cuspóir atá leis an scéim ná suas le 4,000 beart breise iarfheistithe fuinnimh a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2027 agus, dá bharr, feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach san earnáil tógála tráchtála, a thacódh ó thaobh iomaíochas gnó de.

An sprioc atá ann do 2025 ná leanúint ar aghaidh, plean a fhorbairt, saothrú lenár máthair-Roinn agus maoiniú fadtéarma a fháil do na cláir ó 2026 le go mbeifear in ann dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna do 2030.

LÍONRAÍ CLISTE

Aithnímid ar fad gur gá tuilleadh a dhéanamh inár n-aonar agus i dtiannta a chéile ó thaobh úsáid fuinnimh de. Tá modhanna bainistithe fuinnimh á n-athrú. Tugann SEAI eolas agus cumhacht do theaghlaigh smacht a fháil ar a n-úsáid fuinnimh trí mheán roghanna cliste agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin. Má táimid lenár sprioc a bhaint amach, leictreachas in-athnuaite 80% faoi 2030, caithfimid aistriú go foinsí fuinnimh níos glaine. Is é is fuinneamh cliste ann leas a bhaint as meascán de ghléasanna, teicneolaíochtaí agus nósanna le leictreachas a bhainistiú agus a úsáid sa bhaile ar shlí níos tíosaí agus níos inbhuanaithe. Sheolamar ár mol le haghaidh Fuinneamh Cliste do ghnóilachtaí agus sealbhóirí tí in 2024 chun an chumhacht a thabhairt dóibh smacht a fháil ar chúrsaí agus a n-úsáid fuinnimh a athrú, bunaithe ar thuiscint a fháil ar bhillí fuinnimh, méadair chliste agus taraifí chomh maith le gach leas a bhaint as an teicneolaíocht ísealcharbóin.

“Tugann SEAI eolas agus cumhacht do theaghlaigh smacht a fháil ar a n-úsáid fuinnimh trí mheán roghanna cliste agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin.”

Tá Abbvie ina bhall de Líonra Fuinnimh Mórthionscal SEAI

TACAÍOCHT ATHLÉIMNEACHTA GNÓ

Caifé Poppies - timpeallacht oibre níos fearr agus airgead á shábháil dá bharr

Tá an-tóir ar an gcaifé teaghlaigh Poppies sa sráidbhaile aoibhinn Áth na Sceire i gCo. Chill Mhantáin. Am cinniúnach don ghnólacht ab ea an ghéarchéim fuinnimh in 2022 agus shocraigh na húinéirí tabhairt faoi uasghrádú fuinnimh. Rinne siad infheistíocht i dteicneolaíochtaí nua-aimseartha a chuideodh leo a n-ídiú fuinnimh a laghdú agus gearradh siar ar na billí dá bharr.

Rinne Poppies infheistíocht timpeall €70,000 in uasghráduithe fuinnimh. Bhí siad in ann leas a bhaint as deontais ó SEAI don teaschaidéal agus don ghrianfhuinneamh fótavoltach, rud a d'fhág go raibh an infheistíocht ní b'ínamhainne dóibh agus a rinne difear mór don bhunlíne.

An trealamh a shuiteáil Poppies mar chuid den uasghrádú fuinnimh ná grianfhuinneamh fótavoltach, ceallra 15kw agus monatóir taispeána, teaschaidéal, griansimléir, oighinn, soirn agus cuisneoirí nua, mar aon le soilse agus braiteoirí nua. Tá siad tar éis moll mór coigiltis a bhaint amach ar bhillí fuinnimh de bharr na n-uasghráduithe fuinnimh. Meastar go bhfuil Poppies tar éis coigilteas fuinnimh bliantúil 30% a bhaint amach in kW. Tá an obair sa chistin i bhfad níos pléisiúrtha anois toisc go dtógtar an t-aer breise te ón gcistin anois lena úsáid leis an uisce a théamh.



“Meastar go bhfuil Poppies tar éis coigilteas fuinnimh bliantúil 30% a bhaint amach in kW. Tá an obair sa chistin i bhfad níos pléisiúrtha anois toisc go dtógtar an t-aer breise te ón gcistin anois lena úsáid leis an uisce a théamh.”

Drioglann Áth Eascrach - costais á gciorrú sa chéad drioglann in Éirinn atá neodrach ó thaobh carbóin de

Tá Drioglann Áth Eascrach i gContae na Gaillimhe ar an gcéad drioglann uisce beatha agus jin in Éirinn atá neodrach ó thaobh carbóin de. Gareth agus Michelle McAllister a bhunaigh an drioglann, agus tá siad i ndiaidh an dúchas agus an oidhreacht mar aon leis an nuáil agus an inbhuanaitheacht a fhí ina chéile chun drioglann úrscothach a lonnúi muileann arbhair ón 19ú haois. Tá ionad cuairteoirí, caifé, bialann agus siopa ann chomh maith. Bhain Michelle agus Gareth leas as an gcur chuige EXEED, Sármhaitheas sa Dearadh atá Tíosach ar Fhuinneamh, le laghdú suntasach a bhaint amach ar an bhfuinneamh a theastódh don táirgeacht sa tsaoráid.

Tá cur chuige nuálach teicniúil i bhfeidhm sa drioglann ina n-úsáidtear aisghabháil teasa, stóráil theirmeach, teaschaidéil

agus grianfhuinneamh fótavoltach. Mar thoradh ar an gcur chuige seo bunaithe ar dhearadh atá tiosach ar fhuinneamh, táthar tar éis laghdú dhá thrian a bhaint amach ar an éileamh ar fhuinneamh i gcomparáid le gnáthchineál drioglainne. Ní úsáidtear aon bhreoslaí iontaise ar an láthair agus ní ghintear aon astaíochtaí. Tionscadal eiseamláireach atá ann a léiríonn dearadh fuinneamhéifeachtúil, teaschaidéil agus aisghabháil teasa, tá sé ina eiseamláir ag drioglanna ar fud na tíre.

Arsa na húinéirí Gareth agus Michelle McAllister, "Bhí suim i gcónaí againn san uisce beatha. As suim tháinig an dúshuim, agus as an dúshuim tháinig gnó. Ní thógfaimis trádstóras go hiomlán as an nua ar láithreán úrnua, rogha atá ag teacht leis na luachanna inbhuanaitheachta atá againn. Tógadh an drioglann i dtír

fhoirgneamh i muileann stairiúil agus tá an áit á cumhachtú go hiomlán anois ag leictreachas glas, ó chumhacht gaoithe ar an eangach agus ón ngrainfhuinneamh fótavoltach ar an láithreán. Tá na teaschaidéil á gcumhachtú ag an leictreachas glas seo agus tá simléir atá neodrach ó thaobh carbóin de ar an láithreán. Is féidir le gnólachtaí costais a chiorrú agus carbón a laghdú san am céanna. Ba ríthábhachtach an tacaíocht a thug SEAI, a d'fhág gurbh fhéidir tabhairt faoin tionscadal seo. Bhíomar in ann ár n-aisling a fhíorú, drioglann a bheadh neodrach ó thaobh carbóin de, de bharr obair na bhfoirne innealtóireachta agus foirgníochta.”



AN EARNÁIL PHOIBLÍ

Tá sprioc san earnáil phoiblí feabhas 50% a bhaint amach in éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasta san earnáil a laghdú 51% (i gcomparáid le 2018) faoi 2030. Tá an sprioc seo riachtanach don gheilleagar, don chomhshaol agus don tír. Eiseamláir thábhachtach is ea an earnáil phoiblí ar dhiongáilteacht an Rialtais i dtaobh spriocanna aeráide a léiríonn an méid is féidir a bhaint amach in earnálacha eile. Tugaimid tacaíocht d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí chun cuidiú leo ar a n-aistear sa Ghníomhú ar son na hAeráide. Is ar an dícharbónú a leagaimid an bhéim. Tá trí ról againn leis seo a bhaint amach.

Ar dtús, tugaimid an chumhacht d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí aistriú ar shiúl ó bhreoslaí iontaise agus dícharbónú. Leis sin a dhéanamh, cuirimid ar fáil comhairle phraiticiúil, tacaíocht airgid agus comhpháirtíochtaí. Tá 134 comhpháirtíocht dícharbónaithe i bhfeidhm san earnáil phoiblí. Faoin gclár fuinnimh don earnáil phoiblí, cuirtear ar fáil tacaíocht agus rannpháirtíocht chuimsitheach chun comhlachtaí poiblí a threorú lena spriocanna spárála fuinnimh a bhaint amach. Tá an clár seo mar ghné riachtanach den Phlean Náisiúnta Gnímh um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus de Straitéis an rialtais um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí. Cuirimidne na huirlisí, an oiliúint agus an chomhairle ar fáil chun an bhainistíocht fuinnimh a fhí isteach mar chuid den bhainistíocht ghinearálta in eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Mar chuid de Chlár Luathaithe ISO50001, bhíomar ag obair le 14 eagraíocht earnála poiblí in 2024. Ina theannta sin, thacaíomar leis an bhfeachtas Laghdaigh d'Úsáid san earnáil phoiblí agus muid ag obair i gcomhar le 163 eagraíocht i bpáirt le hOifig na nOibreacha Poiblí.

An dara ról atá againn ná na cúig úinéir punann maoine is mó a mhaoiniú, is iad sin FSS, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Údarás Áitiúla. Déanaimid an méid sin trí bhíthin acmhainní agus eolas a fhorbairt, agus cúnamh deontais a chur ar fáil do thionscadail dícharbónaithe Fionnachtaithe. Sa chlár deiridh seo, bíonn SEAL ag obair i bpáirt le comhlachtaí poiblí lena spriocanna iarfheistithe a bhaint amach. Bliain i ndiaidh tá bliana, táthar tar éis éirí níos uailmhianaf ar an gclár Fionnachtaithe d'fhonn fuascailtí fuinnimh in-athnuaite a sholáthar do chomhlachtaí san earnáil phoiblí. Ó tharla rath ar an gclár ón tús, táimid ag baint triail anois as fuascailtí níos doimhne don iarfheistiú agus téamh in-athnuaite. Leis an gcur chuige seo, táthar dírithe ar iarrachtaí leis an éileamh teirmeach a dhícharbónú i dtreo ár spriocanna do 2030 agus conair i dtreo na neodrachta carbóin in 2050 leagtha amach. Tugadh tacaíocht chaipitiúil €61 milliún tríd an gclár Fionnachtaithe ó SEAL, a léirigh infheistíocht iomlán €120 milliún i dtionscadail uasghrádaithe foirgneamh san earnáil phoiblí. Tá 14 Chomhaontú nua Maoinithe á gcur i bhfeidhm ar eastáit náisiúnta na hearnála poiblí.

Ar deireadh, úsáidimid an córas náisiúnta monatóireachta agus tuairiscithe leis na sonraí feidhmíochta fuinnimh san earnáil phoiblí a bhailiú. Mar bhonn faoin tsainchomhairle agus saineolas a thugaimid dár bpáirtithe leasmhara uile bíonn sonraí oibiachtúla neamhspleácha. Caithfidh comhlachtaí poiblí agus scoileanna a bhfeidhmíocht fuinnimh a thuairisciú gach bliain. Mar sin, tá SEAL in ann dul chun cinn gach eagraíochta a rianú agus iad ag dul i dtreo spriocanna beartais fuinnimh agus aeráide. D'fhoilsíomar an Tuarascáil um Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, 2023, le linn na bliana, agus sheolamar córas nua Monatóireachta agus Tuairiscithe. Bhíomar in ann, mar sin, feidhmíocht 348 comhlacht poiblí a rianú i gcomparáid le spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh.



134
comhpháirtíocht
dícharbónaithe
earnála poiblí
i bhfeidhm

€61M
tacaíochta faoin gclár
Fionnachtaithe i dtreo
infheistíocht iomlán de
€120 milliún i dtionscadail
uasghrádaithe foirgneamh



14
eagraíocht i gClár
Luathaithe ISO50001
SEAL don Earnáil
Phoiblí

Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí Teach Tom Johnson, Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath, a uasghrádú ar na malluibh ó Rátáil Fuinnimh Foirgnimh C3 go A2. Is san fhoirgneamh seo atá an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil chomh maith leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.



© Grianghrafadóireacht Paul Tierney

TACAÍOCHT DON FHEIDHMÍOCHT EISEAMLÁIREACH SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Cultúr nua den éifeachtúlacht fuinnimh i scoileanna agus in ionaid oideachais

Ar aon dul le gach comhlacht poiblí, tá spriocanna fuinnimh leagtha síos ag an Rialtas do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLE). Agus na spriocanna seo á gcur san áireamh, taobh leis an síormhéadú ar chostas an leictreachais, chuaigh BOOLE sa tóir ar shlíte lena idiú fuinnimh a laghdú lena chinntiú go n-úsáidfear fuinneamh go héifeachtúil ar gach láithreán dá chuid.

Déanann BOOLE ocht bpobalscoil dara leibhéal, scoil náisiúnta phobail agus 14 ionad breisoideachais agus oiliúna a bhainistiú agus a riar. Cuireann an Bord réimse clár ar fáil idir oideachas aosach agus bhreisoideachas. Tá timpeall 1,000 fostaí in BOOLE agus buiséad timpeall €60 milliún sa bhliain ann.

Agus billí móra bliantúla fuinnimh ann, shocraigh BOOLE dul i gceann a úsáide fuinnimh. Rinne siad méadair chliste a shuiteáil i scoileanna agus in ionaid BOaO chun idiú fuinnimh gach foirgnimh a mhonatóiriú agus a thuairisciú. D'earcaigh BOOLE cuideachta sheachtrach, Ultan Technologies, leis na méadair chliste a shuiteáil agus a mhonatóiriú ar gach láithreán dá chuid. Déanann na méadair chliste monatóireacht ar an úsáid fuinnimh gach 15 nóiméad agus seolann na sonraí chuig tairseach SensorCIS ar líne mar a ndéantar anailís ar an bhfaisnéis.

I gceannoifig BOOLE, bíonn oibrithe in ann féachaint ar gach láithreán agus ar gach méadar cliste ar an gcóras ar líne. Cuirtear oiliúint ar phríomhoidí na scoileanna agus ar na bainisteoirí BOO an tairseach ar líne a úsáid le sonraí a láithreach agus a méadair a fheiceáil. An méid sin in éindí leis na tuarascálacha ó Ultan Technologies, bíonn príomhoidí agus bainisteoirí BOO ar an eolas láithreach faoin úsáid fuinnimh ar an láthair.

Agus na méadair chliste suiteáilte, chontachtas sna sonraí go mbíodh an teas ar siúl gach deireadh seachtaine ag cuid mhaith de na scoileanna agus ionaid BOO. Cuireadh na príomhoidí scoile agus bainisteoirí BOO ar an eolas faoi sin, a d'athraigh an sceideal teasa le go mýchfaí é i ndeireadh na seachtaine.

Ó cuireadh na méadair chliste isteach, tá laghdú 28% bainte amach ag BOOLE ar úsáid fuinnimh i gcomparáid leis na tréimhsí céanna sular cuireadh na méadair chliste isteach, chomh maith le laghdú 33% ar an úsáid fuinnimh lasmuigh d'uaireanta oibre.

Tá cultúr den éifeachtúlacht fuinnimh i ngach scoil agus ionad BOO anois. Is fearr atá baill foirne ar an eolas faoi chúrsaí fuinnimh agus tá a n-iompar á n-athrú acu dá bharr. Tá dífear mór á dhéanamh de bharr athruithe beaga cuir i gcás soilse agus teas a mhúchadh, agus trealamh a bhaint den chumhacht nuair nach mbíonn siad de dhíth.

Tá an fhoireann ag moladh do dhaltaí agus foghlaimoirí smaoineamh ar a n-úsáid fuinnimh agus freagracht a ghlacadh as an úsáid sin a laghdú oiread is féidir.

Coigilteas suntasach leictreachais agus gáis in Ospidéal Mhuire i bPáirc an Fhionnuisce

I bPlean 2023 um Ghníomhú ar son na hAeráide, rinneadh spriocanna áirithe do chomhlachtaí, poiblí a athdheimhniú, spriocanna a tugadh isteach sa Phlean i mblianta roimhe sin. Ar na spriocanna sin tá an ceanglas nach mór do na comhlachtaí poiblí uile a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó dhó breoslaí iontaise a laghdú 51% faoi 2030 i gcomparáid leis an mbonnlíne sa tréimhse 2016-18. Anuas air sin, ní mór dóibh a n-astaíochtaí leictreachais a laghdú i gcomhréir le laghduithe measta ó thaobh soláthair de. Tugtar cuidiú faoi chlár fionnachtaithe SEAI le réitigh inscálaithe a fhorbairt leis na spriocanna seo a bhaint amach agus dul chun tairbhe don earnáil phoiblí agus tráchtála go ginearálta.

San fhoirgneamh a bhfuil Ospidéal Mhuire anois ann i bPáirc an Fhionnuisce, bunaíodh sa bhliain 1769 é mar an Scoil Mhíleata Ibeirneach Ríoga. Ní raibh

cuspóir liachta ag baint leis go dtí gur tugadh do Rialtas na hÉireann é i 1922. Aistríodh an t-ospidéal go cúram Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath i 1948 agus tá sé á úsáid mar atá sa lá atá inniú ann ó 1964. Seirbhís 24/7 a chuirtear ar fáil san ospidéal agus bíonn an-éileamh ar uisce te, teas agus leictreachas. Meascán de choirí gásadhaite agus aonad cumhachta is teasa in éineacht a sholáthraíonn na héilimh téimh spáis ar fud an champais. Tá coirí eile ann leis an éileamh ar uisce te tís a shásamh.

Faoin gclár Cumhacht a Bharrfheabhsú ar Obair ó Oifig na nOibreacha Poiblí, tugadh faoi iniúchóireacht tosaigh fuinnimh agus bainistíochta foirgneamh, á dhéanamh ag Innealtóirí Comhairleacha Powertherm i gcomhar le hoibrithe ó FSS. As sin sonraíodh moltaí spárála fuinnimh a bhainfeadh le rialú agus feidhmiú an chórais teasa san ospidéal.

Ar na huasghráduithe fuinnimh atá curtha i gcrích rinneadh Córais Bainistíochta Foirgneamh a athrú agus cuireadh isteach cinn úra, soilsiú nua LED, rialuithe forbartha lóid coirí, grianfhuinneamh fótavoltach, insliú seachtrach agus uasghráduithe ar theaschaidéil. Táthar tar éis an-chuid leictreachais agus gáis a spáráil de bharr na hoibre iarfheistithe fuinnimh. Bhí éagsúlacht i gceist leis na tréimhsí cúitimh ag brath ar na hoibreacha a rinneadh. Bhí cuid de na hoibreacha réasúnta gairid (comhlaí, gníomhróirí agus rialtáin nua) agus cuid acu píosa maith níos faide (uasghrádú ar an gcreatlach agus soilsiú).

Tá méideanna móra fuinnimh spáráilte mar thoradh ar na bearta a rinneadh in Ospidéal Mhuire. Is saoire an t-ospidéal a reáchtáil, tá sé níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos compordaí d'oibrithe agus d'othair.

“Tá méideanna móra fuinnimh spáráilte mar thoradh ar na bearta a rinneadh in Ospidéal Mhuire. Is saoire an t-ospidéal a reáchtáil, tá sé níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos compordaí d'oibrithe agus d'othair.”



LÉARGAS AR THAIGHDE AGUS BEARTAS

Má táthar chun an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach in Éirinn teastaíonn meascán beartais, á chomhairliú ag fianaise, taighde, anailís agus tuiscintí. Is é SEAI an t-údarás saineolach faoin úsáid fuinnimh in Éirinn. Úsáidimid sonraí láidre oibiachtúla agus cur chuige fianaisebhunaithe le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus iompraíochtaí úsáideoirí fuinnimh.

Fuinneamh in Éirinn, an Comhardú Náisiúnta Fuinnimh agus Réamh-mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh á bhfoilsíú

€22M
bronnata ar 42 tionscadal taighde agus nuálaíochta

Cúram atá orainn ná an fhreagracht as staitisticí náisiúnta fuinnimh na hÉireann agus as ár réamh-mheastacháin náisiúnta astaíochtaí fuinnimh a shamhaltú. San obair seo, sonraítear an úsáid fuinnimh in Éirinn sa lá atá inniu ann agus ár dtuairimí faoin gcaoi a n-éireoidh linn in Éirinn i gcomparáid lenár spriocanna dícharbónaithe. Déantar na dúshláin agus na deiseanna is mó a shonrú. Shásaigh SEAI na ceanglais shubstainteacha ar fad in Éirinn in 2024 staitisticí fuinnimh a sholáthar, tuairisciú ar bhonn náisiúnta agus ceanglais idirnáisiúnta dlí a chomhlíonadh. D'fhoilsíomar tuarascálacha náisiúnta suntasacha, cuir i gcás Fuinneamh in Éirinn, 2024, an Comhardú Náisiúnta Fuinnimh, 2023, agus na Réamh-mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh, 2024. Is údarásach agus is iontaofa sonraí SEAI sna tuarascálacha seo ionas gur féidir tacú leis an rialtas beartais a fhorbairt le go mbeifear in ann bogadh ar shiúl ó bhreosláí iontaise in Éirinn.

Táimid tar éis cur leis an tuiscint náisiúnta ar chineálacha iompair in Éirinn ó thaobh fuinnimh de bunaithe ar an anailís atá foilsithe againn ó Rianaire Iompraíochta Fuinnimh agus Taistil na hÉireann agus breis agus 100 cur i láthair a thabhairt os comhair lucht déanta beartais, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha.

In 2024, bhunaigh SEAI an tIonad Sármhaitheasa nua um Théamh Ceantair, mar a bhí molta sa tuarascáil in 2023 ón nGrúpa Stiúrtha um Théamh Ceantair. Ar na chéad aschuir a tháinig ón bhfoireann tá an Teimpleád Indéantachta um Théamh Ceantair agus treoir chun cuidiú le hurraitheoirí tionscadal tionscadail indéanta téimh ceantair a aimsiú. Thugamar tacaíocht, fianaise agus comhairle dár máthair-Roinn agus do Ranna Rialtais eile chun tacú leis an

bhforbairt ar bheartas maidir le dícharbónú teasa. Mar shampla, thugamar comhairle faoin Oibleagáid Teasa In-athnuaite, faoin gcéad deontas caipitiúil don fhorbairt bithmheataín agus faoi Scéim Ghinearálta an Bhille Teasa (Líonraí agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2024.

Déanann agus maoiníonn SEAI taighde chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aistriú fuinnimh in Éirinn agus chun fuascailtí agus nuálaíochtaí a fhorbairt le spriocanna náisiúnta dícharbónaithe fuinnimh a bhaint amach. Bhronnamar 42 dámhachtain taighde, €22 milliún san iomlán, trínár gclár bliantúil maoinithe don Taighde, Forbairt agus Taisealbhath Fuinnimh. Baineann na tionscadail taighde agus nuálaíochta le héagsúlacht téamaí fuinnimh, iad ar fad dírithe ar réitigh a bhrú chun cinn le borradh a chur faoin aistriú fuinnimh. Thacaigh SEAI le deich gcás eile den teicneolaíocht amach ón gcósta - tonnta, cumhacht taoide, fostáisiúin agus comhpháirteanna ina measc - don tástáil fréamhshamhaltaithe ar mhionscála i Saoráid Náisiúnta Tástála Aigéin Lir, agus d'fhoilsigh an Treochlár um Theicneolaíocht Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta. Thugamar tacaíocht shuntasacht dár máthair-Roinn ar réimse leathan ábhar, cuir i gcás léirmhíniú agus feidhmiú i gcás na dTeoracha ón AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, Fuinneamh In-athnuaite agus Feidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh, anailís ar an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, agus moltaí don athbhreithniú ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Agus dul chun cinn á dhéanamh chun an coras fuinnimh in Éirinn a dhícharbónú, cuirfidh SEAI tacaíocht thráthúil éifeachtach ar fáil i rith an ama dár máthair-Roinn. In 2025, déanfaimid forbairt bhreise

ar an gCreat Náisiúnta Samhaltaithe Fuinnimh atá fíorthábhachtach don obair seo. Cuirfimid léargais dhoimhne iompraíochta ar fáil agus déanfaimid forbairt ar ár sraith de mheastóireachtaí ar chláir. Beidh an méid seo ar fad ag tacú leis an rianú ar dhul chun cinn i dtaca le ceanglais fuinnimh go náisiúnta agus faoin AE, le bheith mar bhonn eolais faoi chinntí beartais agus riachtanais do thaighde agus anailís bhreise.

Cuirfimid go seasta lenár maoiniú agus tacaíochtaí taighde go náisiúnta agus idirnáisiúnta chun réitigh a bhrú chun cinn agus dul i ngleic le bacainní sa mhargadh i dtaobh an aistrithe fuinnimh. Beimid ag obair leis an Rialtas chun córais tacaíochta a fheabhsú don fhorbairt ar théamh ceantair agus don tástáil agus taisealbhath fuinnimh amach ón gcósta.

Táimid ar fad dúthachtach faoin aistriú fuinnimh a bhrú chun cinn in Éirinn, agus is é sin atá mar spreagadh ag ár meascán dinimiciúil de shaineolaithe taighde agus beartais in SEAI.

Treochlár don
Teicneolaíocht
Fuinnimh In-athnuaite
Easchósta foilsithe

BONN EOLAIS DO BHEARTAS AGUS NUÁIL Á SPREAGADH

Cuntas cruinn a choinneáil ar sholáthar agus úsáid fuinnimh

Cuireann SEAI sonraí agus anailís ar fáil don Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus do Ranna Rialtais eile chun bonn eolais a chur ar fáil faoin bhforbairt ar an bpacáiste beartais in Éirinn don fhuinneamh inbhuanaithe. Cuid den obair seo ná go gcuirtear le chéile na Staitisticí Fuinnimh Náisiúnta agus na Réamh-mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh oifigiúla. I dteannta a chéile, tugann na haschuir seo cuntas cinntitheach ar shonraí stairiúla soláthair agus úsáide fuinnimh, léiríonn siad forbairtí agus laigí i gcoinne oibleagáidí fuinnimh agus caitheann siad súil chun tosaigh ar thorthaí measta do leibhéil éagsúla den soláthar beartais agus tionchar uaidh.

Tá na comhairliúcháin ón anailís in 2024 ag teacht lena bhfuil feicthe le blianta beaga anuas. Tá dul chun cinn maith déanta i réimsí áirithe ach, má táthar lena chinntiú go gclóifear in Éirinn leis na buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, teastaíonn an-mhéadú ar scála ar bheartais agus bearta leis an athrú teicneolaíochta a bhrú ar shiúl ó chóras breoslaí iontaise agus leis an ngeilleagar bunúsach a athchóiriú, geilleagar a spreagann an t-éileamh ar fhuinneamh agus astaíochtaí.

Seo a leanas cuid de na tuarascálacha uainn in 2024:

Fuinneamh in Éirinn, 2024

Tuarascáil na Réamh-mheastachán Náisiúnta Fuinnimh, 2024

Iompraíocht Teasa in Éirinn

An Bhochtaineacht Fuinnimh in Éirinn

Creat tuairiscithe ar astaíochtaí leictreachais le haghaidh úsáideoirí móra fuinnimh



Fírinne na húsáide laethúla fuinnimh i dtithe a bhfuil rátáil A acu

Agus úinéirí tí agus cónaitheoirí ar fud na hÉireann ag féachaint lena lorg carbóin a laghdú, bímid ag brath ar chóras na Rátála Fuinnimh Foirgnimh le go gcomhlíonfar ceanglais ó thaobh Foirgnimh Neodracha ó thaobh Fuinnimh de (nZEB). Tá a fhios againn go léir gurb iad na tithe arna rátáil ar leibhéal A na tithe is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, ach cén dóigh a mbíonn siad ag feidhmiú ó lá go lá i gcomparáid lena mbítear ag déim leis?

Mhaoinigh SEAI an tionscadal nZEB101 faoin gclár um thaighde, dearadh agus taisealbhadh leis an gceist sin a fhreagairt, le sonraí a fháil ó shampla mór de thithe arna dtógáil agus arna n-iarfheistiú go caighdeán arda nZEB lena bhfeidhmíocht a dhéanamh amach. An príomhthaighdeoir a bhí ann ná Oliver Kinnane, Ollamh Comhlach in COBÁC leis an Teicneolaíocht Tógála Inbhuanaithe, a rinne maoirseacht ar iarracht chomhoibríoch idir saineolaithe acadúla agus gairmithe a bhíonn ag plé le háiteanna cónaithe ísealfuinnimh.

Fuarthas amach sa tionscadal nZEB101 go bhfuil drochfheidhmíocht ag baint leis an gcuid is mó de na tithe ar rátáil A a ndearnadh monatóireacht orthu i gcomparáid leis an ionchas don dearadh RFF, agus difear aon bhanda amháin ar an meán a bhí i gceist. Beifear in ann an t-eolas seo a úsáid mar bhonn eolais chun tithe nua ísealfuinnimh a dhearadh ar fud na tíre agus beidh sé ina chuidiú ag SEAI le bealaí a aimsiú agus a chur chun cinn le fadhbanna dá leithéid a réiteach.


Fuarthas amach sa tionscadal go mbíonn leibhéil arda sástachta ag áititheoirí le tithe ar rátáil A, ach gur minic “aisghlacadh de bharr compoird” ann, a thagann salach ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtithe. An rud a tharlaíonn ná, tar éis bearta éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil, déanann áititheoirí tithe atá tíosach ar fhuinneamh an teocht istigh sa teach a mhéadú, rud is gá a chur san áireamh agus tithe ísealfuinnimh á ndearadh.

Seo cuid de na moltaí ón tionscadal nZEB101: cur chuige carbóin saolré á chur i bhfeidhm don mheastóireacht ar thithe de rátáil A, meastóireacht tar éis áitíochta ar iarfheistiú agus foirgnimh nuathógtha, scilbhisiú forleathan do shuiteálaithe teaschaidéal, aire agus seiceáil níos fearr ar shuiteáil, úsáid braiteoirí teasfhlosca chun creatlacha foirgneamh a thástáil ar an láthair tráth a ndéantar na hoibreacha iarfheistithe nó nuathógála, treoirlínte do thionóntaí faoi na bealaí is fearr le tithe atá tíosach ar fhuinneamh agus na teicneolaíochtaí a ghabhann leo a fheidhmiú, rialuithe tógála níos déine agus athbhreithniú ar an modheolaíocht don Ghnás Measúnaithe Fuinnimh Áitribh d’fhonn teochtaí níos réadúla istigh (agus amuigh) a chur san áireamh ann.

Leis na sonraí a bailíodh tríd an tionscadal nZEB101, beifear in ann a chinntiú go dtiocfar ar na ceachtanna riachtanacha deartha agus oibríochta chun bonn eolais a chur faoi dhearadh amach anseo, ní hamháin do rannpháirtithe an tionscadail ach don tionscal níos forleithne.

“Mhaoinigh SEAI an tionscadal nZEB101 faoin gclár um thaighde, dearadh agus taisealbhadh le sonraí a fháil ó shampla mór de thithe arna dtógáil agus arna n-iarfheistiú go caighdeán arda nZEB lena bhfeidhmíocht a dhéanamh amach.”





Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta

Tá Scéim Téim Ceantair Thamhlachta ar an gcéad líonra téimh ceantair mórsála dá cineál in Éirinn. Tá an scéim á feidhmiú ag Heat Works, an chéad fhóntas fuinnimh neamhbhrabúis in Éirinn, atá go hiomlán faoi úinéireacht Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Mar gheall ar an scéim, tá astaíochtaí á laghdú go suntasach sa cheantar, beagnach 1,500 tona CO₂/ sa bhliain, forbairt a fhágann go bhfuil Tamhlacht ar thús cadhnaíochta sa ghníomhú áitiúil fuinnimh.

Tá beagnach 6,000 MWh fuinnimh ginte go dtí seo. Meastar go nginfear 270,000 MWh thar shaolré an ghléasra agus meastar go mairfidh an gléasra téimh ceantair 25-35 bliain.

Is ó dhramhtheas ó ionad sonraí Amazon atá in aice láimhe a sholáthraítear 100% den teas don líonra. Faoi láthair, soláthraíonn an líonra coimpléasc Halla an Chontae na comhairle, campas Thamhlachta d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus, go luath, soláthróidh sé teas don Ionad Nuálaíochta agus do na scéimeanna um Árasán Inacmhainne.

Gnólacht eiseamláireach líonra teasa in Éirinn é Heat Works, gnólacht a thugann buntáistí geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta don cheantar áitiúil agus a bhíonn ag saothrú le gur fearr a bheidh Baile Átha Cliath Theas mar áit chónaithe, oibre agus chuartaíochta. Is í an t-aon scéim in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe í a úsáideann dramhtheas ó ionad áitiúil sonraí. Réiteach ísealcharbóin úr atá ann chun gach leas a bhaint as teas in-athchúrsáilte agus teicneolaíocht nuálach teaschaidéil.

Ós rud é go bhfuil neart dramhtheasa agus teas in-athnuaite i mBaile Átha Cliath le coibhéis 1.6 milliún áit chónaithe a théamh, sampla oiriúnach é an tionscadal seo den dóigh ar cheart in Éirinn an dramhtheas seo a ghabháil agus a úsáid ar shlí mhaith seachas lígean don teas imeacht amach san atmaisféar.

Cé go bhfuil dramhtheas ón ionad sonraí mar an fhoinsé reatha theasa, tá beartaithe níos mó foinsí teasa ísealcharbóin nó in-athnuaite a chur leis de réir mar a thiocfaidh fás agus forbairt ar an gcóras, cuir i gcás foinsí geoiteirmeacha agus


teirmeacha grianteasa. San ionad fuinnimh freisin tá cúltaca iomlán buaiclóid trí bhíthin coire leictreach lena chinntiú go mbeifear in ann an soláthar teasa a shásamh i gcónaí, rud a fhágann nach dteastaíonn a gcóras cúltaca féin ó chustaiméirí. Tá an líonra píobán téimh ceantair in ann feidhmiú mar stór teirmeach chomh maith. Agus fás agus forbairt ar an líonra, beidh sé tábhachtach i gcothromú eangaí agus b'fhéidir go mbeadh sé in ann fuinneamh in-athnuaite srianta (nó diomailte) a úsáid trína theaschaidéil agus coirí leictreacha. Tá beartaithe stórtha móra fuinnimh theirmigh a chur leis, rud a chuirfidh leis an gcumas sin.

Ní coitianta ar scála chomh mór seo an cineál seo de stóráil fuinnimh in Éirinn. In éineacht leis an trealamh leictreach teaschaidéil (i.e. teaschaidéal agus coire), tugann an méid seo deis nua seirbhísí a sholáthar don eangach leictreachais agus sciathra níos mó de ghiniúint in-athnuaite a chumasú ar an eangach leictreachais trí sheirbhísí cothromaithe eangaí agus freagartha minicíochta a sholáthar.

“Mar gheall ar an scéim, tá astaíochtaí á laghdú go suntasach sa cheantar, beagnach 1,500 tona CO₂/ sa bhliain, forbairt a fhágann go bhfuil Tamhlacht ar thús cadhnaíochta sa ghníomhú áitiúil fuinnimh.”



FEIDHMEANNA RIALÁLA



AN SCÉIM UM OIBLEAGÁID ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Scéim éifeachtúlachta fuinnimh de chuid Riattas na hÉireann atá i bhfeidhm ó 2014 is ea an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS). Tá an scéim deartha leis an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i dtithe, gnólachtaí agus pobail in Éirinn. Faoi EEOS, ceanglaítear ar na soláthraithe agus dáileoirí fuinnimh is mó in Éirinn spriocanna bliantúla éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Ar na soláthraithe agus dáileoirí móra fuinnimh seo tá cuideachtaí a dhíolann níos mó ná 400GWh fuinnimh sa bhliain le custaiméirí deiridh. Páirtithe faoi oibleagáid a thugtar ar na cuideachtaí seo, dá dtugtar spriocanna sonracha bliantúla éifeachtúlachta bunaithe ar a sciar den mhargadh sa tionscal fuinnimh.

Lena spriocanna bliantúla a bhaint amach, féadfaidh Páirtithe faoi Oibleagáid tacaíocht airgeadais a thabhairt d'úinéirí tí, gnólachtaí agus pobail uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh. Tuilleann Páirtithe faoi Oibleagáid creidiúintí fuinnimh dá sprioc bhliantúil as gach aonad fuinnimh a shábháiltear.

Ós rud é gurb é riarthóir na scéime é, tá SEAL freagrach as na spriocanna a ríomh, as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus as tuairisciú don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus do pháirtithe leasmhara eile. Tá an scéim bunaithe ar chóras láidir bainistíochta cáilíochta, lena chinntiú nach nglacfar ach le catagóirí incháilithe spárála fuinnimh. In 2024, bhain an scéim

amach deimhniú de réir chaighdeán ISO 9001: 2015 do chórais bainistíochta cáilíochta. Tugann SEAL treoir agus comhairle theicniúil do na páirtithe faoi oibleagáid agus do pháirtithe leasmhara. In 2024, d'fhoilsíomar doiciméad nua comhchuibhithe treorach do chuideachtaí chun tuairisciú tomhais agus fíoraithe a chur i gcrích do choigilteas fuinnimh tráchtála a bhaintear amach faoi aon chlár de chuid SEAI (EEOS, EXEED, CEG agus Fionnachtaithe).

In 2024, faoi EEOS, sheol SEAL clár píolótach comhoibríoch le páirtithe faoi oibleagáid chun seirbhísí iarfheistithe a sholáthar do thithe faoin mbochtaineacht fuinnimh faoin Scéim um Thithe níos Teo. D'fhéadfadh an clár píolótach seo bonn eolais a chur ar fáil do chonair bhreise chun cur le hacmhainneacht ar an Scéim um Thithe níos Teo agus dlús a chur leis an teacht ar an scéim ag úinéirí tí ar an liosta feithimh. Tá an comhar ina fhorbairt ar níos mó ná 10 mbliana de pháirtithe faoi oibleagáid ag tacú le huasghráduithe fuinnimh baile faoi EEOS. Meastar go beidh torthaí ón gclár píolótach ann in 2025.

Bhí timpeall 660 GWh de choigilteas fuinnimh deiridh ann faoin EEOS i rith 2024, an figiúr sin bunaithe ar na figiúirí sealadacha a bhí ar fáil tráth scríofa na tuarascála seo. Mar chuid den choigilteas sin bhí uasghrádú fuinnimh ar bhreis agus 4,000 áit chónaithe agus 700 gnólacht.

Mar fhreagra ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, dearadh an chéim de SOÉF ina bhfuilimid faoi láthair chun méid fuinnimh a spáráil arb ionann é agus 60% de sprioc éifeachtúlachta fuinnimh na hÉireann. Tar éis athmhúnlú na Treorach i Meán Fómhair 2023, rinneadh an sprioc iomlán in Éirinn a mhéadú ó 60,707 GWh go 88,466 GWh. Dá bhrí sin, creidtear go dtabharfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi chomhairliúchán in 2025 ar athruithe beartaithe ar EEOS, chomh maith le sciar EEOS den sprioc, a thiocfaidh i bhfeidhm in 2026.

“ Bhí timpeall 660 GWh de choigilteas fuinnimh deiridh ann faoin EEOS i rith 2024, an figiúr sin bunaithe ar na figiúirí sealadacha a bhí ar fáil tráth scríofa na tuarascála seo. Áiríodh leis seo uasghrádú fuinnimh ar níos mó ná 4,000 áit chónaithe agus 700 áit ghnó. ”

POINTE TEAGMHÁLA AONAIR

Nuair a bhíonn tionscadal fuinnimh in-athnuaite á fhorbairt, féadfar go dteastóidh réimse ceadúnas agus ceadanna. Is mian le SEAL an próiseas a shimpliú agus an t-eolas ar fad a thabhairt le chéile san aon áit amháin. Faoi láthair, tugann an Pointe Teagmhála Aonair (Fuinneamh In-athnuaite) treoir d'aon úsáideoir deiridh a bheadh ag iarraidh tionscadal fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt maidir leis na ceadanna a theastóidh nó a theastódh dá dtionscadal agus an áit le hiad a fháil. I dtaca leis an úsáideoir deiridh, bíonn éagsúlacht ann idir an féintomhaltóir baile mionscála agus an forbróir tráchtála mórscála. Clúdaítear faoinár dtreoir úsáid 13 chineál éagsúla de theicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite.

Is é is bunchuspóir don tseirbhís seo an próiseas toilithe a dhéanamh níos intuigthe d'úsáideoirí deiridh agus, dá réir, tacaíocht a thabhairt le go nglacfar níos gasta leis an bhfuinneamh in-athnuaite in Éirinn.

Seoladh an tseirbhís treorach i nDeireadh Fómhair 2023. In 2024, tháinig feabhsuithe agus leasuithe chun dáta ar an eolas a chuirtear ar fáil, próiseas na Measúnachta Timpeallachta san áireamh (a theastaíonn faoi RED III).

I mí Eanáir 2025, tugadh freagrachtaí breise do SEAL faoi fheidhm an Phointe Teagmhála Aonair, is é sin córas faireacháin a dhearadh agus a fhorbairt le sonraí a ghabháil faoin aga a thógtar ar gach tionscadal plé le gnéithe bunúsacha den chóras toilithe. Déanfar an córas seo a fhorbairt le linn na bliana atá le teacht. Beimid in ann leas a bhaint as le tuiscint a fháil ar na háiteanna a mbíonn na bacanna sa phróiseas lárnach toilithe. Beimid in ann dá bharr tuairisciú ar an gcomhlíonadh ó thaobh amlínte RED III de.

ÚDARÁS UM FHAIREACHAS MARGAIDH

Déanann an tÚdarás Faireachais Margaigh in SEAL faireachán ar an gcomhlíonadh ó thaobh rialacháin AE de um éicidhearthóireacht, lipéadú fuinnimh agus lipéadú bonn. Ar leibhéal an AE, meastar go bhfuil an coigilteas fuinnimh iomlán a bhainfear amach as feidhmiú na rialachán seo thart ar aon trian de sprioc 55% an AE do 2030 ó thaobh coigilteas astaíochtaí de (bunaithe ar chomhlíonadh 100%).

Féachann Aonad an Údarais Faireachais Margaigh le go n-imreoidh na rialacháin lipéadaithe an tionchar is mó agus is féidir. Leis sin a dhéanamh, déanfar an fheasacht agus tuiscint ar lipéadú fuinnimh agus bonn a fheabhsú, mar a dhéanfar i gcás gnéithe áirithe den éicidhearthóireacht i measc miondíoltóirí agus tomhaltóirí.

In 2024, rinneadh breis agus 300 iniúchadh i dtaca le rialacháin an AE um éicidhearthóireacht, lipéadú fuinnimh agus lipéadú bonn a bhain le 17 gcatagóir dhifriúla táirgí agus oibleagáidí ar mhiondíoltóirí ó thaobh lipéadaithe de. Rinneadh 25,000 táirge a iniúchadh in 110 gnólacht ar fud na hÉireann lena gcomhlíonadh le Rialacháin AE maidir le Lipéadú Fuinnimh a mheas. Fuarthas amach ó na hiniúchtaí go raibh leibhéil arda den chomhlíonadh ann. Bhí 87% de na táirgí ar taispeáint i ngnólachtaí a ndearadh iad a mheas comhlíontach le riachtanais lipéadaithe fuinnimh an AE. Tá an figiúr seo 4% níos airde ná 2023 agus ar an ráta is airde comhlíontachta atá taifeadta ó bhí 2019 ann.

An tosaíocht atá againn do 2025 ná ár dteachtairacht a chur in iúl go leanúnach faoin tábhacht a bhaineann le comhlíonadh, páirt a ghlacadh sa tionscadal EEPLIANT4 atá á mhaoiniú ag an AE, sinn ag obair i gcomhar le 25 Údarás Faireachais Margaigh eile ar fud na hEorpa.



ÁR nDAOINE

Is iad ár bhfostaithe atá i gcroílár gach a ndéanaimid agus an tslí a ndéanaimid é, ar mhaithe lenár misean a bhaint amach. Is é an cuspóir céanna atá ag foirne in SEAI agus a spreagann iad. Tá ár luachanna ina mbunchloch againn, agus is orthu siúd atá an obair a dhéanaimid agus an chaoi a ndéanaimid í bunaithe. Bímid de shíor ag saothrú le cultúr eagraíochta a fhorbairt a léireoidh na luachanna atá againn, sin díograis, crógacht, nuáil, iontaoibh, saineolas agus comhar, cultúr ina gcuirfear gach comhghleacaí san áireamh, ina dtabharfar tacaíocht dóibh agus ina mbeidh siad spreagtha lenár spriocanna a bhaint amach. Ar an gcaoi sin, tá sé ina aidhm againn saol oibre den scoth a chur ar fáil d’fhostaithe chun daoine cumasacha díograiseacha a mhealladh, a fhostú agus a choinneáil a léireofar meas orthu as a saothar.

TÁ ÁR LUACHANNA INA mBUNCHLOCH AGAINN, AGUS IS ORTHU A BHUNAÍTEAR AN OBAIR A DHÉANAIMID AGUS AN CHAOI A nDÉANAIMID Í.



Táimid díograiseach



Táimid cróga



Táimid nuálach



Tá muinín ag daoine asainn



Is saineolaithe muid




Táimid comhoibríoch

STRAITÉIS DAOINE

Is éard atá i Straitéis an Phobail againn plean ginearálta le lucht saothair a mhealladh, a earcú, a oiliúint agus a choinneáil. Bhí an Straitéis mar bhonn faoinár gcuid gníomhaíochtaí in 2024. Anois i dtréimhse ina bhfuil borradh mór faoin eagraíocht agus an-chuid athruithe ag titim amach, leagtar síos sa Straitéis an cur chuige atá againn don chaidreamh a bhíonn againn lenár gcuid fostaithe i ngach céim de shaol oibre an fhostaí. Leagtar amach sa Straitéis clár oibre uailmhianach chun forbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar lucht saothair oile spreagtha, daoine a bhfuil na hinniúlachtaí, an cumas agus an acmhainneacht riachtanach acu le cuspóirí straitéiseacha SEAI a bhaint amach. Tá an straitéis leagtha amach i gcomhthéacs Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse, 2030, agus ag teacht le Ráiteas Straitéise 2022-2025 SEAI ó thaobh spriocanna agus gníomhartha de.

Sé cholún atá i Straitéis an Phobail agus 60 gníomh iontu a chuideoidh linn barr ár gcumais a bhaint amach mar eagraíocht.



CULTÚR AGUS LUACHANNA

Chuireamar suirbhé ar fhostaithe in 2023 leis an gcultúr a dhéanamh amach, suirbhé ina bhfuarthas amach réimsí a bhfuil cultúr láidir againn iontu mar aon le deiseanna feabhais. Ábhar bróid dúinn go léiríonn na torthaí ó thaobh cultúir de go mbíonn gach cuid den eagraíocht ag teacht go mór lenár Misean agus, chomh maith leis sin, go bhfuil muintearas láidir foirne agus rannpháirtíochta ann. Agus na torthaí ón suirbhé againn, dhíriomar ar na marcanna maidir leis an inoiriúnaitheacht a fheabhsú, mar a bhí le tuiscint as tuairimí i dtaca leis an mbéim ar an gcustaiméir, an fhoghlaím mar eagraíocht agus athruithe a bhaint amach. I suirbhé leantach ar aigne na foirne in 2024, léiríodh go raibh dul chun cinn maith déanta againn sna réimsí siúd dar thugamar tús áite. An aidhm atá againn ná cur leis na réimsí sin inar aimsíomar deiseanna feabhais agus, san am céanna, na marcanna láidre sna gnéithe eile den chultúr a choinneáil chomh hard céanna.

DAOINE CUMASACHA A MHEALLADH

Bliain ghnóthach eile a bhí againn in SEAI in 2024 agus muid ag cur leis na daoine cumasacha atá ag obair linn le go mbeidh níos mó éagsúlachta ann. Tháinig méadú ó 227 fostaí i ndeireadh 2023 go 242 fostaí in 2024. Bhíomar in ann daoine cumasacha nua agus daoine a bhfuil scileanna nua acu a mhealladh mar gheall ar an méadú ar an bhfoireann taobh leis na deiseanna a tháinig chun cinn mar gheall ar na lagduithe ar an bhfoireann a mbeifí ag dúil leo de ghnáth. D'fhág an ghluaiseacht san eagraíocht go raibh oibríthe in ann scileanna nua a fhoghlaím agus glacadh le ról nua agus/ nó freagrachtaí breise. Molaimid do bhaill foirne cur isteach ar ról úra de réir mar a thagann siad chun cinn. Fógraímid ról sa mhargadh oscailte, leis, ionas go mbeidh teacht againn ar an réimse scileanna agus eolais a theastaíonn uainn mar an t-údarás ceannasach ar gach gné de chúrsaí fuinnimh. Cuireann neart daoine cumasacha isteach ar fholúntais san eagraíocht, ar ábhar mór dóchais do SEAI é sin.

ÁR bPOBAL A CHOINNEÁIL AGUS A SPREAGADH

Gné lárnach de straitéis an phobail againn ná go mbeidh am ar dóigh ag fostaithe atá ag obair linn, gné a théann i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht a bhaineann leis na daoine atá ag obair san eagraíocht. Rinneamar athbhreithniú agus leasú chun feabhais ar an bpróiseas fáilte agus ionductaithe bunaithe ar aiseolas a fuaireamar ó fhostaithe nua. Chuireamar clár inmheánach meantóireachta i bhfeidhm agus tá scáileáin dhinimiciúla eolais curtha isteach againn sna hoifigí a thugann fothaí nuachta d'oibríthe agus do chuairteoirí. An ráta athraithe ar fhostaithe a bhí ann le linn na bliana ná 8% (2023: 6.4%), ráta atá fós níos lú ná na meánrátaí náisiúnta.

Agus muid ag tacú le folláine ár bhfoirne, d'eagraíomar imeachtaí do bhaill foirne, iad ceaptha agus eagraithe ag grúpa Sláinte agus Folláine atá á threorú ag fostaithe. In 2024, leagamar béim níos mó ar an meabhairshláinte agus bhí oiliúint ann don fhoireann iomlán, seisiúin faoi leith do bhainisteoirí san áireamh.



TEISTIMÉIREACHT Ó BHALL FOIRNE

Tá misean SEAI millteanach tarraingteach agus níl a shárú ann ó thaobh chultúr na heagraíochta de. Domsa go pearsanta, an rud is fearr den obair in SEAI ná na daoine a mbím ag obair ina dteannta. Féadaim SEAI a mholadh go hard mar áit iontach oibre.

John O'Flaherty
Bainisteoir ar an Oifig Bainistithe Claochlaithe

Tá scagthástáil sláinte agus cúnamh folláine fós ar fáil do gach fostaí. Mar atá léirithe sa líon mór daoine a fhreastalaíonn ar imeachtaí agus oiliúint, agus san aiseolas dearfach, glacann daoine go maith leis an tiomantas don tsláinte agus folláine.

Gné lárnach den rannpháirtíocht ná a dheimhniú go bhfuil na córais i bhfeidhm againn le go mbeidh fostaithe páirteach sna rudaí is tábhachtaí dóibh. Léirítear meas ar aiseolas agus déantar dá réir le go mbeimid de shíor ag feabhsú. Cúis sásaimh dúinn go rabhamar ar an ngearrliosta do ghradaim CIPD in 2024 sa chatagóir 'Eispéireas an Fhostaí a Ardú'.

FORBAIRT TALLAINE

Spreagann SEAI daoine le tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach, agus tacaíonn leo, trí oideachas foirmiúil, malartú eolais agus oiliúint scileanna, na deiseanna sin curtha i láthair i meascán d'imeachtaí ar an láthair agus uirlisí foghlama ar líne. In 2024 chuireamar breis agus coibhéis 600 lá oiliúna foirne ar fáil in ábhair éagsúla, na cinn seo ina measc: sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht feidhmíochta, scileanna TF, cibearshlándáil, cosaint sonraí, saoráil faisnéise, feasacht fuinnimh agus oiliúint d'agallóirí. Chuireamar struchtúir i bhfeidhm le forbairt agus oiliúint ceannaireachta a sholáthar ar shlí inrochtana (obair a thosaigh go luath in 2025). Chuireamar lenár gclár

ionduchtaithe agus tá oiliúint éigeantach ann anois chomh maith le córas carad d'fhostaithe nua.

Rinneamar na próisis don bhainistíocht agus forbairt feidhmíochta a leasú chun dáta le go mbeadh nasc follasach ann idir ár gcuid oibre agus ár modhanna oibre, agus fianaise ann nuair a dhéanaimid ár luachanna a fhíorú.

Reáchtáladh feachtais earcaíochta in 2024 inar tugadh ardú céime nó ról ar an leibhéal céanna d'iarrthóirí inmheánacha, forbairt trínar cuireadh le scileanna agus cumas foirne ar fud na heagraíochta.

TEISTIMÉIREACHT Ó BHALL FOIRNE

Tá an-bhród ar fad orm as bheith ag obair do SEAI agus as bheith páirteach in iarrachtaí leis na dúshláin in Éirinn ó thaobh fuinnimh agus aeráide de a réiteach. An rud is fearr faoi SEAI ná na daoine atá ag obair anseo. Tá siad díograiseach faoin méid a dhéanann siad, déanann siad go maith é agus bíonn an-spraoi leo chomh maith!

Emer Barry
Bainisteoir Cláir Feithiclí
Leictreacha

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

Tá Straitéis shoiléir um Chomhionannas Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) in SEAI. Tugann an Bord agus na foirne ceannaireachta tacaíocht láidir do pholasaithe CéI. I gcomhréir lenár bprionsabail ó thaobh rannpháirtíocht foirne de agus sa dóigh is go n-éistfear le guth gach foirne agus gráid, tá Coiste gníomhach CéI againn atá dírithe ar bheart a dhéanamh de réir briathair i gcás CéI.

Tugadh faoi réimse gníomhaíochtaí éagsúla in 2024 in SEAI leis an bhfeasacht agus tuiscint ar CéI a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Seo samplaí de na gníomhaíochtaí: oiliúint ar cheannaireacht ionchuimsitheach, dínit san ionad oibre, ceiliúradh ar Bhród, oiliúint d'oifigigh rochtana, oiliúint meanapáis do bhainisteoirí líne, feasacht ar an néara-éagsúlacht san ionad oibre, feasacht meabhairshláinte agus folláine chomh maith le hócáid fhéilteúil bunaithe ar bhia domhanda.

Don dara bliain as a chéile, bhronn Ionad na hÉireann don Ilchineálacht creidiúnú airgid orainn agus ardmholadh as feabhsuithe suntasacha atá bainte amach againn ó tugadh creidiúnú dúinn den chéad uair, mar aon le haitheantas as tionchar ghníomhartha an Choiste CéI. Bhain SEAI an gearrliosta amach sa chatagóir le haghaidh 'Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana' i nGradaim 2024 Ionad na hÉireann don Ilchineálacht.

Agus ár bPlean Gníomhaíochta CéI do 2023-2025 á chur i bhfeidhm againn, coinnimid súil ar an gcothromaíocht inscne ar fud na heagraíochta.

AN BHEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ

An figiúr meánach don bhearna phá idir na hinscní do 2024 in SEAI ná 8.06% (2023: 8.46%) i bhfabhar oibrithe ar fir iad. Léiriú é sin ar dhruidim leanúnach na bearna agus athrú 5% anuas ó breathnaíodh ar an mbearna roimhe seo in 2023. Táimid dírithe i gcónaí ar thionscnaimh leis an gcothroime a bhaint amach.

Le feiceáil sa ghráf thíos tá an fás ar an líon fostaithe in SEAI ó 2019 go 2024. Tá miondealú ann idir fostaithe ar mná agus ar fir iad sna gráid éagsúla. Athróidh cothromaíocht inscne na bhfostaithe sa ghnáthchúrsa ó bhliain go bliain de réir mar a fhágann roinnt daoine agus a fhostaítear daoine nua ina n-áit. Le sé bliana anuas, tá an chothromaíocht inscne athraithe ó bhliain go bliain ó chomhréir 48:52 idir mná agus fir in 2018 go comhréir 54:46 idir mná agus fir ag deireadh 2024. Tá fás ar an líon fostaithe ar mná iad sna gráid is airde. Ar leibhéal an Bhainisteora Cláir, Grád E, go háirithe, tá athrú treochta ann le feiceáil, is é sin gur mná is mó seachas fir na fostaithe atá ar an leibhéal seo anois. Ar an dóigh chéanna, tá méadú tagtha ar an líon ban atá ag obair ar Ghrád F (leibhéal Cinn Roinne), forbairt eile atá ag cur le hiarrachtaí leis an mbearna phá idir na hinscní a dhruidim.

DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ

Ní hamháin ar bhaill foirne atáimid dírithe ó thaobh CéI de. Cuireadh coiste um an Dualgas san Earnáil Phoiblí ar bun in 2024 le hathbhreithniú a dhéanamh, i measc rudaí eile, ar an tslí a gcomhlíonann SEAI na ceanglais faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, sna seirbhísí a chuireann an eagraíocht ar fáil do shaoránaigh agus pobail. Ceann de na chéad chúraimí a leagadh ar an gcoiste ná le measúnú ar sheirbhísí agus polasaithe SEAI a choimisiúnú ó thaobh prionsabail sheanbhunaithe i dtaobh chearta an duine agus comhionannais de. Táimid chun gníomhú de réir na dtorthaí sa mhéid agus is féidir linn tionchar a imirt ar sheirbhísí agus ar pholasaithe atá dírithe ar an Aistriú Cóir a bhaint amach ar an aistear fuinnimh in Éirinn. Tionscnamh atá á stiúradh ag fostaithe in SEAI is ea an Grúpa 'Mná i Réimse an Fhuinnimh' a thacaíonn le rannpháirtíocht na mban san earnáil fuinnimh agus a spreagann an rannpháirtíocht sin.

ATHRÚ Ó BHONN SNA HACMHAINNÍ DAONNA AGUS SAN FHORBAIRT EAGRAÍOCHTA

Déanaimid gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna a leagan amach de réir athruithe ar riachtanais fostaithe ionas go mbeidh taitní thar barr ag fostaithe san eagraíocht. Gné lárnach den chineál rannpháirtíochta seo ná fócasghrúpaí ina mbíonn ról ag fostaithe plean gníomhaíochta straitéise an phobail a chur i bhfeidhm. Bhí na fócasghrúpaí seo ag obair in 2024 lena chinntiú go ndéanfaimis beart de réir briathair chun luachanna SEAI a leabú, an córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta a fheabhsú, agus soghluaisteacht agus folláine ball foirne a chur chun cinn.

Rinneamar an teacht ar pholasaithe agus eolas a shimpliú, chuireamar bealaí nua i bhfeidhm le go mbeadh fostaithe in ann teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann Acmhainní Daonna agus rinneamar infheistíocht leanúnach i ndigitiú próiseas Acmhainní Daonna.

Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí pleanála agus acmhainneachta lucht saothair le linn 2024, é sin mar chuidiú dúinn chun cur leis na hacmhainní a theastaíonn uainn mar eagraíocht leis an gclár oibre a chur chun cinn leis an earnáil fuinnimh a dhícharbónú.

TEISTIMÉIREACHT Ó BHALL FOIRNE

Tá an t-ádh dearg orm go bhfuil an post seo agam a mbainim an oiread seo taitnimh as. Ní hionann aon dá lá, bíonn idir spreagadh agus dúshlán ann. Is aoibhinn liom mo ról san eagraíocht seo, eagraíocht atá lárnach sa phróiseas le hathruithe móra a dhéanamh sa tsochaí agus don phláinéad seo. An chúis a bhfuil SEAI chomh hiontach seo ná na daoine. Spreagann siad i rith an ama mé chomh díograiseach, saineolach agus nuálach atá siad.

Justine Barrett
Feidhmeannach Slabhra Soláthair Iarfheistithe



FREASTAL AR ÁR gCUID CUSTAIMÉIRÍ AGUS AR AN bPOBAL I gCOITINNE

EISPÉIREAS AN CHUSTAIMÉARA

D'fhoilsigh SEAI a chéad Straitéis um Eispéireas Custaiméirí in 2024 inar leagadh amach gealltanais na heagraíochta go gcuirfeadh le heispéireas gach custaiméara. Cuireann an Straitéis le Ráiteas Straitéise SEAI agus le Cairt Custaiméirí na heagraíochta. Déantar eispéireas an chustaiméara a mheas ar bhonn níos ginearálta i ngach cuid de SEAI. Leagtar béim sa straitéis seo ar an sprioc atá againn saol a fhorbairt lenár gcustaiméirí a mbeidh fuinneamh inbhuanaithe ann, é sin trí bhithin seirbhísí simplí inúsáidte ardchaighdeán.

Comhiarracht a bhí ann an straitéis a chur le chéile agus gach cuid de SEAI páirteach san obair. Tá an straitéis againn mar thoradh ar thaighde, aiseolas ó chustaiméirí agus plé leo, athbhreithniú ar an dea-chleachtas, treohtaí agus deiseanna nua. Leagtha amach sa straitéis tá príomhréimsí le díriú orthu chun tacú níos mó lenár gcultúr atá dírithe ar an gcustaiméir, cleachtais a bhaineann le taithí an chustaiméara a fhorbairt in SEAI agus cur le heispéireas an chustaiméara. An sprioc atá againn ná go mbeidh an t-eispéireas is fearr agus is féidir ag custaiméirí agus iad ag plé linn, is cuma cé hiad agus an chúis a mbíonn siad ag plé linn.

Seo samplaí de na tionscnaimh a chuireamar ar fáil in 2024 a bhain le heispéireas an chustaiméara:

- Chuireamar Oiliúint in Eispéireas an Chustaiméara ar fáil d'oibrithe in SEAI le go mbeadh comhthuiscint ann ar an dea-chleachtas in SEAI i dtaobh eispéireas an chustaiméara.
- Ó tharla gur dhíriomar ar aistear an chustaiméara a leagan amach, chuidigh an méid sin linn an plé a bhíonn ag custaiméirí linn a thuiscint agus feabhsuithe a shonrú dá n-aistear.
- Tá an comhfhreagras le custaiméirí don scéim grianfhuinnimh fhótavoltaigh athbhreithnithe agus athdheartha againn agus, dá bharr, déanaimid a chinntiú go mbíonn ár gcumarsáid scríofa oiriúnach do lucht a léite, ar cuidiú dár gcustaiméirí é sin agus iad ag plé lenár seirbhísí. Mar aon leis sin, rinneamar an tairseach iarratais ar líne ar dheontais don ghrianfhuinneamh fótavoltach a dhearadh arís agus, dá bharr, is fusa ag custaiméirí iarratas a dhéanamh ar dheontais toisc go bhfuil treoracha ar na leathanaigh agus gur baineadh céimeanna nach raibh call leo.

- Agus na córais TF á bhforbairt, ghlacamar le cleachtais Deartha Eispéireas Úsáideoirí chun an ghné sin dár dtairseacha ar líne a fheabhsú.
- Chuireamar i gcrích athfhorbairt chuimsitheach ar shuíomh gréasáin SEAI chun cur níos mó le heispéireas an chustaiméara.
- Agus muid ag tarraingt ar dheireadh 2024, sheolamar an Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Gnó. Faoin scéim seo, cuirtear ar fáil deontais a cheadaítear go mear chun cuidiú leis na hearnálacha gnó, talmhaíochta, poiblí agus neamhbhrabúis bearta éifeachtúlachta agus in-athnuaite fuinnimh a thabhairt isteach ina bhfoirgnimh.

Tá cuid mhaith dár seirbhísí á gcur ar fáil ar ardáin dhigiteacha. Dá réir sin, táimid dírithe ar oibriúcháir réidhe gnó a chaomhnú, an eagraíocht a chosaint ar chibeartheagmhais agus an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm san fhorbairt ar bhogearraí. In 2024, bhíomar ag obair go leanúnach le feidhmeanna éagsúla a fhorbairt, leis an eagraíocht a chosaint le go seasfaidh sí an aimsir, agus le slándáil agus éifeachtúlacht ár seirbhísí

a fheabhsú. Ábhar bróid dúinn in 2024 na nithe seo a dhéanamh:

- Deimhniú go ISO27001 a bhaint amach don fhaisnéis agus cibearshlándáil.
- Feidhm um eispéireas an úsáideora a fhréamhú inár bhfoireann teicneolaíochta chun tacú lenár mbéim ar eispéireas an chustaiméara agus teicneolaíochtaí úra á n-uasghrádú agus á bhforbairt againn agus muid ag dul in oiriúint dóibh. Forbairt leanúnach a dhéanamh ar na bunchlocha le haghaidh córas láraithe deontais fiontraíochta.

“An sprioc atá againn ná go mbeidh an t-eispéireas is fearr agus is féidir ag custaiméirí agus iad ag plé linn, is cuma cé hiad agus an chúis a mbíonn siad ag plé linn.”

Tá Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe na gCloch Liath agus Dheilgne ina bhall de líonra SEAI na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe

POBAIL

Líonra náisiúnta idir piaraí é an Líonra Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe ina bhfuil breis agus 900 pobal, iad ag obair go háitiúil le fuinneamh a úsáid ar bhealaí freagracha agus inbhuanaithe ar mhaithe lena bpobal féin. Cuireann na pobail seo tionscadail phobail i ngníomh agus, mar sin, baineann torthaí amach i dteannta a chéile le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Tá ról riachtanach acu san aistriú go dtí an fuinneamh ísealcharbóin toisc go dtugann siad ceannaireacht, treoir, deiseanna plé agus deiseanna forbartha dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair sa phobal acu. Baineann siad comhthairbhí tábhachtacha amach don phobal agus muid ag dul tríd an aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin.

Ceann de na comhthairbhí seo ná go gcuirtear eolas faoin éifeachtúlacht fuinnimh ar fáil d'úinéirí tí chun cur leis an eolas áitiúil ar fhuinneamh agus le hathrú iompraíochta a spreagadh. Reáchtáladh breis agus 250 imeacht áitiúil pobail ar an láthair in 2024, iad á dtreorú ag meantóirí a bhí ceaptha ag SEAI agus a bhí ag obair le coiste na háite. Tugann clár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe deis do phobail tacaíocht agus teagasc a fháil ó mheantóirí, deiseanna plé idir piaraí agus deiseanna cuairt a thabhairt ar láithreáin agus iad ag tabhairt faoin aistriú acu féin i dtreo saol ísealcharbóin.

“Tugann clár na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe deis do phobail tacaíocht agus teagasc a fháil ó mheantóirí, deiseanna plé idir piaraí agus deiseanna cuairt a thabhairt ar láithreáin agus iad ag tabhairt faoin aistriú acu féin i dtreo saol ísealcharbóin.”

BUNTÁISTÍ DO SHLABHRA AN tSOLÁTHAIR

An phríomhaidhm atá le beartais agus bearta fuinnimh inbhuanaithe ná fáil réidh le breoslaí iontaise inár gcóras fuinnimh. Agus muid sa tóir ar an sprioc seo, tá réimse leathan tairbhí eile le baint amach san am céanna. Samplaí de na tairbhí seo ná slándáil fuinnimh níos fearr, níos mó iomaíochas gnó, luachanna méadaithe sócmhainní, sláinte agus folláine níos fearr ag saoránaigh, inacmhainneacht fuinnimh agus laghduithe ar chostais, níos lú bochtaineacht fuinnimh, laghdú ar thruailliú aeir, forbairt pobail, bainistiú acmhainní, deiseanna níos fearr don fhostaíocht fadtéarma agus tairbhí maicreacnamaíocha eile.

Na beartais sin a spreagann an t-aistriú go teicneolaíochtaí sábhála fuinnimh agus teicneolaíochtaí bunaithe ar an bhfuinneamh in-athnuaite, bíonn siad taobh thiar den fhorbairt ar na slabhraí soláthair a theastaíonn chun aistriú ar shiúl ó bhreoslaí iontaise a bhaint amach. I dtuarascáil a chuir SEAI amach le déanaí, fuarthas amach go bhféadfaí go ndéanfaí suas le €19 mbilliún in infheistíocht chaipitiúil sa bhliain faoi 2030 mar chuid den aistriú fuinnimh in Éirinn, agus tacaíocht ann do na mílte post, rud a shoiléiríonn an deis shuntasach eacnamaíoch atá san aistriú go fuinneamh inbhuanaithe.

Agus muid ag tabhairt faoin obair riachtanach don aistriú ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, tiocfaidh forbairt ar na cineálacha fostaíochta a thacaíonn leis an aistriú agus le hathruithe ar shlíte maireachtála. Cuirfear athruithe i bhfeidhm chun stop a chur leis an ídiú diomailteach nó fánach fuinnimh agus chun úsáid riachtanach fuinnimh a aistriú go foinsí in-athnuaite. Taobh le hathrú ollmhór teicneolaíochta, má thagann laghdú ar an ídiú iomlán fuinnimh beidh deis againn filleadh ar na nithe is tábhachtaí dúinn. Is féidir múnlaí comhoibríocha agus ionchuimsitheacha a chur isteach san áit a bhfuil an ró-ídiú ar bun ag tíortha agus daoine saibhre. Mar sin, déanfar a chinntiú go mbeidh teacht ag cách ar fhuinneamh inacmhainne inbhuanaithe ar leibhéal a chloífidh le teorainneacha an phláinéid le go mbeidh an cine daonna agus speicis eile in ann maireachtáil.



Níos mó ná
250

imeacht áitiúil pobail á reáchtáil ar an láthair in 2024, iad á dtreorú ag meantóirí a bhí ceaptha ag SEAI agus a bhí ag obair le coiste na háite

ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTA AIRGEADAIS

FOINSÍ IONCAIM

Tá SEAL nach mór go hiomlán á mhaoiniú ó airgead poiblí. Déantar leithdháiltí ó chistí poiblí a shocrú gach bliain. In 2024, bhí 99% d'ioncam á mhaoiniú ag an Stát agus fuarthas díreach os cionn 90% de ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus 8.5% de ón Roinn Iompair (RI). Faigheann SEAL ioncam chomh maith ó Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh (BER) a bhaineann le táillí clárúcháin agus foilsithe ó mheasúnóirí agus úinéirí maoine.

I gcás na gcistí ón RCAC, foinsí státchiste agus foinsí eile atá i gceist, mar atá leagtha amach ar shlí níos iomláine i Nóta 2 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais. Tá athrú tagtha ar an sciar de chistí a thagann as foinsí státchiste agus eile le tamall de bhlianta anuas. Tá 11% d'ioncam deontais SEAL in 2024 aicme mar mhaoiniú nárbh ón státchiste é (2023: 2%). Amach as foinsí neamh-státchiste, á riar ag an RCAC in 2024, bhí €58m ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide (2023:neamhní) agus €3.8m ón gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (2023: €10m).

Tá cláir áirithe de chuid SEAL¹ i dteideal Cúnamh Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a fháil, cúnamh a chuireann leis an leibhéal de mhaoiniú státchiste a chuireann RCAC ar fáil do SEAL.

Nuair a chuirtear foinsí nua maoinithe ar fáil, bíonn deiseanna nua ann chun cur le cláir deontas. Meastar go n-éireoidh foinsí cistí níos éagsúla sna blianta atá le teacht de réir mar a bheidh cláir SEAL cáilithe ar mhaoiniú ón gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, Ciste Caipitlithe Margaidh, Ciste Bonneagair, Aeráide agus Dúlra agus cistí eile de réir mar is cuí. Bíonn a critéir féin agus a caighdeáin chomhlíonta féin ag baint le gach foinse chistiúcháin le go mbeidh cláir incháilithe ar mhaoiniú.

FOINSE	2024		2023	
	€M	%	€M	%
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)	563	89.9%	455	82.2%
An Roinn Iompair (RI)	53	8.5%	89	16.1%
Ioncam do Chláir Deontas ó Roinn/Ranna	616	98.4%	544	98.3%
Ioncam ó Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (BER)	6	0.9%	5	1.0%
Eile (meascán, foinsí díreacha AE ina measc)	1	0.2%	1	0.2%
Ioncam Iomlán (seachas coigeartuithe nó pinsin)	622	99.5%	551	99.5%
Pinsin (coig. neamhairgid)	3	0.5%	3	0.5%
Ioncam Iomlán de réir na Ráiteas Airgeadais	626	100%	553	100%

IONCAM AGUS CAITEACHAS 2024

Ioncam

Bliain ní ba mhó ná riamh a bhí in 2024 agus €616 milliún (2023: €544 milliún) de mhaoiniú faighte do chláir deontas agus costais lárnacha riaracháin. Baineann SEAL leas as na cistí seo le réimse leathan gníomhaíochtaí a sholáthar, ní hamháin eisíocaíocht deontas. Leagtar amach sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an RAFC agus sa Chomhaontú Seirbhíse leis an RI spriocanna atá le baint amach ag SEAL, á gcomhaontú gach bliain. D'éirigh go breá le SEAL in 2024 ó thaobh spriocanna de.

Caiteachas

As na cistí stáit ar fad a fuarthas, d'eisíoc SEAL corradh le €587 milliún idir na cláir ar fad chun tacú leis an dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh. Leagtha amach sa chéad tábla eile tá na príomhearnálacha dar tugadh tacaíocht ón maoiniú seo.

Is é atá i gceist le caiteachas ar chláir deontais dhíreacha chomh maith leis na costais ghaolmhara riaracháin agus caiteachas ar fheidhmeanna rialála SEAL. (Féac Nóta 6 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais le tuilleadh eolais a fháil ar na cláir shonracha).


IONCAM Ó MHAOINIÚ STÁIT €M

	2024	2023	Méadú/ (Laghdú) %
	€m	€m	
Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Chónaithe agus Pobail	428	331	29%
Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí	86	81	6%
Fuinneamh In-athnuaite / Nuálaíocht agus Comhtháthú	20	17	18%
Iompar	53	89	-40%
Caiteachas Iomlán ar Chláir	587	518	+13%

Léiriú atá sa mhéadú ar earnáil na hÉifeachtúlachta Fuinnimh Cónaithe agus Pobail ar an méadú ar an líon tithe a ndearnadh iad a iarfheistiú faoin scéim lánmhaoinithe Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo, agus ar an bhfás ar an éileamh go ginearálta i gcláir deontas baile.

Léiriú ar an bhfás sa raon gníomhaíochtaí sna réimsí seo in 2024 ná an méadú ar na hearnálacha Gnó, Poiblí, Taighde, Fuinnimh In-athnuaite, Nuálaíochta agus Comhtháthaithe. Tháinig laghdú ar íocaíochtaí deontas as feithiclí leictreonacha in 2024 agus an éileamh 22% níos isle ann, é sin ag teacht sna sála ar bhliain an-láidir in 2023 agus laghdú ar luach deontas. Tá an deighleog seo tar éis teacht ar ais go láidir in 2025.

CAITEACHAS NA gCLÁR



¹ Is é sin an clár Fuineamh níos Fearr, Tithe níos Teo

Caiteachas Riaracháin

An caiteachas iomlán riaracháin arna mhuirearú ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais in 2024 ná €32 milliún (2023: €28 milliún). Párolla agus pinsean ba mhó a bhí taobh thiar den mhéadú ar chaiteachas sa réimse seo.

Mar fhreagra ar an méadú ar shainchúram agus raon feidhme SEAI, tháinig fás ar an líon oibrithe coibhéise lánaimseartha ó 230 duine i ndeireadh 2023 go 242 duine i ndeireadh 2024. Léiriú is ea an méadú ar chostais tuarastail ar an difear atá á dhéanamh mar thoradh ar mhéaduithe ar phá san earnáil phoiblí, dul chun cinn pá trí scálaí tuarastail agus an méadú ar an líon oibrithe in 2024. Féach Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais le tuilleadh eolais a fháil.

Déanann SEAI luach ar airgead a chinntiú agus a réimse leathan feidhmeanna á chur i gcrích. Leis sin a dhéanamh, déantar earraí agus seirbhísí a sholáthar go trédhearcach i gcomhréir le ceanglais don soláthar poiblí agus leis an dea-rialachas.

Barrachas

Is é atá i mbarrachas €1 milliún in 2024 barrachas airgid i dtaca le glanioncam BER agus míreanna cuntasaíochta neamhairgid.

Coinníonn SEAI barrachas ioncaim BER le costais a shásamh a bhaineann le riarachán chlár BER agus infheistíocht leanúnach riachtanach le próisis agus córais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm leis na ceanglais sna Treoracha maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a chomhlíonadh.

	2024	2023	
	€m	€m	Méadú %
Costais phárolla	19	16	+19%
Pinsean	4	3	+33%
Costais Oibriúcháin eile	10	9	+2%
Caiteachas Riaracháin	33	28	+18%



SREABHADH AIRGID, CÁIN AGUS GLANSÓCMHAINNÍ

Leagann SEAI a riachtanais airgid amach gach mí bunaithe ar eisíocaíochtaí measta deontas agus speansais eile agus tarraingíonn anuas cistí ó ranna rialtais leis na riachtanais a shásamh gach mí. An tslí a n-oibríonn an tsamhail chistithe, aon bharrachas airgid a fhaightear ón Státchiste (airgead nach n-íoctar amach mar dheontais agus/nó nach dteastaíonn le haghaidh costais riaracháin) le linn na bliana fiosaí, déantar an méid sin a íoc ar ais leis an Roinn chuí roimh dheireadh na bliana. I ndeireadh 2024, bhí airgead €21 milliún (€28 milliún in 2023) ag SEAI agus €8 milliún de sin curtha i leataobh do ghníomhaíochtaí BER. Coinníodh €4 milliún mar réamhíocaíochtaí a fuarthas agus a bhain le tionscadail áirithe AE agus leis an gclár micrighiniúna tráchtála. €15 milliún i suimeanna iníoctha agus fabhruithe a bhí ann i ndeireadh na bliana. Bhain €7 milliún

díobh sin le suimeanna a bhí dlíte do na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca le CBL agus cánacha eile, iníoctha i ngnáthchúrsa an ghnó. Ós gníomhaireacht stáit é SEAI, níl sé faoi réir cáin chorparáide ina chuid gníomhaíochtaí. €11 milliún (2023:€10 milliún) de ghlangsócmhainní a bhí ann san iomlán i ndeireadh 2024.

Ceangaltais

Ceangaltais (€456 milliún de réir Nóta 15 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais i ndeireadh na bliana; 2023: €360 milliún). Is éard is ceangaltais ann tairiscintí deontas, oibreacha a bhí leithdháilte faoin gclár iomlán maoinithe le haghaidh iarfheistiú baile agus orduithe ceannaigh oscailte i ndeireadh na bliana. Meastar go n-íocfar 82% de na gealltanais ó dheireadh na bliana in 2025 agus beidh an 18% eile díobh le híoc in 2026 agus ina dhiaidh.

Súil chun cinn

Tá SEAI ar thuras chun cur leis an líon deontas agus an méid iontu in 2025. Meastar go mbeidh suas le 30% de mhéadú ar mhaoiniú ar fáil i gcomparáid leis an olltoradh buiséid in 2024. Meastar in SEAI gur fearr a bheidh sé in ann tacú le tionscnaimh don dícharbónú mar gheall ar leithdháiltí ó na cistí aeráide mar aon le maoiniú Státchiste.



RIALACHAS



RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Is éard atá sa rialachas na freagrachtaí, cleachtais, beartais agus nósanna imeachta lena dtugtar treoir straitéiseach d'eagraíocht. Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 an phríomhfhoinsé rialachais chorparáidigh i gcás SEAI, ceanglaítear ar an Údarás freisin cloí le ceanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Leagtar amach thíos forléargas ar bhearta rialachais agus tuairiscithe in SEAI. Tá Ráiteas Rialachais cuimsitheach i Ráitis Airgeadais 2024 an SEAI níos faide anonn sa tuarascáil seo.

CEANGLAIS GHINEARÁLTA RIARACHÁIN AGUS BHEARTAIS

Ar an leibhéal náisiúnta, bíonn SEAI ag obair i ndlúthpháirt leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí

stáit. Tá sé sin riachtanach i gcomhthéacs a chuspóirí a chur chun cinn agus lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, ceanglais riaracháin agus ceanglais arna leagan síos ag an Aire nó ag an Rialtas. Ar an leibhéal áitiúil, bíonn SEAI ag obair i ndlúthpháirt le gníomhaireachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt ar bhealach réamhghníomhach.

Tá sé sin ina bhonn faoin gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh ról lárnach ag SEAI maidir le geilleagar ísealcharbóin a bhunú trí bhearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar an aistriú go cineálacha fuinnimh atá níos cliste agus níos inbhuanaithe. Déantar an obair agus an plé seo de réir na dtreoracha beartais éagsúla ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

I mí Mheán Fómhair 2016, ghlac Bord SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ina leagtar amach an dea-chleachtas maidir le rialachas corparáideach do chomhlachtaí Stáit. Cuireann SEAI seisiúin eolais ar fáil do chomhaltaí an Bhoird maidir le ceanglais an Chóid agus tá raon gníomhartha, nósanna imeachta agus tionscnaimh curtha i bhfeidhm aige chun féachaint chuige go gclóifear leis an gCód. Tá a Chód Rialachais féin ag SEAI don eagraíocht, a chuimsíonn ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord SEAI athbhreithniú bliantúil ar a Chód féin agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin SEAI ag www.seai.ie.

Ina fhianaise sin, deimhníonn SEAI go bhfuiltear ag cloí leis na Codanna seo a leanas den Chód Cleachtais arna eisiúint ag an Aire Airgeadais.

CUID 1: RÓL AN BHOIRD

Ní mór don Bhoird taifid chuntasaióchta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais tráth ar bith le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais{b> <b}Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Is é an Bord atá freagrach as sláine na faisnéise airgeadais agus na faisnéise corparáidí atá ar láithreán gréasáin SEAI agus as an bhfaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. I mí Feabhra 2025, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht SEAI i leith 2024 trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc. Measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais SEAI ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais SEAI amhail an 31 Nollaig 2024.

Caighdeáin Eitice

Tá creat sonrach i gcomhair Chód Rialachais SEAI ceaptha ag Bord SEAI, i gcomhairle le lucht ardbhainistíochta SEAI. Leagtar amach ann na struchtúir agus na nósanna imeachta cuí lena chinntiú go bhfuil socruithe rialachais agus cuntasachta láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm ar fud an Údaráis. Áirítear sa Chreat sin Cóid Iompair Gnó do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann. Ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar bhaill foirne ainmnithe freisin an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh agus an comhlíonadh sin a dheimhniú ar bhonn bliantúil.

Nithe atá le Cinneadh ag an mBord

Tá Sceideal Foirmiúil Nithe formheasta ag bord SEAI atá forchoimeáda go sonrach dó féin i dtaobh cinntí a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh treoir agus rialú an chomhlachta go daingean faoina stiúir. Tá an Sceideal leagtha amach i gCód Rialachais SEAI.

Coinbhleacht Leasa

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha bunaithe ag Bord SEAI chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist i ndáil le lucht bainistíochta agus Comhaltaí Boird.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022

Mar chuid dá chruinniú an 27 Márta 2024, cheadaigh Bord SEAI Beartas agus Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta (Sceithireacht) ina gcuirtear san áireamh na ceanglais nua a eascraíonn as an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Tuairiscíonn SEAI ar nochtadh cosanta don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe gach bliain agus foilsíonn an tuarascáil sin faoin 31 Márta ar a láithreán gréasáin. Fuarthas dhá thuairisc in 2024 ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ina nochtaí cosanta trí mheán chóras tuairiscithe SEAI.

Ráiteas Straitéise

Clúdaíonn Straitéis SEAI, 'Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar', an tréimhse ó 2022 go 2025 agus sheol an tAire go foirmiúil í i Meitheamh 2022. Tá sí le fáil ar láithreán gréasáin SEAI, www.seai.ie. Rinne Bord SEAI athbhreithniú lárpoinnte ar dhul chun cinn ar an Straitéis a mheas i mí na Samhna 2024. Cuirfear tús in 2025 leis an bpleanáil don chéad tréimhse Straitéiseach eile, 2026 – 2030.

CUID 4: ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD

Meastóireacht Sheachtrach

Bhain SEAI deimhniú SWiFT 3000 amach ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Is é atá i gceist leis sin scrúdú agus meastóireacht neamhspleách ar nósanna imeachta rialachais chorparáidigh SEAI agus ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Is i mí na Nollag 2024 a rinne NSAI an mheastóireacht dheireanach ar SEAI, tráth ar athdheimhniódh é de réir SWiFT 3000. Luadh sa mheasúnú go raibh SEAI tar éis comhlíonadh a bhaint amach ar leibhéal an-ard ó thaobh fhorálacha an Chóid de.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ar bhonn próiseas tairisceana, roghnaíodh an Foras Riaracháin le tabhairt faoi Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Bhoird, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chun díograis an Bhoird agus na heagraíochta i leith an dea-rialachais a léiriú. Breathnaíodh ar ról agus ar fheagrachtaí an Bhoird agus na gCoistí, ábhar fócais an Bhoird, agus caidreamh agus próisis an Bhoird. Ba idir Deireadh Fómhair 2023 agus Eanáir 2024 a rinneadh an t-athbhreithniú. Cinneadh sa tuarascáil

a eisíodh i bhFeabhra 2024 go léiríonn an t-aiseolas agus an méid a bhí le sonrú gur maith a fheidhmíonn an Bord de réir cur chuige gairmiúil i dtéarmaí iompraíochta, modhanna agus próiseas. Rinneadh moltaí áirithe sa tuarascáil i dtaobh feabhsuithe chun tacú leis an mBord, atá á gcur i bhfeidhm de réir a chéile.

CUID 6: TUAIRISCIÚ GNÓ AGUS AIRGEADAIS

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais SEAI agus cuirtear faoi bhráid an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil iad, mar aon le Tuarascáil Bhliantúil SEAI, i gcomhréir leis an Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Áirítear leis sin scrúdú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a ullmhaítear uair sa bhliain. Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha sin ar fáil don Aire de réir na gceanglas a leagtar amach in Alt 1.9 sa chuid den Chód Athbhreithnithe ina gclúdaítear ceanglais ghnó agus airgeadais.

CUID 7: BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Bainistíocht Riosca

Tá beartas cuimsitheach um measúnú riosca agus bainistíocht forbartha in SEAI agus tá an creat iomlán bainistíochta riosca ceadaithe ag an mBord. Tá sásraí cuí bunaithe ag Bord SEAI agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh

Coinníonn SEAI ar bun córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh agus cuireann sé i bhfeidhm é. Déanann na hiniúcháirí inmheánacha seachfhoinsithe athbhreithniú bliantúil ar an gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais, agus rinneadh an t-athbhreithniú sin i leith 2024.

An t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach le haghaidh 2024, a ghabhann leis an athbhreithniú, tá siad faofa ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca SEAI agus ag an mBord. Déantar an t-athbhreithniú a dheimhniú sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Maille leis sin, tá ráiteas an Chathaoirligh um rialú airgeadais inmheánach istigh sa Tuarascáil Bhliantúil.

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí atá comhdhéanta go cuí ag SEAI de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil aige, atá faofa ag an mBord.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha sonracha aige, arna bhfaomhadh ag an mBord, a ndéantar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil.

CUID 8: MÁTHAIR-ROINN AGUS RÓL MAOIRSEACHTA

Comhaontú Maoirseachta

Tá Comhaontú Maoirseachta foirmiúil idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus SEAI, ina leagtar amach an mórchreat rialachais agus cuntasachta faoina bhfeidhmíonn SEAI agus ina sainítear na ról, na freagrachtaí agus na hidirghníomhaíochtaí is tábhachtaí i ndáil leis an ngaolmhaireacht eatarthu. Síníodh an comhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus clúdaíonn sé tréimhse trí bliana go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2026. Mar atá leagtha amach sa chomhaontú Maoirseachta, déantar Comhaontú Soláthair Feidhmíochta a ullmhú gach bliainina dtugtar spriocanna bliantúla, méadracht agus socruithe monatóireachta. Síníodh an Comhaontú Soláthair Feidhmíochta do 2024 i nDeireadh Fómhair 2024.

Rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar SEAI in 2024. Pléadh san athbhreithniú na hathruithe ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar SEAI agus na hathruithe ar a ról mar fhreagairt air sin. Rinneadh measúnú ann ar rialachas, cumas eagraíochtúil agus feidhmíocht SEAI. Leagadh béim ar láidreachtaí na heagraíochta agus bhí moltaí ann le héifeachtacht na heagraíochta a fheabhsú le spriocanna fuinnimh agus aeráide in Éirinn a bhaint amach. Tá cnuasach moltaí do SEAI agus don RCAC sa tuarascáil leis an dea-rialachas atá ann cheana a fhorbairt agus le hullmhú don am atá le teacht. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mBealtaine 2025.

Nósanna Imeachta Soláthair

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag SEAI, atá bunaithe ar threoirlínte soláthair phoiblí na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh earraí agus seirbhísí. Féachtar chuige leis na treoirlínte sin go gcomhlíontar cuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, na cóireála comhionainne agus na trédhearcachta, ar a bhfuil rialacha náisiúnta agus rialacha AE bunaithe. Faomhann an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin Plean Soláthair Corparáideach gach bliain.

Comhlíonadh ó thaobh Cánach de

Deimhníonn an Cathaoirleach, sa litir ar leithligh a cuireadh chuig an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, go bhfuil a oibleagáidí faoin dlí cánach comhlíonta ag SEAI.

An Chairt Custaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag SEAI, ina leagtar amach a thiomantas d’ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar. Tá nós imeachta mar chuid den Chairt seo chun plé le gearáin má thagann siad chun cinn, atá ar fáil ar www.seai.ie.

Iarscríbhinn 2020 a ghabhann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Seisear (50%) ban agus seisear (50%) fear a bhí i gcomhaltaí an Bhoird ar an 31 Nollaig. Mar sin, comhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit.

Chun tacú le cothromaíocht inscne ar an mBord seo, beidh dlúth-chomhordú agus comhar idir SEAI agus an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil maidir le ceapacháin chun an Bhoird. Is é an tAire a dhéanann ceapacháin chuig an mBord, nuair a thagann siad i gceist, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh, 2016. Cuirfear ceanglais iarscríbhinn 2020 i bhfeidhm maidir le gach ceapachán chuig an mBord.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tá SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus leagtar béim san eagraíocht ar an gcomhionannas, ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú (CÉC). Tá Straitéis fhorásach CÉC ag SEAI lena n-áirítear roinnt príomhcholún arna gcur i bhfeidhm ag an gCoiste CÉC.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Leis an Acht seo, a tháinig in ionad fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, déantar an dlí a bhíodh i bhfeidhm a chomhdhlúthú agus a thabhairt cothrom le dáta. Tá feidhm freisin ag forálacha na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Feidhm Ghinearálta), 2007-2023. Tá SEAI fós ag déanamh bearta cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne díreach agus indíreach, na gconraitheoirí agus na gcuaritheoirí go léir a chosaint agus chun feasacht a mhúscailt ina chuid oifigí agus spásanna oibre baile chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann SEAI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002.

Tá sé ina bheartas ag SEAI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go n-íocfar ús déanach, más gá.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Faoi na hAchtanna thuasluaite, tugann Comhaltaí Boird SEAI Ráitis Leasa do Rúnaí an Bhoird gach bliain de réir fhorálacha na nAchtanna. Chomh maith leis sin, bíonn an dá Acht á gcomhlíonadh ag baill foirne SEAI a bhfuil poist shainithe acu.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Is comhlacht forordaithe é SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus cloíonn sé go hiomlán leis na ceanglais a leagtar amach sna hAchtanna. Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis faoi na hAchtanna a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise ag foi@seai.ie.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Is Rialaitheoir Sonraí é SEAI faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine chun príobháideachta a chosaint agus le smacht a fheidhmiú ar an gcaoi a n-úsáidtear a fhaisnéis phearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ceaptha ag SEAI agus is féidir leis an té sin cabhrú le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Is féidir iarrataí dá leithéid a sheoladh chuig dataprotection@seai.ie.

Na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, 2007-2018

Is Údarás Poiblí é SEAI chun críocha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2018 agus comhlíonann sé na hoibleagáidí a leagtar amach fúthu. Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis a thagann faoi na Rialacháin sin a sheoladh chuig aie@seai.ie.

Na hAchtanna Ombudsman

Tá SEAI ar cheann de na ‘Comhlachtaí faoi shainchúram an Ombudsman’, liosta comhlachtaí ar féidir leis an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar ghearáin fúthu. Tá Oifig an Ombudsman ar fáil chomh maith chun gearáin ó dhaoine den phobal a scrúdú, má chreideann daoine gur chaith soláthraithe seirbhíse poiblí áirithe go míchothrom leo.

Tá nósanna imeachta dea-fhorbartha i bhfeidhm ag SEAI maidir le gearáin a láimhseáil. Má aithnítear aon fhadhbanna, déanann SEAI bearta cuí chun aghaidh a thabhairt orthu.

An tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas, 2019

Is comhlacht poiblí é SEAI chun críocha an Achta um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas, 2019. Leis an Acht sin, rialaítear conas agus cathain is féidir le comhlachtaí poiblí sonraí pearsanta a roinnt le comhlachtaí poiblí eile agus iad ag soláthar seirbhísí poiblí, sa chás ina dtagann an dá chomhlacht faoi raon feidhme an Achta. Nuair a théann SEAI i mbun comhroinnt sonraí le comhlachtaí poiblí eile, déantar freagrachtaí na heagraíochta faoin Acht a mheas.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tuigeanntas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an ról rithábhachtach atá ag an earnáil phoiblí i dtaobh an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil a chosaint agus a chothú. Comhlíonaimid ár n-oibleagáidí faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021, de réir mar a bhaineann siad, i measc nithe eile, le comhfhreagras isteach, cumarsáid amach, foilseacháin, fógraí taifeadta, stáiseanáireacht, comharthaíocht, fógraíocht agus tuairisciú.

Faoi alt 10A d’Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, tá oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí 20%, ar a laghad, dá bhfógraíocht bhliantúil a chur i nGaeilge agus 5% dá mbuiséid fógraíochta a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge sna meáin chumarsáide Gaeilge. Chuir SEAI a thuairisc i gcrích don bhliain 2024 i Márta 2025 agus baineadh amach na sciartha seo a leanas:

Oibleagáid	Sprioc	Meán Táscach SEAI do 2024
Fógraíocht i nGaeilge mar cheatadán den fhógraíocht go léir	20%	21.6%
Caiteachas ar fhógraíocht sna meáin chumarsáide Ghaeilge mar % den iomlán	5%	2.7% ⁽¹⁾

⁽¹⁾ Cé go bhfuil an meánleibhéal feidhmíochta i gcás fógraíocht a chur ar chainéil na meán Gaeilge bunaithe ar an gcaiteachas ar na meáin ar fad, níl fáil faoi láthair ar na meáin atá go hiomlán i nGaeilge ar na meáin amuigh sa phobal, na meáin dhigiteacha fuaimne, i bpictiúrlanna, ar ardáin físeáin ar éileamh ná ar na meáin shóisialta arb iad siúd, i dteannta a chéile, is cúis le 70% de cheannach SEAI sna meáin in 2024.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá sé de chúram ar SEAI, mar chomhlacht poiblí, an comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus a gcearta daonna a chosaint i gcás ár gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann ár gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu. Tagann sé sin faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine, faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

RIOSCA AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AN ÚDARÁIS

CUR CHUIGE I LEITH NA BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Feidhmíonn SEAI de réir an dea-chleachtais chun rioscaí a shonrú, a mheas agus a rialú, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus in ISO 31000 (cf. an Ráiteas um Rialú Inmheánach ar lgh 72-73). An chúis atá leis sin ná, oiread is féidir, lena chinntiú go gcoinneofar rioscaí ar leibhéal a bheidh inghlactha ag an mBord agus é tomhaiste i dtaobh cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach. Bíonn méid áirithe riosca ann má bhítear sa tóir ar dheiseanna, cuir i gcás forbairt ar chlár úra, cur i gcrích spriocanna uailmhianacha agus teagmháil le níos mó daoine. Aithníonn an Bord nach féidir linn gach riosca a rialú ná a mhaolú agus, go deimhin, chuirfeadh a leithéid de chur chuige as do na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Dá réir sin, ó am go chéile, glacfaidh an Bord le rioscaí nua, go háirithe i gcás cláir thrialacha, taighde agus bealaí úra oibre.

Tá freagracht ar gach ball foirne in SEAI as cloí leis an dea-chleachtas bainistíochta riosca agus cuidiú le rioscaí, teagmhais ar cúis riosca iad agus easnaimh rialaithe aitheanta/féideartha a aithint, a bhainistiú agus a thuairisciú.

AN CREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Cur chuige iomlánaíoch atá i gCreat Bainistíochta Riosca SEAI, creat a chuimsíonn beartais agus nósanna imeachta sainithe mar aon le cultúr bainistíochta riosca atá cothaithe san eagraíocht.

Tá Bord SEAI freagrach as an mbunsraith don bhainistíocht riosca a leagan síos ar fud na heagraíochta agus, leis sin a dhéanamh, lamháltas riosca (nó inghlacthacht riosca) an Bhoird a chur in iúl go soiléir go leanúnach. Leis an inghlacthacht riosca, leagtar amach tuiscint choiteann ar an gcumas atá in SEAI glacadh le riosca agus déantar é sin a chur in iúl agus a mheas ar bhealach ar féidir leas a bhaint as i gcinntiú ó lá go lá. Tá Lucht Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus Lucht Bainistíochta SEAI freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn SEAI i gcomhréir le tuairim an Bhoird maidir leis an Inghlacthacht Riosca. Comhtháthaítear an bhainistíocht riosca ar fud gach leibhéil

den eagraíocht, ionas go dtacaíonn gach leibhéal le leibhéal eile. Tá bainistíocht riosca á stiúradh ón mbarr anuas agus bíonn sí bunaithe ar struchtúir agus ar fhreagrachtaí atá sainithe go soiléir. Tá sí fite fuaite i ngnáthnósanna oibre agus i ngníomhaíochtaí na heagraíochta, agus tá na baill foirne ar fad ar an eolas faoi ábharthacht rioscaí maidir lena gcuspóirí a bhaint amach.

Cuirtear dearbhú riosca ar fáil ar bhonn trí líne chosanta:

- Bíonn feidhmeanna na chéad líne a rioscaí féin a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí oibríochta féin
- Déanann an dara líne maoirseacht ar bhainistíocht riosca agus ar chomhlíonadh ar fud na heagraíochta
- Cuirtear dearbhú neamhspleách ar fáil don tríú líne in iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.

I gcaitheamh 2023, lean SEAI dá chur féin in oiriúint do na dúshláin chun cur go práinneach le scála gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta mar gheall ar an tionchar ó thimpeallacht mhaicreacnamaíoch dhúshlánach. Rinne SEAI an Creat Bainistíochta Riosca a oiriúnú agus a thabhairt chun dáta níos mó d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin agus bonn eolais a chur faoi chinntí móra lena chinntiú go mbainfear amach cothromaíocht chuí idir deiseanna agus rioscaí. Príomhghné den Chreat Bainistíochta Riosca is ea cumarsáid agus teagmháil rialta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Le linn 2024, glacadh in SEAI le tacsanomaíocht riosca nua chun tacú níos mó le sonrú agus measúnú rioscaí agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

INGHLACTHACHT RIOSCA

Tá an Bord sásta glacadh le spriocanna dúshlánach agus leis na rioscaí straitéiseacha a ghabhann leo. Ós rud é go bhfuil fás ar SEAI agus go mbítear ag cur le húdarás na heagraíochta, is iomaí deis a bhíonn ann dlús a chur leis an aistriú go fuinneamh in-athnuaite. Cé go mbíonn an Bord sásta glacadh le rioscaí áirithe ar mhaithe le dul le deiseanna

straitéiseacha áirithe, is beag lamháltas atá ann i gcás rioscaí a d'fhéadfadh dochar mór a dhéanamh d'oibríochtaí na heagraíochta, cuir i gcás rioscaí a bhainfeadh le comhlíonadh, calaois agus cibearshlándáil. Déantar rioscaí mar sin a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach. Tá an Bord toilteanach glacadh le rioscaí ar mhaithe lena chuspóirí a bhaint amach agus beidh dearcadh cothrom ann i leith rioscaí agus deiseanna trí bhithin cláir phíolótacha agus taighde chun dul i ngleic leis na bearnaí is mó atá ann ó thaobh eolais, sonraí agus teicneolaíochta de le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Chuir SEAI tús in 2024 leis na scéimeanna píolótacha comhoibríocha le haghaidh Iarfheistiú Tithe Traidisiúnta agus Tithe níos Teo. Ós é an t-údarás saineolach ar úsáid fuinnimh in Éirinn é, glacann SEAI le rioscaí a bhaineann le ceannaireacht smaointeoireachta a sholáthar agus, san am céanna, féachann lena chinntiú go mbeidh sonraí oibiachtúla neamhspleácha faoinár sainchomhairle agus saineolas do gach páirtí leasmhar. Aithníonn an Bord a thábhachtaí atá sé caidreamh agus comhpháirtíocht a fhorbairt le slabhra an tsoláthair, gníomhaireachtaí stáit, earnáil na tionsclaíochta, scoláirí agus dreamanna eile. In 2024, chuir SEAI i bhfeidhm cur chuige comhpháirtíochta nua um Dhícharbónú Tionsclaíoch. Bronnadh €22m ar 42 tionscadal taighde agus nuálaíochta ag baint le téamaí éagsúla fuinnimh.

PRÍOMHRIOSCAÍ IN 2024 AGUS NÍOS FAIDE ANONN

Déantar rioscaí SEAI a mheas i gcomhthéacs spriocanna straitéiseacha mar a léirítear sa léaráid ar an leathanach seo iad. Sa tábla ar an gcéad leathanach eile, tá achoimre ar na rioscaí ba mhó a ndearna SEAI iad a bhainistiú in 2024 agus atá á mbainistiú in 2025 i gcomhthéacs chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta. Aithnítear ann go bhfuil cúinsí áirithe taobh thiar de rioscaí taobh amuigh de thionchar díreach SEAI, cuir i gcás na tosca maicreacnamaíocha. Chomh maith leis sin, déanann SEAI faireachán ar rioscaí nua cuir i gcás an fás ar éiginnteacht gheopholaitiúil agus mhaicreacnamaíoch, athruithe teicneolaíochta agus tosca seachtracha eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ó thaobh a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach de.

SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA GO DTÍ 2025

ÁR STRAITÉIS

Ár spriocanna a bhaint amach



RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHOIBRÍÚ SEACHTRACH

Ár dteachtaireacht a chur in iúl



Comhar le dreamanna eile



SEAI A ATHRÚ Ó BHONN

Cothú acmhainneachta agus forbairt eolais



Plé le baill foirne agus tacaíocht dóibh



CREAT RIALACHAIS

Creat láidir rialachais a chur faoinár n-eagraíocht



PRÍOMHRIOSCAÍ

RÉIMSE RIOSCA

CUR SÍOS AR AN RIOSCA

MAOLÚ

STRAITÉIS

Riosca maidir leis an Straitéis a chur i bhfeidhm

Tá ról lárnach ag SEAI maidir le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm. Tá cuspóirí agus spriocanna uailmhianacha leagtha síos sa Phlean atá le baint amach in Éirinn faoi 2030. D'fhéadfadh rioscaí geilleagracha, sochpholaitiúla (geopholaitiúla san áireamh), airgeadais agus oibriúcháin tionchar a imirt ar chumas SEAI spriocanna a bhaint amach i bpríomhchláir chaipitiúla agus torthaí straitéiseacha eile a bhaint amach, mar atá leagtha amach thíos.

Sainordú Straitéiseach – Claochlú agus Fás

Tá sainordú SEAI ag méadú agus ag leathnú ó thaobh castachta de chun tacú le gníomhartha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024. Ní mór do SEAI fás agus claochlú dá réir, agus bíonn rioscaí oibríochtúla ag gabháil leis sin.

MACRAI-RIOSCAÍ

Riosca Sochpholaitiúil - Riosca ón Aistriú Fuinnimh

Tá riosca ann go mbeidh drochthionchar ar chur i gcrích chuspóirí SEAI mar gheall ar chúiseanna seachtracha sochpholaitiúla a d'imreodh tionchar ar an tacaíocht don aistriú fuinnimh i bhfianaise tosaíochtaí in iomaíocht a chéile. Le bheith sonrach faoin méid sin, cruthaítear éiginnteacht mar gheall ar athruithe ar an tírdhreach polaitiúil domhanda agus an teannas geopholaitiúil a ghabhann leis, éiginnteacht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i gcrích spriocanna agus chuspóirí SEAI.

Tosca Macra-Eacnamaíocha

Tá riosca ann go mbeidh drochthionchar ag cúiseanna seachtracha ar chur i gcrích chuspóirí SEAI, rud a d'fhágfadh go mbeadh laghdú ar an éileamh/ inacmhainneacht do chláir thábhachtacha. Seo samplaí de na cúiseanna seachtracha sin: cor chun donais eacnamaíoch, inbhuanaitheacht fhioscach, rátaí boilscithe/úis, cogaí trádála a bheidh le teacht, fadhbanna slándála, suaitheadh fuinnimh, constaicí acmhainneachta agus easnaimh infreastruchtúir.

Riosca maidir le Caillteanas Airgeadais/Calaois

I bhfianaise chineál an ghnó a dhéanann SEAI, soláthar deontas san áireamh, ní mór dó an riosca a bhaineann le caillteanas airgeadais a bhainistiú ar bhonn leanúnach, an riosca calaoise san áireamh.

Tá SEAI fós ag obair ar thionscnaimh nua agus ar thionscnaimh a bhí i bhfeidhm cheana i gcomhthéacsanna cónaithe agus tráchtála chun feasacht a chothú agus éileamh a spreagadh ionas gur féidir spriocanna dúshlánacha a bhaint amach.

Tá SEAI ag cur le scála a chuid oibríochtaí agus le líon a fhostaithe agus ag aimsiú daoine úra a bhfuil scileanna buanna acu le gníomhaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur chun cinn in SEAI agus in Éirinn, an méid sin chun ár gcuspóirí agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, chun tacú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus chun ár gcúraimí breise sa réimse rialála a chomhlíonadh.

Bíonn SEAI ag obair lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal chun feasacht a ardú agus a chaomhnú faoin tábhacht a bhaineann leis an aistriú go fuinneamh inbhuanaithe.

Sheol SEAI feachtas feasachta in 2024 le rannpháirtíocht úinéirí tí a mhéadú agus an t-éileamh ar uasghráduithe fuinnimh baile a spreagadh.

Cuireann oibrithe in SEAI leis an gcur agus cúiteamh ar nithe a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus iarfheistiú foirgneamh i bhfóraim go teor.

Déanann SEAI faireachán ar an leas a bhaintear as tacaíochtaí agus bíonn i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara cuí go léir le dálaí reatha an mhargaidh a thuiscint agus freagairt mar is cuí dóibh.

Tá rialuithe agus seiceálacha láidre airgeadais agus eile á gcur i bhfeidhm ag SEAI le calaois agus earráidí a chosc agus a bhrath. Tá na rialuithe sin faoi réir athbhreithniú bliantúil maidir le hoiriúnacht agus éifeachtacht.

RÉIMSE RIOSCA

CUR SÍOS AR AN RIOSCA

MAOLÚ

RIALACHAS AGUS COMHLÍONADH

Riosca Dlíthiúil

Ós rud é gur eagraíocht eárnála poiblí é SEAI, tá sé faoi réir a ghrinnscrúdaithe agus agóide i dtaobh a chuid gníomhaíochtaí ar fad. D'fhéadfadh dlíthíocht a bheith i gceist.

Riosca Cibeearshlándála

An riosca go dtarlódh cibeear-ionsaí a chuirfeadh isteach ar an ngnó, mar shampla suaitheadh líonraí, córas nó sonraí.

Riosca maidir leis an Slabhra Soláthair

Bhí dúshlán fós i gceist sa slabhra soláthair le linn 2024 mar gheall ar easpa acmhainne i measc conraitheoirí i réimsí áirithe de bharr ganntanas oibrithe oilte a bheith fós ann. Tá an baol ann nach mbeifear in ann an slabhra soláthair a mhéadú dóthain chun freastal ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh, rud a chuirfeadh srian ar SEAI maidir lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Seachfhoinsiú Riosca

Bíonn SEAI ag brath ar sholáthraithe seirbhísí seachfhoinsithe áirithe lena chuid seirbhísí a chur ar fáil. Bíonn rioscaí oibríochtúla ag baint le soláthar, maoirseacht agus cothabháil na socruithe seo. Tá SEAI ag plé faoi láthair le hagóid dhlíthiúil soláthair le soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe, rud is cúis le rioscaí i dtaca le leanúnachas seirbhíse, comhlíonadh caighdeán seirbhíse agus costais dlí.

Riosca Clú

An Riosca go bhfulaingeodh SEAI damáiste clú de bharr teipeanna iarbhir nó braise, gan mianta an chustaiméara a bhaint amach cuir i gcás.

Bíonn SEAI ag feidhmiú ar shlí chothrom thrédhearcach i ngach clár. Cuireann SEAI in aghaidh agóidí dlíthiúla de réir mar is cuí.

Tá Córas Bainistithe Slándála Faisnéise (ISMS) ag SEAI a deimhníodh go ISO27001 in 2024. Ceapann SEAI saineolaithe le comhairle a thabhairt i dtaca le cibeearshlándáil agus rioscaí gaolmhara agus déanann athbhreithniú leanúnach ar a phróisis agus córais mar fhreagairt ar na hathruithe a thagann de shíor ar chúrsaí cibeearshlándála. Tá oiliúint éigeantach ann do na baill foirne agus déantar tástáil treá ar na córais.

Tá faireachán á dhéanamh ag SEAI ar thionchar na ndúshlán sa slabhra soláthair agus téann sé i gcomhairle le lucht an tslabhra soláthair, agus muid ag cur lenár dtuiscint ar dhálaí margaidh eile agus conas freagairt do na dúshlán sin. D'oibrigh SEAI i gcomhar le SOLAS agus Boird Oideachais agus Oiliúna leis an gclár Scileanna Glasa a sheoladh ina gcuirtear ar fáil deiseanna ó thaobh forbairt scileanna agus scileanna úra de.

Téann SEAI i mbun soláthair i gcomhréir leis na rialacháin chuí don soláthar san earnáil phoiblí. Tugtar eolas sna glaonna ar mheastacháin agus tairiscintí faoi na leibhéil seirbhíse a theastaíonn agus riachtanais eile.

Déanann lucht bainistíochta díoltóirí SEAI maoirseacht ar fheidhmíocht de réir conarthaí agus cuirtear ceisteanna leanúnachais gnó san áireamh. Cuirtear socruithe scoir san áireamh i gconarthaí nuair is cuí.

Tá SEAI ag tabhairt faoin agóid dhlíthiúil soláthair a chosaint faoi láthair agus, san am céanna, ag obair le leanúnachas seirbhíse a bhainistiú.

Tá cairt do chustaiméirí ag SEAI agus déantar infheistíocht leanúnach in eispéreas an chustaiméara a fheabhsú. Ar a bharr sin, seoladh straitéis nua d'eispéreas an chustaiméara le deireanas.



TUARASCÁIL AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS AN COMHSHAOL

FEIDHMÍOCHT SEAI Ó THAOBH FUINNIMH DE

Léiríonn táscaire éifeachtúlachta fuinnimh SEAI do 2024 56.4% d’fheabhas ó 2009, bliain na bonnlíne, rud a fhágann go bhfuil a sprioc do 2050 don fheidhmíocht fuinnimh sáraithe agus á sárú i gcónaí ag SEAI. Tá laghdú os cionn 5% tagtha ar úsáid iomlán fuinnimh SEAI bliain i ndiaidh bliana. Tá laghdú níos mó ná 18% tagtha ar úsáid an gháis mar thoradh ar thionscnaimh coigiltis fuinnimh i dtéamh oifigí taobh le méadú beag (6%) ar úsáid

an leictreachais. Táthar tar éis astaíochtaí iomlána na heagraíochta a laghdú 9% in 2024. Táthar tar éis an méid seo a bhaint amach mar thoradh ar fheabhsuithe náisiúnta ar astaíochtaí iomlána leictreachais mar aon le gníomhaíochtaí Fhoireann Ghlas SEAI mar atá leagtha amach thíos, obair a chuimsíonn anailís bhuan agus úsáid níos fearr as córais chun foirgnimh a bhainistiú agus as bainistíocht ghníomhach fuinnimh i ngach oifig.

Ar aon dul le gach eagraíocht san earnáil phoiblí, tagann feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh SEAI nuair a dhéantar na nithe seo:

- An méid fuinnimh a úsáidimid a laghdú mar thoradh ar an éileamh a laghdú
- Má bhíonn gá le spás níos mó, seirbhísí nó úsáid níos éifeachtúla foirgneamh a chur i bhfeidhm leis sin a bhaint amach bun-

Tá feabhas 50% tagtha ar tháscaire éifeachtúlachta fuinnimh SEAI ón aistriú go dtí ár gceanncheathrú nua i mBaile Átha Cliath. Tuigtear, áfach, go bhfuil méadú tagtha ar fhachtóir fuinnimh phríomhúil SEAI toisc go ndéantar an foirgneamh nua a aeráil go meicniúil seachas go nádúrtha. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar ár n-astaíochtaí ó bhliain go bliain, tá siad fós níos airde ná ár mbonnlíne astaíochtaí (meánráta 2016–2018), ar an ábhar, den chuid is mó, gur leagadh síos an bhonnlíne dár gceanncheathrú roimhe seo i mBaile Átha Cliath, áit a raibh lorg coise urláir i bhfad níos lú ann.

Tá spás urláir an fhoirgnimh nua níos mó ná dhá oiread chomh mór leis sin chun freastal ar an ardú mór atá ag teacht ar an líon oibrithe in SEAI.

Tá an eagraíocht ag leanúint ar aghaidh le gach iarracht a dhíriú ar laghduithe iomlána fuinnimh d’fhonn na spriocanna do 2030 a bhaint amach ó thaobh laghdú fuinnimh de.

Tá achoimre sa tábla thíos ar an bhfuinneamh a úsáidtear sna ceithre fhoirgneamh oifige againn agus ag feithiclí na cuideachta.

GNÍOMHAÍOCHT FHOIREANN GHLAS SEAI

In 2024, rinne Foireann Ghlas SEAI tionscnaimh na heagraíochta um bainistiú agus inbhuanaitheacht fuinnimh a chomhordú, mar aon le comhlíonadh an tsainordaithe um ghníomhú ar son na haeráide, ar na bealaí seo:

- Díriodh i rith an ama ar an gclár bainistíochta fuinnimh san earnáil phoiblí “Laghdaigh d’Úsáid”.
- Bhíothas ag obair go leanúnach i dtreo ISO 50001 a bhaint amach
- Cuireadh oiliúint ar Cheannaireacht Aeráide ar fáil don Bhord, don Bhainistíocht agus don Fhoireann in 2024
- Rinneadh Treochlár 2024 SEAI don Ghníomhú ar son na hAeráide a leasú chun dáta agus a fhoilsiú
- Cloí le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcóras faireacháin agus tuairiscithe na hEarnála Poiblí
- Plé go gníomhach leis an tiarna talún agus tionóntaí eile le breathnú go cuimsitheach ar dheiseanna le fuinneamh a spáráil san fhoirgneamh iomlán i gcás na ceannoifige agus oifigí réigiúnacha.
- Tá SEAI tar éis cloí le Ciorclán 1/2020 (nósanna imeachta leis na hastaíochtaí a bhaineann leis an taisteal oifigiúil a fhritháireamh).

ÚSÁID FUINNIMH	2024*	2023
ÍDIÚ DÍREACH I gCÁS OIFIGÍ AGUS CARRANNA I bPÁIRT	234,384	220,572
Leictreachas: Soilsiú, TFC, cumhacht oifige, Téamh, Aeráil agus Aerchóiriú (HVAC) + 2 Fheithicil Leictreacha + 3 phointe luchtaithe feithiclí leictreacha (kWh TFC)		
Gás nádúrtha le haghaidh téimh (kWh TFC)	197,323	232,760***
Ola gháis mharcáilte le haghaidh téimh (kWh TFC)	0	0
LPG le haghaidh Téimh (kWh)	5,389	6,885
Méideanna Iomlána i ndáil le hÍdiú Díreach	437,097	460,217
Astaíochtaí CO ₂ (kg)	108,440	119,686
* D’fhéadfadh difríocht bheag (thart ar +/- 3%) a bheith idir na sonraí fuinnimh sa tuarascáil bhliantúil seo agus na sonraí faireacháin agus tuairiscithe náisiúnta lena n-áirítear na fachtóirí náisiúnta tiontaithe carbóin, rud nach bhfuil ar fáil tráth an fhoilsithe.		
** Tháinig laghdú 12% bliain ar bhliain ar an méid leictreachais a idíonn SEAI mar gheall ar thionscnaimh chun úsáid soilse a laghdú.		
*** Tá méadú 18% tagtha ar an méid gáis nádúrtha a idítear mar gheall ar an ngeimhreadh a bheith níos fuaire agus níos mó daoine a bheith sna foirgnimh.		
**** Tá laghdú 4% tagtha ar astaíochtaí foriomlána SEAI ó bhí 2022 ann.		

RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA

Don Bhliain dar Chríoch
an 31 Nollaig 2024

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na gComhaltaí Boird	62
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	72
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	74
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe	76
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	77
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	78
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	79
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	80

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2002, de bhun an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 (arna leasú). Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis in Alt 6 d’Acht na bliana 2002. Is iad príomhfheidhmeanna SEAI mar a fhorordaítear in Acht na bliana 2002 (arna leasú):

- é a chur chun cinn gur ar bhealaí atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear ó fhoinsí in-athnuaite, a dhéanfar fuinneamh a tháirgeadh, a sholáthar agus a úsáid, agus a chionn féin a dhéanamh leis an sprioc sin a bhaint amach;
- laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truaileán aeir a bhaineann le húsáid fuinnimh a chur chun cinn agus a chion féin a dhéanamh ina thaobh sin;
- taighde agus forbairt teicneolaíochtaí a chur chun cinn agus cabhrú leo agus comhairle, faisnéis agus treoir a sholáthar ar ábhair a bhaineann le fuinneamh;
- gníomhaíochtaí a ordóidh an tAire ó am go ham a cheadúnú, a rialáil agus a rialú.

Cloíonn SEAI le dlíthe agus rialacháin ábhartha lena rialaítear a ghníomhaíochtaí agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (arna leasú) ("an Cód").

Leagtar amach sa Tuairisc Rialachais seo struchtúir rialachais SEAI agus sonraítear príomhréimsí fócais Bhord SEAI in 2024.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá struchtúr an Bhoird forordaithe le reacht. Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (‘an táire’) a cheapann comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire Airgeadais, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh, 2016. Ainmníonn an tAire comhalta amháin den Bhord (seachas an Príomhfheidhmeannach) mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh suas le tréimhse uasta 8 mbliana de réir larscríbhinn 2020, ar Chomhardú Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is comhalta boird ex officio é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Tá an Bord freagrach don Aire. Cuirtear cuspóirí agus tosaíochtaí an Aire in iúl don Bhord trí Phleananna Forbartha Náisiúnta, Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhaontú Maoirseachta, chomh maith le Comhaontú Bliantúil Seachadta Feidhmíochta. Bíonn plé rialta idir an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, lucht bainistíochta SEAI agus an tAire agus a c(h)uid oifigeach.

Tá Struchtúr Coistí bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin atá freagrach as SEAI a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Leanann an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar ábhair a bhaineann le feidhmiú SEAI, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cur i gcrích a shainordaithe de réir mar a leagann síos an tAire é. Bíonn an Príomhfheidhmeannach ina nasc díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta SEAI.

Leagtar amach ról leathan an Bhoird in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus sonraítear freagrachtaí níos sainiúla an Bhoird, ar leibhéal aonair agus ar leibhéal corparáideach, i gCód Rialachais SEAI. Déanann an Bord faomhadh bliantúil ar an gcód sin agus é le fáil ar láithreán gréasáin SEAI (www.seai.ie).

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC CHOMHALTAÍ ON BHOIRD (AR LEAN)

Tá an Bord freagrach as mórstraitéis agus beartais a leagan síos don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Comhlíonann sé na feidhmeanna sin ar bhonn díreach agus trí fheidhmiú Coistí Boird sonracha i gcomhréir le Téarmaí Tagartha faoifa. Is í foireann ceannaireachta feidhmiúcháin SEAI atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme.

Tá ábhair áirithe forchoimeádta go sonrach ag an mBord dó féin le cinneadh a dhéanamh orthu agus áirítear leo sin na míreanna seasta seo a leanas a bhreithníonn an Bord:

- Ceanglais maidir le Córam agus Dearbhú Leasa
- Miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a fhíorú
- Nithe ag éirí astú agus Pointí Gnímh gaolmhara
- Tuairisc ón gCathaoirleach
- Tuairisc ón bPríomhfheidhmeannach
- Tuairiscí Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairtí Straitéise agus tuairiscí feidhmíochta SEAI
- Breithniú ar thograí soláthair agus deontais, de réir an údaráis tharmilgthe arna fhaomhadh
- Breithniú ar thuairiscí ó na Coistí
- Athbhreithniú Riosca Corparáideach / Bainistíocht Riosca
- Rialachas agus nithe forchoimeádta

Faoi Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, ceanglaítear ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a dhéanfaidh an tAire a fhaomhadh, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord SEAI na nithe seo a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh SEAI de bheith ag feidhmiú; agus
- Ráiteas a thabhairt maidir lenar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus sna ráitis airgeadais agus miníu tugtha ina leith.

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais tráth ar bith le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Is é an Bord atá freagrach as sláine na faisnéise airgeadais agus na faisnéise corparáidí atá ar láithreán gréasáin SEAI agus as an bhfaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. I mí Feabhra 2025, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht SEAI i leith 2024 trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais SEAI ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais SEAI amhail an 31 Nollaig 2024.

ÉIFEACTHAGHT AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as mórstraitéis agus beartais a leagan síos don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tá próiseas cuí, cuimsitheach ionductúcháin agus forbartha i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird. Cuirtear faisnéis fairsing ar an ngníomhaireacht agus a cuid oibríochtaí ar fáil do chomhaltaí nua nuair a cheaptar iad.

Bhain SEAI deimhniú SWiFT 3000 amach ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Is é atá i gceist leis sin scrúdú agus meastóireacht neamhspleách ar nósanna imeachta rialachais corparáidigh SEAI agus ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is i mí na Nollag 2024 a rinne NSAI an mheastóireacht dheireanach ar SEAI, tráth ar athdheimhniódh é de réir SWiFT 3000.

Thionóil an Bord deich gcuinniú le linn 2024. Reáchtáladh ocht gcinn de na cruinnithe sin ag 3 Plás na Páirce, ceann amháin san oifig atá ag SEAI i nDún Dealgan, agus ceann eile ag Sráid Laighean Theas. I mí Feabhra 2025, i gcomhthéacs athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fhoriomlán an Bhoird, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a ghníomhaíochtaí, a oibríochtaí agus a thorthaí don bhliain 2024. Bhreithnigh an Bord an achoimre chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí ceannaireachta straitéisí, ar chinntí, ar mhaoirseacht agus ar an bhfaireachán a dhéanann sé ar chórais agus rialuithe in SEAI. Ar an iomlán, léirigh an anailís ar tugadh cuntas air san Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird, 2024, go ndearna an Bord gach iarracht a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, ar bhealach cuí, éifeachtach, de réir na gceanglas a leagtar amach san Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus sa leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tugadh faoi mheastóireacht sheachtrach ar éifeachtacht an Bhoird in 2023 agus bhreithnigh an Bord é in 2024. Roghnaíodh an Foras Riaracháin ar bhonn próiseas tairisceana chun tabhairt faoin Athbhreithniú sin ar Éifeachtacht an Bhoird, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chun díograis an Bhoird agus na heagraíochta i leith an dea-rialachais a léiriú. Breathnaíodh ar ról agus ar fhreagrachtaí an Bhoird agus na gCoistí, ábhar fócais an Bhoird, agus caidreamh agus próisis an Bhoird. Ba idir Deireadh Fómhair 2023 agus Eanáir 2024 a rinneadh an t-athbhreithniú. Cinneadh sa tuarascáil go léiríonn an t-aiseolas agus an méid a bhí le sonrú gur maith mar a fheidhmíonn an Bord agus gur cur chuige gairmiúil atá aige i dtéarmaí iompraíochta, cur chuige agus próisis. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil i dtaobh feabhsuithe chun tacú leis an mBord, moltaí atá curtha i bhfeidhm anois.

COMHALTAÍ AN BHOIRD



DERMOT BYRNE

(Cathaoirleach, ceapadh an 1 Meán Fómhair 2020 é)

Is i réimse na hinnealtóireachta agus na bainistíochta fóntas a bhíodh Dermot ag obair. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar EirGrid nuair a bunaíodh é agus ina bhlianta fáis, ó 2005 go 2012. Roimhe sin bhí sé i gceannas ar ESB Networks. Ó d'éirigh sé as EirGrid, tá Dermot ag fónamh ar roinnt Bord lena n-áirítear Element Power (cuideachta forbartha gaoithe), agus VITA (gníomhaireacht forbartha Éireannach thar lear a dhíríonn go tréan ar phobail tuaithe agus ar ghníomhú aeráide san Afraic Thoir). Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord VITA. Tá Dermot ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus bhí sé ina uachtarán air in 2016/17. Thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCAC anois) bhí sé ina chathaoirleach ar shainghrúpa a bunaíodh chun Straitéis Náisiúnta Taighde Fuinnimh a fhorbairt. Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa – Energy Innovation Ireland – in 2016.

JUSTINA CORCORAN

(ceapadh í ar an 7 Bealtaine 2020)

Tá Justina ina Ceann Beartais agus Rialála Fuinnimh Miondíola sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá taithí ghairmiúil os cionn 25 bliain aici san earnáil phoiblí, in an-chuid Ranna éagsúla. Bhíodh sí i gceannas ar an Iniúcháireacht Inmheánach sa Roinn agus tá tuiscint agus díograis mhór aici maidir lena chinntiú go bhfuil córas láidir, éifeachtach, fiúntach Rialachais agus Rialaithe Inmheánaigh ag eagraíochtaí. Bhí ról cheannaireachta aici freisin maidir le Tionscadail Náisiúnta amhail Oiriúnú don Athrú Aeráide, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus an Córas Náisiúnta Postchód ("Éirchód").

LISA VAUGHAN

(ceapadh ar an 9 Nollaig 2024 i)

Is í Lisa POF Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann. Is stiúrthóir cairte agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í a bhfuil taithí aici. Tá obair déanta aici le pobail agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar a straitéisí inbhuanaitheachta. Bhí ról shinsearach bhainistíochta aici in Innealtóirí Éireann agus i bhFiontraíocht Éireann, agus tá taithí fairsing aici sa chlaohlú gnó, sa mhéadú agus sa nuálaíocht. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í Lisa ar Electric Ireland Superhome agus ar Bhord lasaigh Mhara, áit a raibh sí ina cathaoirleach ar na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca agus Luacha Saothair. Roimhe seo, bhí Lisa ina Cathaoirleach ar an eagraíocht neamhbhrabúis, WorkEqual. Tá céim B.Comm (Ollscoil na Gaillimhe), céim MA (OCBÁC), céim sa Choitseáil Feidhmiúcháin (COBÁC) agus Diplóma sa Straitéis (INSEAD) ag Lisa.

LÉAN DOODY

(ceapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2018 í, athcheapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023 i).

Is í Léan an Stiúrthóir Eorpach Cathracha, Pleanála agus Dearaidh le Arup. Tá breis agus 25 bliain de thaithí aici ag tabhairt comhairle d'eagraíochtaí cathrach, rialtais náisiúnta agus earnála príobháidí ar fud an domhain maidir le tionscadail forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear an fhorbairt agus an athghiniúint uirbeach, tionscadail dhigiteacha, nature+, an t-iompar, an fuinneamh agus an gníomhú ar son na haeráide. Tá sí i gceannas ar chomhpháirtíocht Arup le C40, atá dírithe ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde arb aidhm leo an gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn i gcathracha. Sular thosaigh sí le Arup i Londain in 2003, bhain Léan Céim Mháistreachta amach sa Bheartas Uirbeach agus sa Dearadh Uirbeach i Scoil Eacnamaíochta London. Ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bhain sí amach a príomhchéim sa Mhatamaitic.

WILLIAM WALSH

Is é William Walsh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SEAI, agus roimhe seo bhíodh sé ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí agus ina Phríomhoifigeach Airgeadais leis an gcomhlacht. Tháinig William ag obair le SEAI in 2013. Sular tháinig sé ag obair le SEAI, bhí sé ag obair le hlascach Intire Éireann i ról éagsúla, Príomhoifigeach Cúnta Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir ina measc. Bhí poist ardbhainistíochta aige roimhe sin san earnáil phríobháideach. Cuntasóir Cairte is ea William, tá Céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tá Diplóma larchéime aige sa Straitéis, Nuálaíocht agus Athrú ó UCD agus tá Diplóma aige sa Stiúradh Cuideachtaí ó Institiúid na Stiúrthóirí.

JOE O'CARROLL

(ceapadh ar an 28 Deireadh Fómhair 2019 é, athcheapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023 é)

Tá taithí 30 bliain ag Joe in earnálacha an Fhuinnimh, na Inbhuanaitheachta, na Foraoiseachta agus na dTeicneolaíochtaí Digiteacha. Chaith sé seal ag obair in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, san Afraic agus sna Balcáin. Is Céimí san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCD é, agus tá MBA (UCC) agus Diplóma i Stiúradh Cuideachtaí (Institiúid na Stiúrthóirí) aige. Tar éis dó a ghnó fuinnimh in-athnuaite féin a bhunú, a mhéadú agus a dhíol idir 2008 agus 2017, bhí poist ardbhainistíochta aige i réimsí amhail bainistíocht ghinearálta, straitéis, tráchtálú, díolacháin agus margaíocht agus tiomsú airgid. Faoi láthair, is é POF Gresham House Ireland é, sainbhainisteoir sócmhainní a dhíríonn ar réimsí amhail an Caipiteal Nádúrtha, an tEastát Réadach Tráchtála, an Bonneagar Inbhuanaithe agus cothromais phoiblí agus phríobháideacha. Tá poist bhoird aige le Treemetrics (gnó SaaS atá lonnaithe i gCorcaigh), Fairways and FunDays (príomhthionscnóir Turas Gailf na hEorpa), agus Lochlann Enterprises (comhairleacht theicniúil san earnáil chógaisíochta).

COMHALTAÍ AN BHOIRD



ANDREW ENNIS

(ceapadh ar an 14 Iúil 2017 é, athcheapadh ar an 14 Iúil 2022 é, agus d'éirigh sé as oifig ag deireadh an téarma ar an 13 Iúil 2024)

Tá Andrew ina Stiúrthóir Infheistíochtaí agus Struchtúir le Bartra Capital, a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí forbartha agus infheistíochta i roinnt réimsí de mhargadh bonneagair na hÉireann lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte agus maoin tráchtála. Is Cuntasóir Cairte é agus tá B.Comm agus M.Acc aige ó UCD. Tá taithí os cionn 20 bliain i réimse an airgeadais chorparáidigh ag Andrew i margadh bonneagair na hÉireann, i sainréimsí an fhuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaite. Roimhe seo, bhí Andrew ag obair le hAonad NewERA i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bunaíodh chun comhairle i réimse an airgeadais chorparáidigh a chur ar Rialtas na hÉireann maidir le sócmhainní Stáit a bhainistiú agus a dhiúscairt agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar tábhachtach geilleagrach. Bhí sé ag obair freisin le NCB Corporate Finance (atá in Investec Ireland anois), agus é ag díriú ar chumaisc agus éadálacha i réimse an bhonneagair, luachálacha agus tiomsú airgid.

SHARON O'CONNOR

(ceapadh í ar an 1 Meán Fómhair 2020)

Is Comhalta de chuid Institiúid na Stiúrthóirí i Sharon agus is Stiúrthóir Cairte í, agus tá taithí breis agus cúig bliana is fiche aici ar an gceannaireacht shinsearach. Is Comhalta Cairte í den Institiúid um Fhorbairt Pearsanra í, agus tá cáilíocht ghairmiúil aici sa Mhargáíocht freisin. I measc na ról a bhí aici roimhe seo tá Cathaoirleach an Údaráis Oideachais i dTuaisceart Éireann agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Dhoire. Tá suim mhór ag Sharon sa rialtas áitiúil agus d'fhóin sí ar an gCoimisiún um Chuntais d'Albain agus ar an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta. Idir a cuid oibre faoi láthair agus roimhe seo, cuimsítear an earnáil phríobháideach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phobail/dheonach, agus í ina húinéir gnó agus ina comhairleoir. Tá suim ar leith aici i bpleanáil pobail, in athbheochan agus i nuálaíocht san earnáil phoiblí. Ceapadh Sharon le déanaí ina Cathaoirleach Iniúcháireachta agus Riosca sa Roinn Pobail (TÉ) agus ina Comhalta Neamhfheidhmiúcháin ar Bhord Scrúdain Chiste Infheistíochta Thuaisceart Éireann.

ANN MARKEY

(ceapadh é ar an 14 Iúil 2017, athcheapadh é ar an 14 Iúil 2022)

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann í Ann agus tá an-taithí aici ar bheith ina ceannaire gnó, cathaoirleach coiste agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tá taithí fairsing aici i dtionscal an leictreachais agus bhí sí ina hardfheidhmeannach le ESB agus le Greencoat Capital, príomhchuideachta infheistíochta i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Bhíodh sí ag obair i ngnólachtaí seanbhunaithe leictreachais agus ag infheistiú i dteicneolaíocht ísealcharbóin agus i gcuideachtaí fuinnimh in-athnuaite. Tá sí ina stiúrthóir neamhspleách ar Foresight Solar Fund Limited, cuideachta FTSE 250, a dhéanann infheistíocht i bhfóntais grianphainéal ar talamh agus i gcadhnraí stórála sa Ríocht Aontaithe, sa Spáinn agus san Astráil. Is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin í ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún CGA agus tá sí ina Cathaoirleach ar a Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bhíodh Ann ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Velocys plc, cuideachta idirnáisiúnta a bhíonn ag obair ar an teicneolaíocht i réimse na mbreoslaí inbhuanaithe, atá liostaithe ag AIM agus a bhfuil ceanncheathrú aici sa Ríocht Aontaithe. Is iarchomhalta í freisin de Choiste Iniúcháireachta agus Riosca FSS.

ROBERT WASSON

(ceapadh í ar an 17 Meitheamh 2022)

Is i réimse na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhíodh Robert ag obair, chomh maith le bainistíocht agus rialáil fóntais, bainistíocht sócmhainní agus comhairliúchán bainistíochta. Ó thaobh fóntas de, bhí ról bhainistíochta éagsúla aige in BSL agus BSL Idirnáisiúnta, in Éirinn agus thar lear. Bhí sé freagrach as Northern Ireland Electricity a chur faoi úinéireacht nua nuair a cheannaigh BSL é, agus ansin bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin leis an gcomhlacht sin. I measc na ról a bhí aige ar bhoird roimh seo, bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le Calafort Dhroichead Átha, agus chaith sé dhá théarma ina Cathaoirleach ar Pháirc Réigiúnach an Lagáin i dTuaisceart Éireann. Maidir le comhairliúchán, rinne sé cleachtais Feabhsúcháin Straitéise agus Feidhmiúchta KPMG a stiúradh in Éirinn, agus bhunaigh sé Watershed Consulting ina dhiaidh sin, a tháinig chun cinn le bheith ina shainchomhlacht comhairliúcháin agus ina sholáthraí seirbhísí eatramhacha bainistíochta. Tá céim MBA ag Robert ó Scoil Smurfit in UCD agus is Stiúrthóir Cairte é. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí, agus d'Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta sa Ríocht Aontaithe.

BARRY MCMULLIN

(ceapadh í ar an 17 Meitheamh 2022)

Is Ollamh Emeritus é Barry le Dámh na hInnealtóireachta agus na Ríomhaireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá obair déanta aige agus saothair foilsithe aige in an-chuid réimsí, agus díríonn sé go mór ar chur i bhfeidhm idirdhisiciplineach eolaíocht na gcóras casta. Rinne sé tionscadail taighde a stiúradh le blianta beaga anuas inar fiosraíodh an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí astaíochtaí diúltacha in Éirinn, an bhféadfaí buiséid gás ceaptha teasa ilgháis a chur i bhfeidhm i mbearta náisiúnta um ghníomhú aeráide, agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as bogearraí agus tacair sonraí rochtana oscailte chun cásanna dícharbónaithe dhomhain a fhorbairt do chóras fuinnimh na hÉireann. Bhí roinnt ról shinsearach éagsúla aige in OCBÁC, agus d'fhóin sé freisin mar Dhéan Feidhmiúcháin na Dáimhe, agus mar chomhalta den Chomhairle Acadúil, den Ghrúpa Ardbhainistíochta, agus den Choiste Feidhmiúcháin Ollscoile in OCBÁC. Tá sé ina chomhalta faoi láthair de Chomhairle Innealtóirí na hÉireann, chomh maith le Coiste An Taisce um an Athrú Aeráide.

CIARÁN HAYES

(ceapadh í ar an 9 Bealtaine 2023)

Tá Ciarán Hayes ina Phríomhoifigeach le Ciarán Hayes Consultancy Ltd., seirbhís sainchomhairleoireachta a bunaíodh in 2021 chun comhairle straitéiseach a chur ar an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Tá taithí 21 bliain aige ar an ardbhainistíocht i gcúig Údarás Áitiúla, agus chaith sé seal den tréimhse sin ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Shligigh. Fad a bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach, bhunaigh sé na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an struchtúr rialachais a chuidíonn bainistiú a dhéanamh ar dhúshláin agus deiseanna na nÚdarás Áitiúil a eascraíonn as an ngeilleagar ciorclach, an inbhuanaitheacht, agus an athrú aeráide. Chuir sé i gcrích Comhaltacht Shinsearach in Ollscoil Harvard i mí na Nollag 2022 agus taighde á dhéanamh aige ar an athrú aeráide, tá Céim BA aige sa Rialtas Áitiúil agus tá Ard-Diplóma aige sa Staidéar Ríomhaireachta. Roimhe sin, chaith sé tréimhsí ag staidéar in Harvard, i gColáiste Bhostúin agus sa Bheilg, sa Choláiste Éireannach sa Lováin. Ceapadh é ina chomhalta den Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta i mí Mheán Fómhair 2021.

MARIA O'DWYER

(ceapadh í ar an 17 Meitheamh 2022)

Tá Maria ina Ceann Seachadta Bonneagair le hUisce Éireann agus is innealtóir cairte í a bhfuil taithí breis agus 20 bliain aici san earnáil innealtóireachta agus fóntas. Ceannaire éifeachtach, straitéiseach is ea í, a bhíonn ag díriú go mór ar sholáthar trí dhaoine a chumasú. Bhí roinnt ról ardbhainistíochta ag Maria ina gairm bheatha go dtí seo le Gas Networks Ireland agus le hUisce Éireann, áit a raibh sí freagrach as cláir mhóra ilghnéitheacha agus as claoclú ar an leibhéal náisiúnta. Tá céim Mháistreachta trí mheán Taighde ag Maria in Eolaíocht na hInnealtóireachta, anuas ar a bunchéim san Innealtóireacht Leictreonach (ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath). Tá Dioplómaí larchéime ag Maria freisin i mBainistíocht Slabhraí Soláthair (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus sa Chóitseáil Gnó agus Feidhmiúcháin (Scoil Ghnó Smurfit) agus tá Dioplóma i Stiúradh Cuideachtaí (Institiúid na Stiúrthóirí) aici. Bhíodh Maria ina Stiúrthóir ar Bhord Uisce Éireann.

AN FHOIREANN CEANNAIREACHTA FEIDHMIÚCHÁIN



MARION O'BRIEN

Is í Marion O'Brien Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha SEAI agus is ball í den Fhoireann Cheannaireachta Feidhmiúcháin, leis. Tá sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar raon leathan gnéithe de sheirbhísí corparáideacha agus d'fheidhmeanna rialachais SEAI. Sular thosaigh sí le SEAI, d'oibrigh Marion san earnáil tráchtála stáit agus san earnáil phríobháideach. Comhalta de chuid Chuntasóirí Cairte Deimhnithe na hÉireann í Marion. Tá BA aici ó Ollscoil Luimnigh, MBS ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Diplómaí sa Rialachas Corparáideach agus sa Straitéis ó Scoil Ghnó larchéime Michael Smurfit, COBÁC. Comhalta neamhfheidhmiúcháin den Bhord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta í Marion.

CIARAN BYRNE

Is é Ciaran Byrne Stiúrthóir an Chláir Náisiúnta Iarfheistithe agus is ball é den Fhoireann Cheannaireachta Feidhmiúcháin, leis. Sular thosaigh sé sa ról seo, bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar lascach Intíre Éireann. Bhí roinnt ról shinsearach eile aige sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha freisin. Is cuntasóir bainistíochta cáilithe agus Stiúrthóir Cairte é Ciaran, agus glacadh isteach in Institiúid na Stiúrthóirí é siar in 2017. Bhain Ciaran Céim Mháistreachta amach sa Staidéar Gnó le déanaí. Tá céim agus Ph.D. san eolaíocht aige freisin ó Choláiste na Tríonóide, agus roinnt foilseacháin phiarmheasúnaithe foilsithe aige, leis.

DECLAN MEALLY

Is é Declan Meally an Stiúrthóir Gnó, Earnála Poiblí agus Iompair agus is ball é den Fhoireann Cheannaireachta Feidhmiúcháin, leis. Tá baint ag Declan le cuid mhaith de chlár na heagraíochta a chur chun feidhme go rathúil. D'oibrigh Declan mar Cheann Roinne i roinnt ranna in SEAI, lena n-áirítear tionscal, fuinneamh mara/aigéin, eangach chliste, iompar, pobail agus iarfheistiú náisiúnta. Is innealtóir meicniúil cairte agus comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí é. Tá breis agus tríocha bliain caite aige ag obair sa bhainistíocht san earnáil phoiblí (Óglaigh na hÉireann) agus san earnáil phríobháideach (Xerox Europe).

MARGIE MCCARTHY

Is í Margie McCarthy an Stiúrthóir Taighde agus Léargas Beartais, agus is ise atá freagrach as feidhmeanna anailíseacha agus taighde laistigh d'Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, lena n-áirítear sonraí agus léargais fuinnimh a fhorbairt agus a chur ar fáil le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde nuálach fuinnimh lena gcuirtear aistriú fuinnimh na hÉireann chun cinn. Is Innealtóir cairte agus comhalta d'Innealtóirí Éireann í Margie agus tá breis agus 25 bliain de thaithí aici san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Thosaigh sí le SEAI tar éis di a bheith ag obair le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), áit a raibh sí ina Ceann Oideachais agus Rannpháirtíochta Poiblí agus ina Stiúrthóir Eatramhach um an Eolaíocht don tSochaí. Roimhe sin bhí ról shinsearach aici le hInnealtóirí Éireann agus sa chomhairleoireacht innealtóireachta.

ATHRUITHE AR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

D'éirigh Andrew Ennis as oifig ag deireadh a théarma ar an 13 Iúil 2024. Cheap an tAire Lisa Vaughan ina comhalta nua den Bhord ar an 9 Nollaig 2024.

COISTÍ AN BHOIRD

Tá na Coistí seo a leanas bunaithe anois:

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord maidir lena fheidhmeanna dlíthiúla agus cuntasáíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúcháirí seachtracha agus déanann sé meastóireacht agus maoirsiú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, ar an bpróiseas bainistíochta agus measúnaithe riosca, lena n-áirítear Clár Rioscaí SEAI, agus déanann sé maoirsiú ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus féachann sé chuige go ndéantar faireachán gníomhach ar na córais rialaithe inmheánacha, agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis na gcrúinnithe go léir, agus tuairiscíonn sé ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Bhí clár gníomhach oibre ag an gCoiste le linn 2024 agus thug sé aghaidh ar ábhair i réimsí éagsúla: airgeadas, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus rialachas. San iomlán, tionóladh ocht gcruinniú le himeacht na bliana. Leanann an Coiste ar aghaidh ag tabhairt léargas neamhspleách, oibiachtúil ar shaincheistanna atá lasmuigh de na struchtúir bainistíochta laethúla.

Comhaltaí

- Ann Markey (Cathaoirleach, ceapadh ar an 6 Feabhra 2019 í, athcheapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 í)
- Martina Maher (comhalta seachtrach, ceapadh ar an 31 Iúil 2019 í, athcheapadh ar an 25 Bealtaine 2022 í)
- Sharon O'Connor (ceapadh ar an 4 Samhain 2020 í, athcheapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 í)
- Joe O'Carroll (ceapadh ar an 30 Meitheamh 2021 é, athcheapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023 é)
- Robert Wasson (ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 é)

AN COISTE BAINISTÍOCHTA FEIDHMÍOCHTA AGUS LUACHA SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh, faoi na treoirlínte atá bunaithe ag an Rialtas. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe agus an Chomhaontaithe Maoirseachta idir SEAI agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, déanann an Coiste faomhadh ar Phlean Gníomhaithe an Údaráis maidir le haon Chomhaontuithe Earnála Poiblí, nuair is infheidhme. Thionóil an Coiste dhá chruinniú in 2024.

Comhaltaí

(rinneadh na comhaltaí go léir a chéadcheapadh ar an 4 Samhain 2020 agus athcheapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 iad).

- Dermot Byrne (Cathaoirleach an Bhoird)
- Justina Corcoran
- Sharon O'Connor

AN COISTE EARNÁLA GNÓ AGUS EARNÁLA POIBLÍ (CEGEP)

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht agus faireachán cuí a chinntiú ar fhorbairt/aschuir i ndáil le Clár na hEarnála Gnó agus na hEarnála Poiblí in SEAI agus i ndáil leis an Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-Athnuaite. Tá ról ag an gCoiste seo maidir le comhairle a thabhairt faoi chúrsaí a bhaineann le cistiú tionscal/gnó. Thionóil an Coiste sé chruinniú in 2024, lena n-áirítear comhchruinniú leis an gCoiste um Beartas Taighde agus um Léargas i mí an Mhárta 2024.

Comhaltaí

- Andrew Ennis (Cathaoirleach, ceapadh ar an 30 Meitheamh 2021 é, athcheapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 é, agus d'éirigh sé as oifig ar an 13 Iúil 2024)
- Joe O'Carroll (ceapadh ar an 30 Meitheamh 2021 é, athcheapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023 é, agus ceapadh ina Chathaoirleach ar an 31 Iúil 2024 é)
- Ann Markey (ceapadh ar an 30 Meitheamh 2021 í, athcheapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 í)
- Barry McMullin (ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 é)

AN COMHLACHT NÁISIÚNTA IARFHEISTITHE (CNI)

Tá an Coiste seo freagrach as maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí, ar an leibhéal straitéiseach, maidir le bunú agus feidhmiú an Chomhlachta Náisiúnta Iarfheistithe in SEAI. Áirítear leis sin faomhadh Phlean Forfheidhmithe an chomhlachta sin. Tá sé freagrach freisin as faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir ón gComhlacht Náisiúnta Iarfheistithe i gcomhthéacs Phleananna Gnó bliantúla SEAI. Thionóil an Coiste ceithre chruinniú in 2024, mar aon le dhá sheisiún faisnéise.

Comhaltaí

- Maria O’Dwyer (ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 i)
- Léan Doody (ceapadh ar an 30 Meitheamh 2021 í, athcheapadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023 í)
- Robert Wasson (ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 é)
- Ciarán Hayes (ceapadh ar an 28 Meitheamh 2023 é)

TINREAMH NA gCOMHALTAÍ BOIRD AGUS NA gCOMHALTAÍ COISTE AG CRUINNITHE

Thionóil an Bord deich gcruinniú le linn 2024. Reáchtáladh ocht gcinn de na cruinnithe sin ag 3 Plás na Páirce, ceann amháin i nDún Dealgan, agus ceann eile ag Sráid Laighean Theas.

	An Bord 10 Chruinniú	Iníuchóireacht agus Riosca 8 Chruinniú	CBFLS 2 Chruinniú	CNI 4 Chruinniú	CEGEP 6 Chruinniú	CBTL 5 Chruinniú	Táillí Boird 2024
Comhalta Boird							
Dermot Byrne	10	2*	2		2*	3*	11,970
Sharon O’Connor	8	8	2				7,695
Andrew Ennis (a)	4				4		4,116
Ann Markey	8	8			4		7,695
Léan Doody	8			2			7,695
Joe O’Carroll	9	8			5		7,695
Justina Corcoran	6		2			4	-
William Walsh	10						-
Barry McMullin	10				6	5	7,695
Maria O’Dwyer	10			4		5	-
Robert Wasson	10	8		4			7,695
Ciarán Hayes	8			4		5	7,695
Lisa Vaughan (b)							-
Iomlán							69,951

- * Mar dhuine den lucht freastail amháin. Ní comhalta coiste é/í.
a) D’éirigh as oifig ar an 13 Iúil 2024 ag deireadh an téarma.
c) Ceapadh ar an 9 Nollaig 2024 é/í

Bhí triúr Comhaltaí Boird ann, i.e. Justina Corcoran, William Walsh (an Príomhfheidhmeannach) agus Maria O’Dwyer, nach bhfuair táillí Boird faoin bprionsabal gur tuarastal amháin a íoctar le gach duine (OPOS).

Íocadh speansais arbh fhiú €3,482 iad le Comhaltaí Boird in 2024.

AN COISTE UM BEARTAS TAIGHDE AGUS UM LÉARGAS (CBTL)

Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar chumarsáid straitéiseach agus ar bhearta chun cur le tionchar SEAI ó thaobh sonraí agus léargas a scaipeadh ar fud an mhórchórais fuinnimh. Déanann sé maoirsiú freisin ar an léargas agus ar an gcomhairle straitéiseach maidir le beartas fuinnimh a sholáthraítear don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus do Ranna Rialtais eile agus ar chomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla SEAI maidir le Staidreamh i réimse an Fhuinnimh, Samhaltú Fuinnimh, agus leis an gCreat Náisiúnta um Shamhaltú Fuinnimh. Thionóil an Coiste cúig chruinniú in 2024, lena n-áirítear comhchruinniú leis an gCoiste Earnála Gnó agus Earnála Poiblí (CEGEP) i mí an Mhárta 2024.

Comhaltaí

- Justina Corcoran (Cathaoirleach, ceapadh ar an 30 Meitheamh 2021 i)
- Barry McMullin (ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 é)
- Maria O’Dwyer (ceapadh ar an 28 Meán Fómhair 2022 i)
- Ciarán Hayes (ceapadh ar an 28 Meitheamh 2023 é)

CEANGLAIS TUAIRISCITHE FAOIN gCÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil struchtúir agus córais bunaithe ag SEAI chun cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid.

SOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Sochair €	Líon na bhFostaithe, 2024	Líon na bhFostaithe, 2023
60,000 – 69,999	24	22
70,000 – 79,999	33	29
80,000 – 89,999	25	9
90,000 – 99,999	16	20
100,000 – 109,999	8	4
110,000 – 119,999	8	5
120,000 – 129,999	3	1
130,000 – 139,999	0	3
140,000 – 149,999	4	1
150,000 – 159,999	0	0
160,000 – 169,999	0	0
170,000 – 179,999	0	1
180,000 - 189,999	1	0

Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe chomh fada agus a bhaineann siad le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, agus liúntais eile nuair is infheidhme, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

Tharla an ghluaiseacht i líon na mball foirne sna catagóirí tuarastail toisc gur filleadh ar rátaí pá a bhíodh i bhfeidhm roimhe seo faoi na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, toisc gur earcaíodh baill foirne bhreise de réir mar a ceadaíodh cur lena líon, agus toisc gur cuireadh i bhfeidhm an Plean um an bhFórsa Oibre.

COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó.

Sonra	2024 €’000	2023 €’000
Comhairle Ghairmiúil	920	452
Acmhainní Daonna	8	196
Feabhsú Clár/Eagraíochta	130	827
Forbairt Scéime	2,913	2,451
Iomlán	3,971	3,926
Costais Chomhairleachta arna gcaipitliú	-	-
Costais chomhairleachta a cuireadh de mhuirear an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	3,971	3,926
Iomlán	3,971	3,926

COSTAIS DHLÍTHIÚLA AGUS SOCRAÍOCHTAÍ

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla. Ní dhearnadh aon socraíochtaí le linn 2024 (2023: €Nialas).

Sonra	2024 €’000	2023 €’000
Comhairle Dlí	520	449
Táillí Dlí – Imeachtaí dlí	400	3
Socraíocht	-	-
Iomlán	920	452

CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHAITHE

Áiríonn an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas taistil agus cothabhála seo a leanas, sna catagóirí seo:

Sonra	2024 €’000	2023 €’000
Intíre – Fostaí	122	128
Idirnáisiúnta – Fostaí	26	24
Iomlán	148	152

CAITEACHAS AR FHÁILTEACHAS AGUS LEAS FOIRNE


Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas. Níor tabhaíodh aon chostas fáilteachais a bhain le cliaint.

Sonra	2024 €’000	2023 €’000
Leas Foirne agus Fáilteachas	38	29

RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcloífear leis an gCód. Chloígh SEAI go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

Sínithe thar cheann an Bhoird



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

31 Bealtaine 2025

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

RÉIM FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), admhaímid freagracht an Bhoird maidir lena chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh san eagraíocht. Tá na ceanglais a leagtar síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (arna leasú) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm in SEAI i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

CUMAS DÉILEÁIL LE RIOSCA

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha sonracha aige, arna bhfaomhadh ag an mBord. Ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin a bhí ar an gCoiste sin. Le linn 2024, thug CIR aghaidh ar raon leathan ábhar i réimse an airgeadais, an rialaithe inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus an rialachais, agus iad seo a leanas ina measc:

- Ráitis Airgeadais i leith 2023
- Creat Riosca, Clár Rioscaí agus Ráiteas Inghlacthachta Riosca SEAI
- Roinnt Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh lena n-áirítear cur i bhfeidhm aon mholtaí a rinneadh
- Buiséad, Réamhaisnéis agus feidhmíocht airgeadais SEAI
- Beartais agus Nósanna Imeachta
- Rioscaí Cibearshlándála

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag SEAI a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú le CIR. Tá an clár oibre iniúcháireachta inmheánaí curtha amach ar conradh le Forvis Mazars faoi láthair. Tá an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí deimhin de go raibh córais SEAI maidir le rialachas agus socruithe rialaithe éifeachtach agus bhreithnigh sí na bearta breise a ghlac SEAI sa timpeallacht oibre cumaisc, rud a thug ráthaíocht réasúnta i ndáil le leordhóthanacht agus feidhmiú rialuithe inmheánacha chun maolú agus/nó bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin a bhfuil gníomhaíochtaí SEAI nochta dóibh agus/nó baint amach chuspóirí SEAI.

D'fhorbair CIR beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a inghlactha atá rioscaí, dar leis, agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí ball foirne maidir le rioscaí. Eisíodh an beartas don fhoireann uile a bhíonn faoi réir bheartais bainistíochta riosca SEAI, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun faireachán a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfadh baol cataoise a bheith i gceist agus tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha frithchaloise i bhfeidhm aige lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu, cláir iniúcháireachta inmheánaí agus maoirseacht agus rialú a dhéanann an lucht bainistíochta. Tá córais agus rialuithe i bhfeidhm ag SEAI freisin chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus

coinníollacha maidir le hóc deontas. I gcás ina n-aithníonn SEAI méideanna deontais/scéime atá inaisíoctha leis, a eascraíonn as neamhrialtachtaí nó sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha na ndeontas, lorgaítear aisiocaíochtaí deontais ó na faighteoirí ábhartha. Nuair is gá, cuirtear cásanna in iúl do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag SEAI lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh SEAI aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann CIR agus an Bord athbhreithniú ar an gclár dhá uair sa bhliain agus tugtar cothrom le dáta é. Is mír bhuan í an bhainistíocht riosca ar Chláir CIR agus ar Chláir an Bhoird. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe riosca chun plean iniúcháireachta inmheánaí na bliana a ullmhú agus acmhainní a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ionas gur ar leibhéal inghlactha a bheidh siad. Tá sonraí sa chlár rioscaí i dtaobh na rialuithe agus na mbeart is gá chun rioscaí a mhaolú, agus tá freagracht as feidhmiú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le leibhéal comhfhreagrach cuntasachta.
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta agus an Bord athbhreithniú leanúnach air.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a choinneáil slán; agus
- Trí nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais, cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh deontais i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Tá fócas ar an timpeallacht rialaithe a fheabhsú go leanúnach, agus ceachtanna a foghlaimíodh ó fhadhbanna a sainaithníodh á gcur san áireamh. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.

- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal dár sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe tráthrialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

SOLÁTHAR

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair agus gur chomhlíon SEAI na nósanna imeachta sin i rith 2024, lena n-áirítear foilsiú aon fhógraí ab infheidhme de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údarás Poiblí), 2016 (I.R. Uimh. 284/2016).

Tá comórtas soláthair phoiblí (a reáchtáladh in 2024) i leith soláthar seirbhísí gníomhaire bainistíochta faoi réir iarratas chuig na Cúirteanna arna dhéanamh ag tairgeoir nár éirigh leis i ndáil le toradh an chomórtais de bhun Rialacháin an CE (Conarthaí Údarás Poiblí) (Nósanna Imeachta Athbhreithnithe) 2010 (I.R. Uimh. 130/2010 arna leasú) (na “Rialacháin um Leigheasanna”).

De bhun na Rialachán um Leigheasanna, tá cosc ar SEAI conradh a dhéanamh leis an tairgeoir ar éirigh leis go dtí go mbeidh na hábhair atá os comhair na gCúirteanna tugtha chun réitigh. Tá SEAI ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá air faoi na Rialacháin Soláthair agus déanann SEAI sintí leis an gconradh gníomhaire bainistíochta atá ann cheana féin a mheas, de réir mar is gá, i gcomhréir leis na hoibleagáidí sin agus leis an ngá le leanúnachas seirbhísí a chinntiú.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT


Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Bíonn an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann SEAI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi threoir ag an obair a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach agus an t-iniúcháir seachtrach, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre siúd agus ag an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin in SEAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2024 agus gur fhaomh sé an t-athbhreithniú sin ar **an 25 Márta 2025**.

SAINCHEISTEANNA MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2024 a gceanglaítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar cheann an Bhoird



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

31 Bealtaine 2025

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar a cheanglaítear faoi thorálacha alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlstistí ioncain coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaoíochta.

Is é mo thuairim go dtugtar léargas fírinneach agus cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2024 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair leis na ráitis airgeadais ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuairisc na gComhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscim de réir eisceachta, san aguisín leis an tuairisc seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2025

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc na gComhaltaí Boird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi mhír 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002
- a áirithiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas cé acu atá nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneadh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 24 den Chéad Sceideal den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht míráiteas ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaíocht nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaíocht nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraítear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaíocht níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaoíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaoíochta agus an nochta ghaolmhair.

Is é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chuir Gaeilge ar an tuairisc seo ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an aguisín a ghabhann léi.

- Tugaim breith ar a oiriúnaí is a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má bhainim de tháil as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochduithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochduithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid táil bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochduithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram an rialachais orthu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaoíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaoíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chúladaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirim aon fhoirm de tháil dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de tháil as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhírisc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de. Tuairiscim má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscim má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024


	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam			
Deontais Stáit	2	615,704	544,359
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	7	5,667	5,255
Ioncam faoi Chonarthaí AE	3	143	406
Ioncam eile	4	762	812
Glanchistiú larchurtha i ndáil le Pinsin i leith na bliana	14(c)	4,286	3,376
Ranníocaíochtaí Pinsin a Tarchuireadh chuig RCAC agus RCPSPFNA	5.1	(855)	(709)
Ioncam Iomlán		625,707	553,499

Caiteachas

Caiteachas Riaracháin	5	32,497	28,043
Caiteachas na gClár	6	587,861	520,035
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	7	4,280	3,119
Caiteachas Iomlán		624,638	551,197

Barrachas don Bhliain roimh leithreasáí		1,069	2,302
Gluaiseacht sna méideanna atá dlíte do RCAC	8	(257)	(54)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	12	427	354
Barrachas don Bhliain tar éis leithreasáí		1,239	2,602
Barrachas amhail ar an 1 Eanáir		8,043	5,441
Barrachas amhail ar an 31 Nollaig		9,282	8,043

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 20.


Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
31 Bealtaine 2025



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
31 Bealtaine 2025

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach			
Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasáí		1,239	2,602
(Caillteanas) ó thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir		(601)	(1,595)
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach a eascraíonn as Athrú ar na Boinn Tuisceana i ndáil le luach láithreach na nOibleagáidí Sochair Scoir		2,060	(1,715)
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach sa Bhliain	14	1,459	(3,310)
Coigeartú ar an gCistiú larchurtha um Shochair Scoir	14	(1,459)	3,310
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain		1,239	2,602

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 20.


Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
31 Bealtaine 2025


William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
31 Bealtaine 2025

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainní			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	9	1,950	2,377
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	13	21,060	27,865
Méideanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí	10	3,998	2,520
		25,058	30,385
Dlíteanais Reatha			
Méideanna Iníoctha agus Méideanna Fabhraithe	11	(15,776)	(22,342)
Glansócmhainní Reatha			
		9,282	8,043
Oibleagáid Sochair Scoir			
	14 (b)	(45,426)	(42,599)
Sócmhainn Chistithe larchurtha um Shochar Scoir	14(b)	45,426	42,599
Glansócmhainní lomlána			
		11,232	10,420
Lena léirítear			
Cuntas Caipitil	12	1,950	2,377
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		9,282	8,043
		11,232	10,420

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 20.

Dermot Byrne

Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
31 Bealtaine 2025

William Walsh

William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
31 Bealtaine 2025

RÁITEAS AR SHREAFaÍ AIRGID

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas an Ioncaim thar an gCaiteachas		1,239	2,602
Aistriú ón gCuntas Caipitil	12	(427)	(354)
Ús Bainc a Íocadh		-	-
Dímheas Sócmhainní Seasta	9	565	597
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		1	-
(Méadú) ar Chuntais Infhála	10	(1,478)	(133)
(Laghódú) / Méadú ar Chuntais Iníoctha	11	(6,566)	15,025
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(6,666)	17,737
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a Cheannach	9	(139)	(243)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Ús Bainc a Íocadh		-	-
(Laghódú) / Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		(6,805)	17,494
(Glanlaghdú) / Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		(6,805)	17,494
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir		27,865	10,371
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	13	21,060	27,865

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sna blianta uile roimhe sin.

(A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

(B) Ráiteas Comhlíontachta

Is ar bhonn fabhraithe a ullmhaíodh na ráitis airgeadais, ach amháin mar atá luaite thíos. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (‘FRS102’), arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is é an euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

(C) Deontais Stáit

Léiríonn Deontais Stáit (Nóta 2) sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an méid a fuarthas sa bhliain.

(D) Caiteachas Deontais

Aithnítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a chomhlíontar na coinníollacha go léir a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe de. Laghdófar Ceangaltais Deontais nuair a íocfar deontas nó ar dhul in éag don chomhaontú deontais.

Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 15.

(E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímhéas carnach. Ríomhtar dímhéas ar bhonn líne dhíreach chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré ionchais mar seo a leanas:

Costais Feistithe Foirgneamh	10%
Mótarfheithiclí	20%
Trealamh agus Bogearraí TF	33.33%
Trealamh Oifige	33.33%
An Clár Aigéin	33.33%

Luaitear talamh ar a chostas. Nuair a thugtar le fios go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a suim ghlanluacha, déantar athbhreithniú bearnúcháin. Má tá an méid in-aisghabhála níos lú ná an suim ghlanluacha, laghdaítear an tsócmhainn go dtí a méid in-aisghabhála agus bíonn cailtteanas bearnúcháin ina thoradh air sin. Aithnítear cailtteanais bhearnúcháin láithreach sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas.

Déantar sócmhainní dar luach níos lú ná €1,000 a dhímheas go hiomlán sa bhliain ina bhfuarthas iad. Gearrtar dímhéas bliana iomláine i mbliain na fála; ní ghearrtar aon dímhéas sa bhliain diúscartha.

Aithnítear an gnóthachan nó an cailtteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fáлтаis an díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó cur as úsáid sócmhainne inláimhsithe, sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach mbeidh siad in úsáid a thuilleadh.

I gcás chostais forbartha na gCóras TF a bhaineann le cláir shainiúla de chuid SEAI, cuirtear de mhuirear na gcontas iad sa bhliain ina dtabhaítear iad. Tá an beartas breithnithe ag an lucht bainistíochta agus creideann siad, mar gheall gur cláir dhinimiciúla, athraitheacha tá i gceist, gur iomchuí an cur chuige é sin.

(F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 go mbunódh an tÚdarás scéimeanna aoisliúntais. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léiríonn na costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne, ranníocaíochtaí a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Is mar ioncam a aithnítear méid arb ionann é agus an muirear pinsin sa mhéid agus go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus go bhfuil sé á fhritháireamh ag deontais a fuarthas sa bhliain d’fhonn íocaíochtaí pinsin a dhéanamh. Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d’éirigh as dlíteanais na scéime léirithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe, agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ó RCAC.

Seasann dlíteanais phinsin do luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn cistiú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ó RCAC.

Ina theannta sin, feidhmíonn an tÚdarás an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Áirítear na dlíteanais ghaolmhara maidir le híocaíochtaí pinsin sa todhchaí agus sócmhainn chomhfhreagrach i ráitis airgeadais SEAI.

(G) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamh-amúchtha an ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

(H) Léasanna

Aithnítear íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas ar feadh na tréimhse ina mbaineann SEAI leas as an áitreabh.

(I) An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF)

Gineann an tÚdarás ioncam faoin Treoir maidir le FFF faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de 2006 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006, arna leasú). Faoin reachtaíocht, ní mór d’úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuarascáil Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó do thionóntaí ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol, nó a ligean ar cíos.

Tá táillí éagsúla iníochta maidir le BER, lena n-áirítear táille ar chlárú le measúnóir agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear faoi bhráid an Údaráis sa tréimhse chun críocha Deimhniú BER a eisiúint. Is ar bhonn fabhraithe a choinnítear cuntas ar ioncam faoin Treoir maidir le FFF.

(J) Ioncam Conartha AE

Tagann ioncam conartha AE ó ghníomhaíochtaí maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite lena n-áirítear cur chun cinn teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistíocht imeachtaí. Aithnítear ioncam de réir théarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar uainiú agus riachtanais feidhmíochta an chonartha. Íoctar na cistí le RCAC, nó coinnítear iad in SEAI, ag brath ar théarmaí an chonartha.

(K) Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe ag teacht le huainiú na riachtanas feidhmíochta.

(L) Breithiúnais agus Meastacháin Shuntasacha i leith na Cuntasaióchta

Ó thaobh costais pinsean de, maidir leis na boinn tuisceana ar a mbunaítear na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochoaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn tuisceana sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáлтаis ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo
- (iii) an ráta boilscithe

2. DEONTAIS STÁIT

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 cuireann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú ar fáil don Údarás chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Cuirtear an maoiniú ar fáil tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) (Vóta 29) agus an Roinn Iompair (RI) (Vóta 31). Fuair SEAI maoiniú freisin ón gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Fuair SEAI réamhchistiú €12 mhilliún in 2023 ó RCAC i ndáil leis an gClár Micreaghiniúna Neamhchónaithe. Cuireadh an t-ioncam siar in 2023 agus scaoileadh é mar chaiteachas faoi Dheontais Stáit in 2024.

Tá luachanna comparáideacha 2023 athshonraithe le €10.825m de mhaoiniú a athaicmiú a fuarthas ón gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh faoi chomhair Caipiteal Éifeachtúlachta Fuinnimh Cónaithe/Pobail, rud a bhí san áireamh faoi Vóta 24 RCAC i Ráitis Airgeadais 2023.

Maoiniú ó Vóta 29 RCAC, 2024	Fo-cheannteideal	2024 €’000	2023 (Arna athlua) €’000
<i>Riarachán SEAI</i>			
Reatha	B3	29,029	25,170
<i>Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Chónaithe/Phobail</i>			
Reatha	B4	7,074	6,896
Caipiteal	B4	421,126	313,702
<i>Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí</i>			
Reatha	B5	5,715	5,754
Caipiteal	B5	8,808	75,632
<i>Cláir Taighde Fuinnimh</i>			
Reatha	B7	2,654	2,552
Caipiteal	B7	16,948	14,544
Maoiniú Iomlán ó RCAC (Vóta 29, 2024)		491,354	444,250

Maoiniú ó RCAC (Vóta 29, 2023, Réamh-mhaoiniú)

<i>Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí</i>			
Caipiteal	B5	9,203	-
Maoiniú don Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide			
<i>Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí</i>			
Caipiteal	-	58,211	-

An Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EENF)

Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Chónaithe/Phobail			
Caipiteal	-	-	10,825
Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí			
Caipiteal	-	3,837	-
Maoiniú Iomlán do EENF	3,837	10,825	

Maoiniú ó RI (Vóta 31, 2024)

Clár na bhFeithiclí Leictreacha			
Reatha	C7	937	989
Caipiteal	C7	52,162	88,295
Maoiniú Iomlán ó RI (Vóta 31, 2024)		53,099	89,284

Ioncam Iomlán ó Dheontais Stáit

	2024 €’000	2023 €’000
3. Ioncam faoi Chonarthaí AE		
AFLOWT	121	90
OPIN	-	45
TD&F ERA Net	-	26
An Clár Aigéin	3	91
Fuinneamh Aigéin ERA-NET	-	154
Odyssee Mure	9	-
JHARP	10	-
	143	406

Íoctar na méideanna arna bhfáil díreach leis na gníomhaireachtaí feidhmithe ábhartha agus ní théann siad trí na Vótaí ná ní íoctar leis an Státchiste iad. Déantar foráil sa Vóta don oll-ranníocaíocht (agus do ghlan-ranníocaíocht) ón Státchiste.

	2024 €’000	2023 €’000
4. Ioncam eile		
Ioncam eile	48	62
Ioncam comhchistiúcháin TFFFI	714	750
	762	812

Faightear ioncam cómhaoinithe faoi chomhair Taighde, Forbairt agus Feidhmiú Fuinnimh In-athnuaite ó ghníomhaireachtaí eile rialtais chun páirtchistiú a dhéanamh ar dheontais taighde. Aithnítear ioncam de réir luach an deontais arna eisiúint agus céatadán an chómhaoinithe a shanntar do gach dámhachtain taighde. Tá sonraí maidir leis na gníomhaireachtaí cómhaoinithe thíos.

Gníomhaireacht Chómhaoinithe	2024 €’000	2023 €’000
An Chomhpháirtíocht um an Aistriú go Fuinneamh Glan	54	-
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	142	226
An Roinn Iompair	193	98
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	-	21
Bord Soláthair an Leictreachais	28	42
Líonraí Gáis Éireann	56	70
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	107	288
Foras na Mara	97	5
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	37	-
Iomlán	714	750

		2024 €’000	2023 €’000
5. Caiteachas Riaracháin			
Tuarastail agus táillí gaolmhara	5.1	18,998	15,567
Costais phinsin	14(a)	3,837	3,015
Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas		666	641
Fógraíocht agus Margaíocht		456	412
Táillí Ginearálta Comhairleachta agus Táillí Gairmiúla	5.2	852	1,119
Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse	5.3	2,796	2,809
Teicneolaíocht Faisnéise	5.4	3,332	3,257
Riarachán Ginearálta	5.5	1,560	1,223
		32,497	28,043

		2024 €’000	2023 €’000
5.1 Tuarastail agus Muirir Ghaolmhara			
Sochair ghearrthéarmacha na mball foirne		16,050	13,146
ÁSPC an Fhostóra		1,714	1,403
Baill Foirne Ghníomhaireachta/ar Conradh		1,164	952
Luach Saothair na gComhaltaí Boird	17	70	66
		18,998	15,567

I gcásanna ina bhféadfaí obair baill foirne gníomhaireachta ar leith a shannadh do chlár, aithníodh an costas mar chostas cláir.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i leith na bliana (2023: €Nialas).

Níor thabhaigh SEAI aon íocaíochtaí ragoibre i leith na bliana (2023: €Nialas).

D’íoc an tÚdarás ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe dar luach €228,849 (2023: €211,128) le RCAC, a mháthair-roinn, in 2024 i leith scéim aoisliúntais SEAI. Ina theannta sin, d’íoc sé €626,327 (2023: €498,118) le RCPSPFNA i leith bhaill na Scéime Aonair. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh faoi na scéimeanna. Is é €855,176 (2023: €709,246) an t-iomlán a íocadh amach faoin dá scéim in 2024.

RANNÍOCAÍOCHT BHREISE AOISLIÚNTAIS

Asbhaineadh ranníocaíocht bhreise aoisliúntais €425,704 (2023: €346,070) ó thuarastail agus íocadh an méid sin leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le linn na bliana.

LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ba é €183,545 (2023: €175,915) luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2024 agus ba é €1,467 (2023: €2,591) na speansais.

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh ach na teidlíochtaí caighdeánacha a leagtar amach i samhailscéim aoisliúntais na hearnála poiblí. Ní chuimsíonn an conradh fostaíochta íocaíocht ar bhonn feidhmíochta ná aon sochar comhchineáil/pheorcaisí.

LUACH SAOTHAIR PRÍOMHDHAOINE DEN LUCHT BAINISTÍOCHTA

Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe i gcás 20 (2023: 18) príomhduine den lucht bainistíochta:

	2024 €	2023 €
Tuarastail	2,467,371	2,045,562

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an lucht bainistíochta ach na teidlíochtaí caighdeánacha a leagtar amach i samhailscéim aoisliúntais na hearnála poiblí nó sa scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair. Ní chuimsíonn na conarthaí fostaíochta íocaíocht ar bhonn feidhmíochta ná aon sochar comhchineáil/pheorcaisí.

Táillí an Bhoird

Nochtar táillí an Bhoird i Nóta 17.

Conradh Buan, Fadtéarmach

Ba é 230 (2023: 200) meánlíon na bhfostaithe a bhí ar conradh buan nó ar conradh fadtéarmach sa tréimhse. Ba é 242 (2023: 224) líon na gcoibhéisí lánaimseartha ag deireadh na tréimhse.

5.2 TÁILLÍ GINEARÁLTA COMHAIRLEACHTA AGUS TÁILLÍ GAIRMIÚLA

	2024 €’000	2023 €’000
Comhairle Ghairmiúil	740	1,009
Táillí Rúnaí an Bhoird	111	110
	851	1,119

5.3 CÍOS, RÁTAÍ AGUS MUIRIR SHEIRBHÍSE

	2024 €’000	2023 €’000
Cíos	2,081	2,074
Rátaí	189	183
Muirir Sheirbhíse	526	552
	2,796	2,809

5.4 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

	2024 €’000	2023 €’000
Ceadúnais TF agus Caiteachas Ginearálta	1,245	1,692
Cothabháil agus Tacaíocht TF	1,258	1,263
Forbairt Córas TF	829	302
	3,332	3,257

5.5 RIARACHÁN GINEARÁLTA

	2024 €’000	2023 €’000
Taisteal agus Cothú – Baill Foirne	14	12
Taisteal agus Cothú – Baill Foirne	3	2
Dímheas	565	597
Táillí iniúchóireachta – inmheánach	97	87
Táillí iniúchóireachta – seachtrach	43	39
Árachas agus DLí	555	235
Eile	283	251
	1,560	1,223

6. CAITEACHAS NA gCLÁR

Tá an caiteachas ar chláir comhdhéanta de na míreanna seo a leanas:

Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Chónaithe agus Phobail				2024 €’000	2023 €’000
Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo	6.1	230,344	158,225		
Tithe le Fuinneamh Níos Fearr	6.2	50,065	56,274		
An Scéim Náisiúnta Uasghrádaithe Fuinnimh Baile / OSS	6.3	34,061	28,673		
Iarfheistiú Domhain (Treoirscéim)	6.4	188	720		
Deontas Fuinnimh Pobail	6.5	44,003	29,540		
Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite - Pobail	6.6	448	1,127		
Grianphainéil Fhótavoltacha	6.7	65,630	54,320		
Grianphainéil dóibh siúd atá Leochaileach ó thaobh Leighis de	6.8	1,129	-		
An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh	6.9	1,353	872		
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh - Forbairt Chaipitil	6.10	1,517	1,843		
Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí					
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	6.11	64,183	72,136		
Clár Tionscail agus Gnó	6.12	4,571	3,226		
Microaghiniúint san Earnáil Neamhchónaithe	6.13	9,429	432		
Seó Fuinnimh	6.14	170	167		
EXEED	6.15	2,246	2,346		
Clár na Scoileanna	6.16	240	206		
Faireachas ar an Margadh	6.17	1,068	1,373		
Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-athnuaite	6.18	3,692	1,413		
Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Gnó	6.19	535	265		
Fuinneamh In-Athnuaite					
Taighde, Forbairt agus Feidhmiú i réimse an Fhuinnimh In-athnuaite	6.20	13,898	12,610		
Fuinneamh Amach ón gCósta	6.21	3,081	2,470		
Teas Dícharbónaithe	6.22	472	468		
Nuálaíocht agus Comhtháthú					
Pointe Teagmhála Aonair	6.23	261	252		
Comhordú Straitéiseach agus Comhordú Idirnáisiúnta	6.24	904	659		
Sonraí agus Léargas	6.25	1,125	1,327		
Iompar					
Feithiclí Leictreacha	6.26	53,248	89,091		
				587,861	520,035

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athrangú agus a athchur i láthair ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

6.1 FUINNEAMH NÍOS FEARR, TITHE NÍOS TEO

	2024 €’000	2023 €’000
Uasghráduithe Fuinnimh	218,205	148,970
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	10,651	7,861
Feidhmiú Oibríochtaí	716	708
Costais Oibríúcháin Eile	131	178
Forbairt agus Cothabháil Córas TF	637	503
Costais Taistil	4	5
	230,344	158,225

Faoin scéim ‘Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo’ tacaítear le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe príobháideacha atá sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh. Painéal fochonraitheoirí a dhéanann na hoibreacha. Sa bhliain 2024, rinneadh 7,743 (2023, 5,898) uasghrádú faoin scéim 'Fuinneamh níos Fearr, Tithe níos Teo'. Coinníodh ag cur le hiarfheistiú níos doimhne agus níos forleithne faoin gclár, le bearta mar insliú ballaí seachtracha agus córais téimh nuair is cuí. Ag teacht le beartas an Rialtais, tugtar tús áite faoin gclár don fheidhmíocht fuinnimh is measa – Rátáil Fuinnimh Foirgnimh E, F nó G i gcás foirgnimh a tógadh roimh 1993 – chun aghaidh a thabhairt ar na tithe inar mó a bhfuil gá le hiarfheistiú fuinnimh.

6.2 TITHE LE FUINNEAMH NÍOS FEARR

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	46,179	52,639
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	1,349	1,411
Feidhmiú Oibríochtaí	1,878	1,857
Costais Oibríúcháin Eile	67	39
Costais TF	567	312
Costais Taistil	25	16
	50,065	56,274

Is clár náisiúnta iarfheistithe é an Clár ‘Tithe le Fuinneamh Níos Fearr’, atá ar fáil do gach úinéir tí, tiarnaí talún san áireamh, gan tástáil acmhainne. Is bealach é chun úinéirí tí a spreagadh a n-áiteanna cónaithe a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh. Déantar sin trí dheontais a sholáthar i leith sraith beart is féidir a roghnú ina n-aonar, nó i dteannta a chéile nó de réir a chéile chun iarfheistiú níos cuimsithí a dhéanamh le himeacht ama. Ní mór d’iarratasóirí conraitheoirí a roghnú ó chláir. In 2024, íocadh amach 15,660 (2023: 17,904) deontas i leith áiteanna cónaithe.

6.3 AN SCÉIM NÁISIÚNTA UASGHRÁDAITHE FUINNIMH BAILE / OSS

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	30,861	26,285
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	208	252
Feidhmiú Oibríochtaí	740	543
Costais Oibríúcháin Eile	192	107
Costais TF	889	516
Spreagadh Éilimh	1,043	883
Taighde a Coimisiúnaíodh	121	75
Costais Taistil	7	12
	34,061	28,673

Tá an tSeirbhís Ilfhreastail (Scéim Náisiúnta um Uasghrádú Fuinnimh Baile) dírithe ar dheontais chaipitil a sholáthar do theaghligh phríobháideacha, agus do Chumann Tithíochta cláraithe ar mian leo a n-áiteanna cónaithe a fheabhsú, trí oibreacha uasghrádaithe fuinnimh, go rátáil BER B2 nó níos fearr ar a laghad. Seoladh an scéim i mí Feabhra 2022. Tá 24 soláthraí ilfhreastail cláraithe ann agus íocadh amach 1,474 (2023: 1,336) deontas faoi chomhair obair uasghrádaithe ar áiteanna cónaithe in 2024. Áirítear leis na costais freisin tacaíocht faoi chomhair scéimeanna píolótacha i gcomhair forbairt teaschaidéal, an tionscadail phiolótaigh um thithe traidisiúnta, an chláir iasachtaí ar chostas íseal i gcomhair athchóiriú (SBCI), réitigh dhigiteacha do sholáthraithe athchóirithe, fhorbairt shlabhra an tsoláthair, taighde coimisiúnaithe agus gníomhaíochtaí giniúna éilimh arb aidhm leo bonn eolais a chur faoin Straitéis Náisiúnta Athchóirithe go ginearálta agus í a chur chun cinn.

6.4 AN TREOIRSCÉIM UM IARFHEISTIÚ DOMHAIN

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	182	609
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	6	99
Feidhmiú Oibríochtaí	-	8
Costais Oibríúcháin Eile	-	2
Costais Taistil	-	2
	188	720

Bunaíodh an Treoirchlár um Iarfheistiú Domhain siar in 2017 d’fhonn teacht ar thuiscint ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann leis an iarfheistiú domhain. Chuir na treoirthionscadail bonn eolais faoin gcur chuige a ghlacfar maidir le hiarfheistiú domhain ar mhórsála a dhéanamh ar fhoirgnimh in Éirinn. Tá na háiteanna cónaithe deiridh á gcur i gcrích, agus 3 áit chónaithe bhreise críochnaithe in 2024. Tá 555 áit chónaithe curtha ar fáil faoin scéim phiolótach san iomlán. Tháinig deireadh leis an gClár Píolótach um Iarfheistiú Domhain agus níl ag glacadh le hiarratais nua ó mhí Iúil 2019.

6.5 DEONTAS FUINNIMH POBAIL

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	41,661	27,362
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	145	143
Costais TF	24	17
Feidhmiú Oibríochtaí	193	151
Costais Oibríúcháin Eile	43	104
Tacaíocht Mheantóireachta do Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe	1,923	1,734
Costais Taistil	14	29
	44,003	29,540

Deontais Phobail: Tá scéim na nDeontas Fuinnimh Pobail (DFP) dírithe ar an soláthar foirgneamh a uasghrádú ionas go mbeidh siad ar ardchaighdeán ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de agus go n-úsáidfear fuinneamh in-athnuaite iontu. Tacaíonn an clár le cineálacha cur chuige nua chun feabhsuithe ardchaighdeáin a bhaint amach i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh i bpobail Éireannacha agus comhiomlánú a dhéanamh trí ghrúpaí foirgneamh a thabhairt le chéile faoi aon iarratas amháin ar iarfheistiú. Rinneadh uasghrádú ar 683 (2023: 601) áit chónaithe agus tugadh tacaíocht do 194 (2023: 290) tionscadal neamhchónaithe. Áiríodh leo sin foirgnimh phobail, ionaid oideachais/scoileanna, áiseanna pobail agus spóirt, gnólachtaí áitiúla, an earnáil phoiblí agus tionscadail neamhbhrabúis nó tionscadail charthanachta. Tacaíonn an clár freisin le tionscadail phiolótacha forbartha le bealaí nua a thástáil le tacú le Forbairtí Ilaoiad Cónaithe agus le cineálacha cur chuige ceantar-bhunaithe agus comh-iomlánaithe i leith iarfheistiú.

Líonra na bPobal:Is éard atá i gceist le clár líonra na bPobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) cumas a chothú i measc pobal i dtaobh mórthionscadail fuinnimh inbhuanaithe a chur ar bun agus a bheith ina bpobail fuinnimh inbhuanaithe. Tá líonra náisiúnta pobal fuinnimh inbhuanaithe forbartha agus 926 (2023: 805) ball ann. Faigheann an Líonra PFI tacaíocht ó phainéal Meantóirí Réigiúnacha agus Contae, arna n-earcú agus arna mbainistiú ag SEAI. Tacaíonn SEAI le pobail Máistirphlean Fuinnimh áitiúil a fhorbairt le bheith ina bhonnlíne i dtaobh úsáid fuinnimh sa phobal, chomh maith le clár de na tionscadail oiriúnacha fuinnimh inbhuanaithe a bhféadfadh an pobal tabhairt fúthu amach anseo.

6.6 SCÉIM TACAÍOCHTA UM FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE - POBAIL

	2024 €’000	2023 €’000
Tacaíocht Mheantóireachta	300	339
Feidhmiú Oibríochtaí	1	-
Costais Oibriúcháin Eile	20	55
Costais TF	125	728
Costais Taistil	2	5
	448	1,127

Tacaíonn an clár le pobail atá ag iarraidh a dtionscadal leictreachais in-athnuaite féin a fhorbairt. Tacaíonn an clár le pobail chun tionscadail a fhorbairt tríd an gCreat Cumasaithe Pobail, faoina gcuirtear treoracha, uirlisí agus sainchomhairle ar fáil ionas gur féidir iarratas a dhéanamh ar thacaíocht deontais i leith tionscadal. Cuirtear i bhfeidhm é trí scéim na nDeontas Cumasaithe Pobail, faoina dtacaítear le tionscadail ó chéim an choincheapa go dtí go ndúntar na cuntais airgeadais. Seoladh clár an Chiste Tairbhe Pobail in 2023. Is tairseach é do thionscadail fuinnimh chun a gcistí leasa pobail a chlárú agus na sonraí agus na cás-staidéir a chur ar fáil don phobal.

6.7 GRIANPHAINÉIL

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	62,650	52,110
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	1,211	1,022
Feidhmiú Oibríochtaí	1,165	655
Costais Oibriúcháin Eile	50	27
Costais TF	553	504
Costais Taistil	1	2
	65,630	54,320

Faoi Scéim na nGrianphainéal, soláthraítear tacaíocht d’úinéirí tí chun córas fótavoltach gréine (PV) a cheannach agus a shuiteáil. Déantar íocaíocht aonuaire le húinéirí tí, bunaithe ar shuiteáil táirgí a chomhlíonann ceanglais na scéime. Tá méid an deontais a íoctar bunaithe ar acmhainneacht na ngrianphainéal a shuiteáltar. In 2024, críochnaíodh 28,424 (2023: 22,214) áit chónaithe faoin gclár sin.

6.8 GRIANPHAINÉIL DÓIBH SIÚD ATÁ LEOCHAILEACH Ó THAOBH LEIGHIS DE

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	1,129	-

Cuireann an Scéim Grianphainéal dóibh siúd atá Leochaileach ó thaobh Leighis de tacaíocht ar fáil faoi chomhair córais grianphainéal fótavoltach do theaghlaigh atá liostaithe ar an gClár Seirbhísí Tosaíochta. Bíonn a leithéid de theaghlaigh spleách ar threalamh leictreach, lena n-áirítear gléasanna leighis, gléasanna cosanta

beatha agus teicneolaíochtaí cúnta (m.sh. meaisíní scagdhealaithe, análaitheoirí, ardaitheoirí cathaoireach). Clúdaíonn an deontas suiteáil iomlán córais grianphainéal fótovoltach 2kWp. Cuireadh 205 suiteáil i gcrích in 2024.

6.9 AN SCÉIM UM OIBLEAGÁID ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

	2024 €’000	2023 €’000
Forbairt Clár agus Córas	660	367
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	168	114
Feidhmiú Oibríochtaí	479	320
Costais Oibriúcháin Eile	39	60
Costais Taistil	7	11
	1,353	872

Is clár rialála í an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) atá i bhfeidhm ó 2014. Tá freagracht as riaradh na scéime agus bainistíocht na gcreidmheasanna fuinnimh fágtha faoi SEAI. Faoin scéim, socraítear spriocanna bliantúla atá ceangailteach ó thaobh dlí de do na cuideachtaí fuinnimh is mó in Éirinn, rudaí a gcomhlíonann siad iad ach tacú le teaghlaigh agus le gnólachtaí infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Is é Airteagal 8 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ba spreagadh leis an EEOS, lena gceanglaítear ar bhallstáit an AE sprioc carnach coigiltis éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Leathnaíodh an Treoir in 2018 agus athmhúnaíodh in 2023 í le huaillmhian na sprice a mhéadú. Tá na hathruithe a rinneadh in 2023 le glacadh in 2025, agus tuilleadh nuashonruithe le déanamh ar an EEOS ó 2026 ar aghaidh. I measc na gcostas a tabhaíodh faoin gclár tá riaradh na scéime agus tacaíocht forbartha beartais don RCAC.

6.10 RÁTÁIL FUINNIMH FOIRGNIMH – FORBAIRT CAIPITIL

	2024 €’000	2023 €’000
Forbairt Clár agus Córas	1,517	1,843

Déanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú ar fhorbairt chaipitil an chláir Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER). Cuireadh roinnt tionscadail forbartha TF i gcrích in 2024 le feidhmiúlacht córas TF a fheabhsú. Áirítear leo sin nuashonruithe a rinneadh ar na córais TF dearbhaithe cáilíochta atá againn, chomh maith le feidhm nua comhroinnte suirbhéanna a cuireadh leis na bogearraí DEAP d’fhonn eispéireas an úsáideora a fhebhsú. Tá an chuid eile de chostais an chláir clúdaithe ag an ioncam a ghintear faoi, agus nochtar iad ar leithligh i nóta 7.

6.11 ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH NA HEARNÁLA POIBLÍ

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí	60,435	68,885
Seirbhísí Comhairleacha do Chliaint	1,684	1,634
Costais TF	1,342	870
Feidhmiú Oibríochtaí	430	460
Costais Oibriúcháin Eile	180	271
Forbairt Clár	96	-
Costais Taistil	16	16
	64,183	72,136

Cuireann clár Comhpháirtíochta SEAI cleachtais struchtúrtha bainistíochta fuinnimh chun cinn agus cuireann sé comhairle dhíreach ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, meantóireacht, oiliúint agus saintacaíochtaí teicniúla. Is éard atá sa chóras F&T (Faireachán agus Tuairisciú) ná Córas Náisiúnta Taifid agus struchtúr cuimsitheach do chomhlachtaí poiblí chun idiú fuinnimh a thuairisciú agus a rianú. Tá córas nua F&T á fhorbairt faoi láthair agus é le cur chun feidhme le himeacht 2024. Faoi Chlár Pathfinder na hEarnála Poiblí, cuirtear tacaíocht chaipitil ar fáil do thionscadail uasghrádaithe foirgnimh. Díríodh i gClár Pathfinder ar fhorbairt acmhainneachta i ndáil le feidhmiú tionscadal i gcomhlachtaí poiblí, agus ar inniúlacht chun réitigh a chur i bhfeidhm ar leibhéal na heagraíochta. Faoin gclár sin, bhíothas ag obair le FSS, an Roinn Oideachais, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus in 2024 tosaíodh ag obair freisin leis na húdaráis Áitiúil trí na ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO). Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Pathfinder in 2023. Sa bhliain 2024, cuireadh Measúnú Straitéiseach agus dréacht-Réamhchás Gnó faoi bhráid an RCAC mar thairiscint d’fhonn maoiniú a bhaint amach do Chlár Pathfinder SEAI ón gCiste Bonneagair, Aeráide agus Dúlra.

6.12 CLÁR TIONSCAIL AGUS GNÓ

	2024 €’000	2023 €’000
Comhairleoireacht Chliaint LIEN	708	449
Comhairleoireacht Chliaint SME	37	5
Feidhmiú Oibríochtaí	265	250
Costais Oibriúcháin Eile	127	91
Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur Chun Cinn sa Ghnó	119	138
Scéim Tacaíochta i gcomhair Iníuchtaí Fuinnimh	3,216	2,202
Costais TF	94	90
Costais Taistil	5	1
	4,571	3,226

Faoin gclár Tionscail agus Gnó, tacaítear le hiarrachtaí ar fud na n-earnálacha gnó go léir chun dlús a chur faoi iarrachtaí éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Baintear é sin amach trí thacaíocht chaipitil a chur ar fáil faoi chomhair iníuchtaí fuinnimh, líonraí, oiliúna agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrtha fuinnimh chun cinn, agus margaí á bhforbairt ag an am céanna le comhairle agus seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil. Tacaíonn an Líonra Fuinnimh Mórthionscal (LIEN) le húsáideoirí móra fuinnimh pleanáil bainistíochta agus dícharbónaithe fuinnimh den scoth a chur i bhfeidhm, roinneann dea-chleachtas agus spreagann feabhsuithe leanúnacha ar fheidhmíocht fuinnimh. Na tacaíochtaí a chuireann SEAI ar fáil do FBManna, tugann siad treoir agus forbraíonn acmhainn ar fud earnáil na FBManna, agus áirítear leo Tús Eolais ar an mBainistíocht Fuinnimh agus Acadamh Fuinnimh SEAI, a cuireadh ar bun le cabhrú le gnólachtaí tuiscint a fháil ar na cineálacha cur chuige, ar na teicneolaíochtaí agus ar na huirlisí ar féidir leas a bhaint astu le húsáid fuinnimh agus astaíochtaí a laghdú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Faoin Scéim Tacaíochta um Iníuchtaí Fuinnimh, cuirtear deontais ar fáil do ghnólachtaí le cabhrú leo Iníúchadh Fuinnimh ar ardchaighdeán a fháil ó mheasúnóir cláraithe. Tugann torthaí an iníuchta léargas don ghnólacht ar an gcaoi a n-úsáideann sé fuinnimh, na réimsí ina n-úsáidtear an méid is mó fuinnimh agus na bearta is féidir leis an ngnó a dhéanamh chun fuinneamh a sparáil.

6.13 MICREAGHINIÚINT SAN EARNÁIL NEAMHCHÓNAITHE

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	8,878	199
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	137	18
Costais TF	240	100
Feidhmiú Oibríochtaí	143	54
Costais Oibriúcháin Eile	28	58
Costais Taistil	3	3
	9,429	432

Faoin Deontas Micreaghiniúna don Earnáil Neamhchónaithe (DMEN), cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí agus le hearnálacha eile grianphainéil a shuiteáil chun leictreachas a ghiniúint ar an láthair. A bhui leis an teicneolaíocht sin, laghdaítear costais leictreachais tráchtála agus cuirtear le cinnteacht an tsoláthair, agus feabhsaítear íomhá an ghnólachta i dtaobh na hinbhuanaitheachta de. Tá deontais ar fáil faoi láthair faoi chomhair córais grianphainéal fótavoltach suas le 1000kWp.

6.14 SEÓ FUINNIMH

	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam	(433)	(333)
Fógraíocht	74	62
Feidhmiú Oibríochtaí	528	437
Costais Taistil	1	1
	170	167

Is é an Seó Fuinnimh an príomhimeacht fuinnimh inbhuanaithe idir-ghnólachtaí in Éirinn. Eagraítear taispeántas dhá lá mar chuid de, ag a mbíonn níos mó ná 100 taispeántóir ó ar fud na hearnála seirbhísí fuinnimh, agus bíonn clár seimineár ar bun freisin. Meallann an t-imeacht os cionn 3,000 cuairteoir gach bliain.

6.15 EXEED

	2024 €'000	2023 €'000
Deontais arna nEisiúint	1,866	1,970
Comhairleoireacht Chliaint	27	63
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	7	7
Feidhmiú Oibríochtaí	294	286
Costais Oibríúcháin Eile	30	13
Costas TF	17	2
Taisteal	5	5
	2,246	2,346

Is scéim deimhnithe sócmhainní é SEAI EXEED Certified lena dtugtar aghaidh ar fhuinneamh agus feidhmíocht charbóin ar feadh an tsaolré trí Bhainistíocht Dearaidh atá Tíosach ar Fhuinneamh. Is féidir EXEED Certified a chur i bhfeidhm i ngnólacht ar bith, san earnáil tráchtála, in earnáil na tionsclaíochta agus san earnáil phoiblí. Tacaíonn EXEED le bainistíocht dearaidh atá tíosach ar fhuinneamh trí dheontais le haghaidh dúshláin dearaidh agus infheistíochtaí caipitil a dteastaíonn dreasacht infheistíochta ina leith. Feabhsaíodh scéim deontas EXEED i mí an Mhárta 2023 nuair a cuireadh le luach an deontais uasta agus nuair a rinneadh simpliú ar na seiceálacha i dtaobh luach ar airgead.

6.16 CLÁR NA SCOILEANNA

	2024 €'000	2023 €'000
	240	206

Cuidíonn clár oideachais SEAI le bonn eolais a chur faoi dhearcaí, tuairimí agus iompraíocht páistí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsítear sa chár acmhainní teagaisc atá ailínithe leis an gcuraclam, ceardlanna idirghníomhacha agus comórtais do dhaltaí, agus oiliúint múinteoirí chomh maith le foilseacháin ábhartha.

6.17 FAIREACHAS AR AN MARGADH

	2024 €'000	2023 €'000
Faireachas ar an Margadh	540	730
Feidhmiú Oibríochtaí	226	235
Costais Oibríúcháin Eile	22	41
Costais TF	265	353
Costais Taistil	15	14
	1,068	1,373

Is é SEAI Údarás na hÉireann um Fhaireachas Margaidh (ÚFM) i leith na Treorach Éicidhearthóireachta ón Aontas Eorpach, Rialacháin an Aontais maidir le Lipéadú Fuinnimh, agus an Rialachán ón Aontas maidir le Lipéadú Boinn. Is é atá inár ról ná a chinntiú go gcomhlíonann gnólachtaí (monaróirí, iompórtálaithe agus miondóltóirí) na rialacháin sin. In 2024, rinne an SEAI breis is 300 cigireacht in 17 gcatagóir táirgí, lena n-áirítear seiceálacha comhlíontachta ar dhoiciméid theicniúla, seiceálacha comhlíontachta teicniúla agus seiceálacha ar shiopaí ó thaobh comhlíontacht lipéadaithe de. Clúdaíonn an buiséad um fhaireachas ar an margadh clár táirgí EEE SEAI agus an Scéim um Liúntais Chaipitil Luathaithe a bhaineann leis freisin.

6.18 AN SCÉIM TACAÍOCHTA I DTAOBH TEAS IN-ATHNUAITE

	2024 €'000	2023 €'000
Infheistíocht / Cúnamh Oibríúcháin	3,407	1,134
Comhairle Theicniúil	48	23
Feidhmiú Oibríochtaí	190	210
Costais Oibríúcháin Eile	8	25
Costais TF	32	19
Costais Taistil	7	2
	3,692	1,413

Faoin Scéim Tacaíochta um Theas In-athnuaite (STTI), tacaítear leis an aistriú ó chórais téimh a ritheann ar bhreosla iontaise go teicneolaíochtaí incháilithe fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear coirí bithmhaise, teaschaidéal agus córais téimh bithmheatáin

(díleá anaeróbach). Dhá chineál tacaíochta atá ar fáil faoin scéim – íocaíocht taraife mar chúnamh oibriúcháin i ndáil le córais téimh bithmhaise agus bithmheatáin AD, agus deontas faoi chomhair córais teaschaidéil agus bearta gaolmhara éifeachtúlachta fuinnimh. Osclaíodh an scéim in 2019 agus feabhsaíodh go mór í i mí an Mhárta 2023 nuair a cuireadh leis an tacaíocht chun teaschaidéal a shuiteáil, agus nuair a leathnaíodh í chuig earnáil an Chórais Trádála Astaíochtaí.

6.19 SCÉIM UASGHRÁDAITHE FUINNIMH GNÓ

	2024 €'000	2023 €'000
Forbairt Clár	51	63
Costais TF	484	202
	535	265

Is scéim í an Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Gnó (SUFG) a seoladh go hoifigiúil in 2024 d'fhonn spriocanna iarfheistithe a bhaint amach i ndáil le Foirgnimh Thráchtála, agus béim ar leith á leagan ar earnáil na FBManna. Faoin scéim, cuirtear maoiniú deontais ar fáil go tapa faoi chomhair raon bearta iarfheistithe, lena n-áirítear fabraic, teaschaidéil, uasghráduithe AHU, uasghráduithe BMS, córais grianchumhachta teirmí, caidéil. Ina theannta sin, cuireann SUFG tacaíocht ar fáil faoi chomhair na gcostas deartha tosaigh agus le córais bainistíochta foirgneamh atá ann cheana a bharrfheabhsú. Thugtaí an Scéim Iarfheistithe Neamhchónaithe ar SUFG sular seoladh é.

6.20 TAIGHDE, FORBAIRT AGUS FEIDHMIÚ I RÉIMSE AN FHUINNIMH IN-ATHNUAITE

	2024 €'000	2023 €'000
Deontais arna nEisiúint	13,298	12,408
Feidhmiú Oibríochtaí	268	129
Costais Oibríúcháin Eile	43	60
Costais TF	287	12
Costais Taistil	2	1
	13,898	12,610

Faoi Chlár Cistiúcháin Taighde, Forbartha agus Taispeána SEAI, tacaítear le bearta nuálacha, spriocdhírithe a chuidíonn linn tosaíochtaí beartais a bhaint amach, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, sa Chlár don Rialtas agus sa Chreat Aeráide agus Fuinnimh 2030. Is éard a chuimsítear i gcaiteachas 2024 ná íocaíochtaí i leith 200 dámhachtain ilbhliantúil (159 tionscadal atá ar bun a dámhadh in 2019-2023 agus 41 eile a dámhadh in 2024) agus íocaíochtaí le comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Is iad cuspoirí uileghabhálacha an chláir sin dlús a chur le forbairt agus déantúsaíocht táirgí a bhaineann le fuinneamh in Éirinn, bacainní teicniúla a shárá, cumas taighde na hÉireann a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar do lucht déanta beartas ar bhonn torthaí ó thionscadail ar thacaíomar leo.

6.21 FUINNEAMH AMACH ÓN gCÓSTA

	2024 €'000	2023 €'000
Deontais arna nEisiúint	192	84
Oibreacha ar Fochonradh	1,802	1,787
Feidhmiú Oibríochtaí	1,050	517
Costais Oibríúcháin Eile	25	60
Costais TF	-	-
Costais Taistil	12	22
	3,081	2,470

Tá an Clár Fuinnimh Amach ón gCosta á riar ag SEAI chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm i dtaobh dlús a chur le forbairt Fuinnimh Amach ón gCosta agus Fuinneamh Aigéin in Éirinn, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCosta. Tacaíonn an clár le suíomhanna tástála comhordaithe agus taighde, ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta.

6.22 TEAS DÍCHARBÓNAITHE

	2024 €'000	2023 €'000
Feidhmiú Oibríochtaí	258	341
Taighde a Coimisiúnaíodh	49	69
Costais TF	165	54
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	-	4
	472	468

Faoin gClár um Theas Dícharbónaithe, déantar anailís agus taighde atá bunaithe ar fhianaise, chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta teasa. In 2024, ar bhonn an Staidéir Náisiúnta Teasa, tacaíodh le feidhmiú téimh ceantair in Éirinn, agus dearadh scéim inbhuanaithe bithfhuinnimh, Fíorú Deimhnithe Inbhuanaitheachta Bithmhaise, chun cloí le I.R. 350/2022, faoina ndearnadh Treoir II ón Aontas Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2018) a thrasúí.

6.23 POINTE TEAGMHÁLA AONAIR

	2024 €'000	2023 €'000
Feidhmiú Oibríochtaí	86	55
Costais Oibríúcháin Eile	-	41
Costais TF	36	110
Taighde a Coimisiúnaíodh	139	46
	261	252

Tarmligeadh feidhm threorach an Phointe Aonair Teagmhála chuig SEAI amach sa bhliain 2022 faoi I.R. 250/2022, faoina ndearnadh Airteagal 16 de Threoir II ón Aontas Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2018) a thrasúí, agus tosaíodh ar an obair sin in 2023. Faoin gclár sin, soláthraítear treoir d'úsáideoirí deiridh an chórais

toilithe i ndáil le tionscadail fuinnimh in-athnuaite in Éirinn, i bhfoirm láithreán gréasáin treorach. In 2024, leanamar orainn ag forbairt láithreán gréasáin atá áisiúil don phobal agus ag cur tacaíochta ar fáil i dtaca leis chun treoir a chur ar fáil d’úsáideoirí deiridh. Chomh maith leis sin, in 2024, rinneadh suirbhé bonnlíne ar thoilíú Fuinnimh In-athnuaite in 2023 ar fud na bpríomhphróiseas Pleanála agus Ceadúnaithe Eangaí d’fhonn léargas bonnlíne a fháil ar na hamchláir cheadúnaithe atá ann faoi láthair. Cuireadh an suirbhé faoi bhráid an RCAC agus ARET. Ina theannta sin, forbraíodh treoir maidir le próisis ábhartha mar fhreagra ar cheanglais RED III, lena chur suas ar láithreán gréasáin an CBS.

6.24 COMHORDÚ STRAITÉISEACH AGUS COMHORDÚ IDIRNÁISIÚNTA

	2024 €’000	2023 €’000
Feidhmiú Oibríochtaí	506	269
Costais Oibríúcháin Eile	58	39
Taighde a Coimisiúnaíodh	258	330
Costais TF	61	20
Costais Taistil	21	1
	904	659

Faoin gclár seo, soláthraítear comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus feidhmiú fuinnimh inbhuanaithe. Ar an gcaoi sin, cuireann SEAI bonn eolais faoi fhorbairt beartais fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn.

6.25 SONRAÍ AGUS LÉARGAS

	2024 €’000	2023 €’000
Taighde a Coimisiúnaíodh	624	599
Feidhmiú Oibríochtaí	299	415
Costais Oibríúcháin Eile	10	41
Costais TF	170	262
Costais Taistil	22	10
	1,125	1,327

Leis an gclár sin, comhlíonann SEAI na feidhmeanna dlíthiúla atá air as staitisticí agus réamh-mheastacháin chuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a choinneáil cothrom le dáta agus a fhoilsiú maidir le táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis an obair faoin mbuiséad seo tacú le RCAC (go príomha) tríd an gChreat Náisiúnta um Shamhaltú Fuinnimh a fhorbairt agus na aschuir uaidh, trí staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe a fhorbairt, trí anailís a dhéanamh ar bheartas iompraíochta agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar chláir, d’fhonn bonn fianaise neamhspleáiche a chur faoi phróisis ceaptha beartas ar an léibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, áirítear leis rannpháirtíocht i raon plé ar bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta d’fhonn tacú leis an lucht déanta beartas sa RCAC.

6.26 FEITHICLÍ LEICTREACHA

	2024 €’000	2023 €’000
Deontais arna nEisiúint	51,944	87,011
Feidhmiú Oibríochtaí	798	814
Costais Oibríúcháin Eile	69	60
Rannpháirteachas leis na Custaiméirí	268	1,062
Forbairt agus Cothabháil TF	152	139
Costais Taistil	17	5
	53,248	89,091

Leis an gclár seo, tacaítear le leas a bhaint as teicneolaíocht na bhfeithiclí leictreacha agus bonneagar luchtaithe i gcóras iompair na hÉireann agus cuirtear cúnamh deontais ar fáil faoi chun feithiclí leictreacha agus luchtairí tí/árasáin a cheannach. Fuarthas cúnamh deontais le haghaidh 12,304 (2023:15,846) feithicil leictreach agus 16,395 (2023:20,461) luchtaire baile faoin gclár sin in 2024.

7. RÁTÁIL FUINNIMH FOIRGNIMH

	2024 €’000	2023 €’000
Feidhmiú Oibríochtaí	1,681	1,362
Forbairt Clár	443	124
Dearbhú Cáilíochta	1,390	1,015
Tacaíocht agus Cothabháil TF	526	259
Forbairt Córas TF	232	343
Costais Taistil	8	16
	4,280	3,119

Tá SEAI ainmnithe mar an tÚdarás Eisiúna le freagracht as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar le haghaidh measúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus an scéim ina hiomláine a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Ba é an t-ioncam ón scéim BER don bhliain ná €5,666,688 (2023: €5,255,249), rud a d’fhág gur barrachas €1,386,417 (2023: €2,136,512) a bhí ann.

8. LEITHREASAÍ

	2024 €’000	2023 €’000
Aisiocaíochtaí Deontais	256	53
Eile	1	1
	257	54

Is éard is leithreasaí ann ná cistí nach ón Státchiste iad a fhaigheann SEAI agus a chaithear a chur ar ais chuig an Roinn óna bhfuarthas iad. Toisc gur mar ioncam a aithnítear cistí dá leithéid, aithnítear dlíteanas comhfhreagrach don Roinn freisin. Áirítear na fáлтаis sin mar Leithreasaí i gCabhair ar an Vóta.

9. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Trealamh agus Bogearraí TF	An Clár Aigéin	Trealamh Oifige	Feistiú Foirgnimh	Mótarfheithiclí	Talamh agus Foirgnimh	Iomlán
	€’000	€’000	€’000	€’000	€’000	€’000	€’000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	1,848	868	498	4,211	59	120	7,604
Diúscairtí	(125)	-	-	-	-	-	(125)
Breiseanna	131	-	8	-	-	-	139
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	1,854	868	506	4,211	59	120	7,618

DÍMHEAS
CARNTHA

Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	(1,685)	(862)	(498)	(2,123)	(59)	-	(5,227)
Diúscairtí	124	-	-	-	-	-	124
Muirear don bhliain reatha	(145)	-	(3)	(417)	-	-	(565)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	(1,706)	(862)	(501)	(2,540)	(59)	-	(5,668)

GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR

Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	148	6	5	1,671	-	120	1,950
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	163	6	-	2,088	-	120	2,377

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. MÉIDEANNA INFHÁLA AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam comhchistiúcháin TFFFI	564	245
Méideanna infhála faoin Treoir maidir le FFF	556	398
Réamhiocaíochtaí	2,707	1,836
Méideanna Infhála Eile	171	41
	3,998	2,520

11. MÉIDEANNA INÍOCTHA AGUS MÉIDEANNA FABHRAITHE

	2024 €'000	2023 €'000
Creidiúnaithe Trádála	874	770
Méideanna Fabhraithe	3,148	2,103
CBL agus CCI	5,171	4,205
CISG	1,475	1,080
ÍMAT/ÁSPC	531	470
Méideanna Iníoctha Eile	414	219
Ioncam Iarchurtha – AE	1,366	1,495
Ioncam Iarchurtha – RCAC	2,797	12,000
	15,776	22,342

12. CUNTAS CAIPITIL

	2023 €'000	2023 €'000
larmhéid tosaigh	2,377	2,731
Aistriú (chuig)/ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:		
Méid arna chaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	139	243
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	(1)	-
Amúchadh ar aon dul le dímhéas sócmhainní	(565)	(597)
	(427)	(354)
larmhéid ag deireadh na bliana	1,950	2,377

13. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

	2024 €'000	2023 €'000
Cuntas Reatha 1	10	133
Cuntas Coigiltis	8,540	8,150
Cuntas na Treorach maidir le FFF	8,257	6,893
	16,807	15,176
Cuntas Reatha 2	4,253	12,689
	21,060	27,865

Is é Cuntas na Treorach maidir le FFF an cuntas bainc ainmnithe don chlár Rátála Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 7).

In 2023, fuair SEAI réamhchistiú €12 mhilliún ó RCAC i ndáil leis an gclár Micreaghiniúna san Earnáil Neamhchónaithe. Coinníodh an t-airgead sin, mar aon le hioncam réamhchaithe eile a bhaineann le réamhíocaíochtaí ar thionscadail AE, i gCuntas Reatha 2. Bhí iarmhéid €2.797m fágtha ar an 31 Nollaig 2024.

14. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Faidhmíonn Údaras Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) scéimeanna aoisliúntais neamhchistithe le sochar sainithe do na baill foirne. Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach a rinneadh ar na dlíteanais i leith bhaill foirne agus iar-bhaill foirne SEAI amhail an 31 Nollaig 2024. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil chun críocha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh 102 (FRS 102).

A. Anailís ar na Costais Sochair Scoir arna gcur de mhuirear an Chuntais Caiteachais

	2024 €'000	2023 €'000
Costais Seirbhíse Reatha	3,106	2,321
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	1,586	1,403
Asbhaintí Aoisliúntais Foirne (Nóta 5.1)	(855)	(709)
Costas Pinsean sa tréimhse	3,837	3,015

B. Anailís ar an ngluaiseacht i nDliteanas le himeacht na bliana

	2024 €'000	2023 €'000
Glandliteanas na scéime amhail an 1 Eanáir	42,599	35,913
Costas seirbhíse reatha	3,106	2,321
Costas úis	1,586	1,403
(Gnóthachan) / caillteanas achtúireach	(1,459)	3,310
Sochair a íocadh i rith na bliana	(406)	(348)
Diuiteanas na Scéime amhail an 31 Eanáir	45,426	42,599

C. Cistiú larchurtha i ndáil le Pinsin

Aithníonn SEAI na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean bunaithe ar na boinn tuisceana a bhfuil tuairisc orthu thíos agus ar roinnt teagmhais roimhe seo. Níl aon fhianaise ag SEAI nach leanfar ag íoc na méideanna sin faoin mbeartas cistiúcháin sin de réir an chleachtais reatha.

Glanchistiú larchurtha i ndáil le Pínsin i leith na Bliana	2024 €'000	2023 €'000
Cistiú in-aigshabhála maidir i leith costais phínsin sa bhliain reatha	4,692	3,724
Deontas ón Stát a cuireadh i bhfeidhm chun pínsin a íoc	(406)	(348)
	4,286	3,376

Ba é €45,426,000 an tsócmhainn chistithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €42,599,000).

D. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéimeanna	2024	2023	2022
Méid (€'000)	(601)	(1,595)	(2,535)
Dlíteanais na scéimeanna mar chéatadán dá luach faoi láthair	1.32%	3.74%	7.06%
Méid iomlán atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (€'000)	1,459	(3,310)	18,287
Dlíteanais na scéimeanna mar chéatadán dá luach faoi láthair	3.21%	7.77%	50.92%

Is é an caillteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach ná €7,150,000 (2023: €8,609,000).

E. Cur síos ginearálta ar na Scéimeanna

Is éard atá i scéim pinsin SEAI ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin 'scéim eiseamláireach' reatha na hearnála poiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC in aicme D, soláthraítear pinsean (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) faoin scéim, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC in aicme A, soláthraítear pinsean (a haon os cionn dhá chéad in aghaidh na bliana seirbhíse) suas le 3 1/3 oiread ráta uasta bliantúil an phinsin ranníocaigh stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) faoin scéim, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an lá ar a slánóidh an ball 65 bliana d'aois an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar bail iad ó roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shlánóidh siad 60 bliain d'aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchar) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ('an Scéim Aonair') an scéim pinsean le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Leis an scéim sin, déantar foráil do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin na gairmré chomh maith le pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta a leith pinsin (agus í ag ardú i gcomhréir le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Nuair a bhíonn an ball 55 bliain d'aois, bíonn an rogha ann dul ar luathscor le pinsean laghdaithe, arna ríomh ar bhonn achtúireach. Méadaítear na pinsin arna n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe ar an 5 Feabhra 2025, agus aird ar cheanglais FRS d'fhonn dlíteanas na scéime amháil an 31 Nollaig 2024 a mheas.

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana i dtaobh cúrsaí airgeadais a úsáideadh ná:

	Amhail an 31/12/24	Amhail an 31/12/23	Amhail an 31/12/22
Ráta lascaíne	3.60%	3.50%	3.70%
Ráta méadaithe ar thuarastail	3.60%	3.70%	3.90%
Ráta méadaithe na bpinsean *	2.30%	2.40%	2.60%
Boilsciú	2.30%	2.40%	2.60%

*Is ionann ráta meadaithe na bpinsean agus 2.30% in aghaidh na bliana. (i.e. comhionann leis an ráta boilsctithe). Ní bheadh feidhm aige seo ach i gcás baill den Scéim Aonair. Maidir le baill a íoctar pinsean leo ar bhonn tuarastal deiridh, glacadh leis go méadódh pinsin ag ráta 3.35% in aghaidh na bliana.

Is iad seo a leanas na Táblaí Básmaireachta a úsáideadh:

Gníomhach agus larchurtha:

Roimh dhul ar scor Fireann: 90% de ILT17, Baineann: 90% de ILT17

Tar éis dul ar scor Fireann: 90% de ILT17, Baineann: 90% de ILT17

Ar bhonn na dtáblaí sin, is é seo a leanas an t-ionchas saoil d'fhir agus do mhná in aois 65:

Pinsin  ir reatha (in 2025) ag 65 bliain d'aois:
Fireann 22.4 bliain, Baineann 24.6 bliain

Pinsinéir amach anseo (in 2045) ag 65 bliain d'aois:
Fireann 24.7 bliain, Baineann 26.5 bliain

15. GEALLTANAIS I dTAOBH DEONTAIS CHAIPITIL

Meastar gurb é €456m (2022: €360m) na híocaíochtaí uasta is dócha a eascróidh amach anseo as gealltanais a rinneadh faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta.

	Geallta Amhail an 1 Ean 2024	Geallta le linn na tréimhse	Dígheallta	Íocaíochtaí	Geallta Amhail an 31 Nol 2024
	€’000	€’000	€’000	€’000	€’000
Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Chónaithe agus Phobail					
Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo	92,421	274,404	-	229,659	137,166
Tithe le Fuinneamh Níos Fearr	29,046	60,071	14,307	48,549	26,261
Grianphainéil Fhótavoltacha	33,786	67,793	2,667	64,196	34,716
Grianphainéil – Leochaileach ó thaobh Leighis de	1,900	1,250	1,377	754	1,019
Iarfheistiú Domhain	319	51	-	192	178
Fuinneamh Pobail	44,139	59,963	5,979	43,758	54,365
An Scéim Náisiúnta Uasghrádaithe Fuinnimh Baile / OSS	19,176	46,926	3,718	32,133	30,251
Pobail – An Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-Athnuaite	335	404	-	384	355
Micreaghiniúint san Earnáil Neamhchónaithe	13,808	17,822	4,318	9,203	18,109
Earnáil an Ghnó agus an Earnáil Phoiblí					
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	27,682	60,624	-	61,698	26,608
EXEED	3,883	5,998	561	1,849	7,471
Clár Tionscail agus Gnó	1,474	4,362	462	3,324	2,050
Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-athnuaite	36,073	12,373	6,853	3,491	38,102
Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Gnó	-	1,115	-	493	622
Fuinneamh In-Athnuaite					
Fuinneamh In-athnuaite – Taighde, Forbairt agus Taispeáint	38,270	23,299	1,944	13,467	46,158
Fuinneamh Amach ón gCósta	1,935	20,015	78	2,992	18,880
Teas Dícharbónaithe	163	380	-	490	53
Iompar					
Feithiclí Leictreacha	15,590	54,820	4,466	52,162	13,782
	360,000	711,670	46,730	568,794	456,146

16. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir Alt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, maidir le nochtadh leasanna i gcás Comhaltaí Boird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. I rith 2024, bhí ceithre chás ann nár ghlac Comhaltaí Boird aonair páirt sna cinntí maidir le deontais agus soláthairtí sonracha de réir Bheartas Coinbhleachta Leasa SEAI. Tá clár ag SEAI ar a gcoinnítear taifead ar chásanna den sórt sin.

17. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Íocann SEAI táillí agus speansais lena Chomhaltaí Boird de réir rialacháin agus ciorcláin a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Chuir SEAI i bhfeidhm cinneadh an Rialtais, a rinneadh i mí an Mhárta 2010, maidir le táillí do chomhaltaí Comhlachtaí Stáit. Tá táillí na gComhaltaí Boird slánaithe go dtí an €’000 is gaire. Íocadh speansais €3,482 leis na Comhaltaí Boird in 2024 (2023: €4,625).

	2024 €’000	2023 €’000
TÁILLÍ AN BHOIRD		
Dermot Byrne	12	12
Peter Brennan	-	3
Sharon O’Connor	8	8
Andrew Ennis	4	8
Ann Markey	8	8
Léan Doody	8	8
Joe O’Carroll	8	8
Justina Corcoran	-	-
William Walsh	-	-
Barry McMullin	8	-
Maria O’Dwyer	-	-
Robert Wasson	8	8
Ciarán Hayes	8	5
Lisa Vaughan	-	-
Iomlán	72	68

18. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN – ÁITREABH

Tá ceannoifig SEAI ag 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2 faoi léas 25 bliain. Tá fo-oifigí ar léas aige i gCorcaigh, i nDún Dealgan agus i Sligeach.

Seo a leanas na híocaíochtaí léasa amach anseo, nach cinn íosta iad, faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí liostaithe:

	2024 €’000	2023 €’000
Léasanna Oibriúcháin		
Laistigh de 1 Bhliain Amháin	2,062	2,058
Idir 2 Bhliain agus 5 Bliana	8,188	8,188
Os cionn 5 Bliana	26,536	28,584
Iomlán	36,786	38,830

Aithnítear íocaíochtaí léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas ar feadh na tréimhse ina mbaineann SEAI leas as an áitreabh.

Luach €2,080,505 (2023: €2,074,237) a bhí i gceist leis na híocaíochtaí ar léasanna oibriúcháin a aithníodh mar chostais in 2024.

19. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athghrúpáil agus a chur i láthair arís ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

20. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D’fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 23 Bealtaine 2025.

